



**Health
Information
and Quality
Authority**

An tÚdarás Um Fhaisnéis
agus Cáilíocht Sláinte

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

*Cúram níos sábháilte,
níos fear*

Brollach ón gCathaoirleach



Brian McEnery
Cathaoirleach

I 2017 bhí HIQA bunaithe le deich mbliana le cúram sábháilte agus d'ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Cé go bhfuil fás mór tagtha ar ár sainchúram le deich mbliana anuas, tá na croí-ghníomhaíochtaí céanna againn i gcónaí; faireachán agus rialú a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, caighdeán a fhorbairt, measúnuithe a dhéanamh ar theicneolaíochtaí sláinte (HTA) agus comhairle a thabhairt maidir le faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt ar fud ár seirbhísí cúraim shláinte. I rith na bliana 2017, bhaineamar leas as taithí deich mbliana HIQA le caighdeán i ngach gné dár gcuid oibre a fhorbairt, comhairle theicniúil a chur ar fáil agus cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí a mheasúnú.

I 2017, rinne ár bhfoirne rialála, atá freagrach as faireachán agus rialáil cháilíocht agus shábháilteacht na seirbhísí, cigireacht ar os cionn 1,500 cás agus labhair siad leis na mílte daoine a úsáideann na seirbhísí seo. Leanamar ar aghaidh ag fáil, agus ag déanamh anailíse agus measúnú riosca ar na seirbhísí seo agus bhaineamar úsáid astu le treoir a thabhairt dár ngníomhaíocht faireacháin.

Le *Plean Corparáideach 2016-2018* tá HIQA mar eagraíocht tiomanta do chlár rialála a sheachadadh a thabharfaidh cosaint do na daoine a bhaineann úsáid as na seirbhísí, agus atá dírithe ar phrionsabail chearta daonna. Chomh maith leis sin, táimid tiomanta do threoir a thabhairt agus do thionchar a imirt ar bheartas ar fud na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. I gcomhthéacs feabhsú a thiomáint agus daoine soghonta a chosaint tiomsaíodh pobalbhreith Red C faoi eispéireas daoine leis na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, agus rinneadh taighde ar shamhlacha nua cúraim agus seirbhísí nach bhfuil á rialáil faoi láthair, leithéidí cúram baile. Tá an obair seo bunaithe ar ár dtiomantas mar bhall den Choiste Náisiúnta Cosanta i leith reachtaíocht chosanta a fhorbairt agus feachtas phoiblí faoin mbaol mí-úsáide atá ann do dhaoine leochaileacha.

Tá HIQA bródúil as a ról ceannaireachta ar an Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar i gcomhpháirtíocht le Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte agus leis an Roinn Sláinte, agus foilsíodh torthaí an chéad suirbhé ar othair chónaitheacha i Mí na Nollag 2017. Tá sé beartaithe an mórthogra náisiúnta seo a chur i gcrích go bliantúil le measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na torthaí, agus úsáidtear na torthaí mar threoir do ghníomhaíocht faireacháin HIQA in ospidéal ghéarchúraim.

Anuraidh d'oibríomar i gcomhar leis an gCoiste Meabhairshláinte le comhthacar caighdeán a fhorbairt. Tá sé d'aidhm ag *na Caighdeáin Náisiúnta um Athbhreithnithe a dhéanamh ar Theagmhais Sábháilteachta Othar* an próiseas athbhreithnithe a chaighdeánú ar fud na seirbhísí géarchúraim agus meabhairshláinte agus a chinntiú go mbeidh na hathbhreithnithe sin duine-lárnach.

Tá an chomhobair seo ag leanúint ar aghaidh leis an dá eagraíocht ag comhoibriú le chéile ar chaighdeán chosanta do dhaoine fásta a fhorbairt. Beidh caighdeán á socrú agus á n-athbhreithniú go leanúnach ag HIQA ar fud na suíomhanna cúraim shláinte agus shóisialta d'fhonn an cleachtas suas chun dáta is fearr a chur chun cinn.


Leanaimid ar aghaidh ag áitiú ar son reachtaíocht láidir faisnéis sláinte chun córas cúraim shláinte iontaofa, éifeachtúil agus sábháilte a chinntiú in Éirinn. Chun na críche seo, rinneamar leasú ar roinnt de na caighdeáin i rith na bliana d'fhonn cabhrú le cáilíocht na sonraí sláinte a fheabhsú i rith na bliana. Rinneadh fairsingiú ar ár gcuid oibre sa réimse seo i 2017 nuair a cuireadh tús le clár athbhreithnithe don bhainistiú faisnéise i mbailiúcháin náisiúnta sonraí.

D'fhoilsíomar comhairle agus moltaí don Aire Sláinte agus d'Fheidhmeannas na Seirbhísí Sláinte a d'eascair as measúnú ar na teicneolaíochtaí sláinte. Cinntíonn ár bhfeidhm HTA go mbíonn an cúram sláinte ceart dírithe ar an othar ceart ag an am ceart san áit cheart, agus go mbíonn na torthaí is fearr d'othair á seachadadh agus an úsáid is éifeachtúla á baint as an mbuiséad cúraim shláinte. I 2017 foilsíodh taighde a rinneamar ar éifeachtúlacht chliniciúil agus chostais uirlisí scor ón tobac, teiripe stróc a sholáthar i seirbhís náisiúnta éigeandála ionsoithíoch, agus tá HTA ar an vacsaíniú HPV a leathnú amach chuig buachaillí le foilsiú i 2018.

Tá aird ag HIQA ar ghuthanna ár bpáirtithe leasmhara, agus déanaimid ár ndícheall a gcuid aiseolais a fháil trí ghrúpaí fócais, grúpaí comhairleacha agus comhairliúcháin phoiblí. D'eagraíomar réimse de sheimineáir phoiblí ar athchóiriú sláinte, faisnéis sláinte agus rialáil i rith na bliana 2017.

Mar chomhlacht poiblí neamhspleách a bhfuil sé de chúram air cúram d'ardcháilíocht sábháilte a spreagadh ar son daoine a úsáideann ár seirbhísí cúraim shláinte agus shóisialta in Éirinn, tá HIQA freagrach as a shainordú a sheachadadh ar bhealach éifeachtúil agus cost-éifeachtúil.

Táim buíoch don fhoireann go léir i HIQA as ucht a gcuid oibre crua agus a dtiomantais i rith 2017 agus gabhaim buíochas le comhaltaí uile an Bhoird as comhairle agus treoir a thabhairt dom.



Brian McEnery
Cathaoirleach

Clár Ábhair

1	Eolas faoin Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte	4
1.1	Réamhrá	4
1.2	Sainchúram agus Gníomhaíochtaí	5
1.3	Ráiteas misin agus luachanna corparáideacha	6
2	Rialachas agus bainistíocht	7
2.1	An Bord	7
2.2	Cruinnithe Boird	9
2.3	Coistí Boird	9
2.4	Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin	10
3	Cuspóirí straitéiseacha / gnóthachtáil	12
3.1	Cuspóirí straitéiseacha	12
3.2	Achoimre ar ghnóthachtáil ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2017	13
4	Tuarascálacha	17
4.1	Rialáil agus Oifig an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta	17
4.2	Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte	30
4.3	Faisnéis agus Caighdeán Sláinte	44
4.4	Oibríochtaí	58
4.5	Cumarsáid agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara	62
4.6	Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh	69
5	Ráitis airgeadais bhliantúla don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017	71
	Faisnéis ghinearálta	72
	Tuarascáil an Chathaoirligh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017	73
	Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	74
	Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	77
	Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	82
	Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017	87
	Aguisín 1: Tuarascáil bhliantúil maidir le nochtuithe cosanta	107

Caibidil 1: Eolas faoin Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

1.1 Réamhrá

Tá an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ina údarás neamhspleách a bunaíodh chun cúram ardchaighdeán agus sábháilte a chur chun tosaigh do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Is é an ról atá ag HIQA caighdeán a fhorbairt, iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus tacú le cinntí feasacha maidir leis an gcaoi a ndéantar seirbhísí a sheachadadh.

Le Tuarascáil Bhliantúil 2017 tá bunú HIQA deich mbliana ó shin le daoine a chosaint agus sábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí sláinte agus sóisialta a fheabhsú, á chomóradh.

Le deich mbliana anuas, lean HIQA le seirbhísí cónaí do dhaoine scothaosta, do leanaí agus do dhaoine faoi mhíchumas a rialáil, le comhairle a chur ar fáil maidir le cinnteoireacht agus le measúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí sláinte nua agus orthu siúd atá ann cheana féin, chun cur i bhfeidhm na faisnéise sláinte a chur chun cinn d'fhonn torthaí d'othair a fheabhsú agus deiseanna forbartha ardchaighdeán agus sábháilteachta a sholáthar, rud a thacaíonn le feabhas a chur ar sheirbhísí.

Tá inniúlacht shuntasach forbartha againn freisin i gcomhairle fhianaise-bhunaithe agus i bhforbairt chaighdeán, chomh maith leis an obair atá déanta leis an gcaoi a ndéantar an tsuim ollmhór faisnéise atá ann faoin gcóras cúraim shláinte agus shóisialta a fhorbairt agus a ghíaráil.

Leanaimid de bheith ag tuairisciú go poiblí maidir le sábháilteacht, cáilíocht agus éifeachtúlacht na seirbhísí cúraim shláinte agus shóisialta. Lena linn sin, cuireann HIQA ar chumas an chórais chúraim shláinte agus shóisialta an riosca díobhála agus mí-úsáide a bhaineann le daoine a úsáideann seirbhísí a laghdú.

Comhlíontar riachtanais an Achta Sláinte 2007 leis an Tuarascáil Bhliantúil seo, agus leagtar amach inti conas ar chuireamar cuspóirí ár *bPlean Corparáideach 2016-2018* chun cinn, chomh maith le cuspóirí ár bPlean Gnó 2017 (Caibidil 3). Tá ár gcuid ráiteas airgeadais ar fáil i gCaibidil 5.

1.2 Sainchúram agus Gníomhaíochtaí

Is mór an fás atá tagtha ar shainchúram HIQA ó bunaíodh é i 2007; ach is iad na croí-ghníomhaíochtaí céanna atá againn i gcónaí.

Go dtí seo síneann ár sainchúram thar réimse sonrach de sheirbhísí poiblí, príobháideacha agus deonacha. Ag tuairisciú don Aire Sláinte agus don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, tá freagracht reachtúil ag HIQA as na nithe seo a leanas:

- **Caighdeán a leagan síos le haghaidh Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta**
Caighdeán dírithe ar an duine a fhorbairt, bunaithe ar fhianaise agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.
- **Rialáil** - Lárionaid ainmnithe a chlárú agus iniúchadh a dhéanamh orthu.
- **Faireachán a dhéanamh ar Sheirbhísí Leanaí** - faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí sóisialta leanaí.
- **Faireachán a dhéanamh ar Shábháilteacht agus Cáilíocht Chúraim Shláinte** - Faireachán a dhéanamh ar shábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí sláinte agus imscrúdú a dhéanamh mar riachtanas ar imní dáiríre faoi shláinte agus leas na ndaoine a bhaineann úsáid as na seirbhísí seo.
- **Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte** - Comhairle a sholáthar a chumasaíonn an toradh is fearr do dhaoine a úsáideann ár seirbhís sláinte agus an úsáid is fearr d'acmhainní trí mheastóireacht a dhéanamh ar an éifeachtúlacht chliniciúil agus ar chost-éifeachtúlacht drugaí, trealamh, teicnící diagnóiseacha agus gníomhaíochtaí cur chun cinn agus cosaint sláinte.
- **Faisnéis Sláinte** - Comhairle a chur ar fáil ar fhaisnéis sláinte a bhailiú go héifeachtúil slán agus a chomhroinnt, caighdeán a shocrú, acmhainní faisnéise a mheas agus faisnéis a fhoilsiú faoi sheachadadh agus feidhmíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.

Ár sainordú dlíthiúil

Tá na feidhmeanna reachtúla a chuireann bonn faoi obair an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte leagtha amach san Acht Sláinte 2007, sna hAchtanna um Chúram Leanaí 1991 (arna leasú), in Acht na Leanaí 2001, san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 agus san Acht um Míchumas 2005.

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo obair HIQA ón 1 Eanáir go 31 Nollaig 2017, cuirtear i láthair í de réir riachtanas reachtúil an Achta Sláinte 2007, agus cuirtear san áireamh ann socruithe HIQA maidir le cloí leis an gCód Rialachais le haghaidh comhlachtaí poiblí a chur chun feidhme agus a chothabháil. Áirítear ann chomh maith Tuarascáil Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta agus an Tuarascáil Bhliantúil Rialála agus Géilliúntais, mar a éilítear san Acht Sláinte 2007.

1.3 Ráiteas misin agus luachanna corparáideacha

Tá HIQA ann chun feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn, chun daoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chosaint agus chun tacú le cinntí feasacha maidir leis an gcaoi ina seachadtar seirbhísí. Tá an misean seo mar threoir agus mar stiúir ar ghníomhaíochtaí uile HIQA. Cuireann luachanna corparáideacha HIQA in iúl cad a chreidimid atá tábhachtach, agus conas a oibrímid, chomh maith leis an sainmheon agus an cur chuige a spreagaimid inár bhfoireann. Tá ár gcúig luach corparáideacha léirithe i bhFigiúr 1.



Figiúr 1
Croíluachanna HIQA

- **Tús áite a thabhairt do dhaoine** – Cuirimid riachtanais agus guthanna na n-úsáideoirí seirbhísí, agus na ndaoine a sholáthraíonn na seirbhísí, i lár ár gcuid oibre go léir.
- **Cothrom agus oibiachtúil** – Déanaimid ár ndícheall a bheith cothrom agus oibiachtúil agus muid ag déileáil le daoine agus le heagraíochtaí. Déanaimid ár gcuid oibre gan eagla gan fabhar.
- **Oscailte agus cuntasach** – Déanaimid faisnéis faoi nádúr agus torthaí ár gcuid oibre a chomhroinnt. Glacaimid lánfhreagracht as ár ngníomhaíochtaí.
- **Sármhaitheas agus nuálaíocht** – Déanaimid ár ndícheall sármhaitheas a bhaint amach inár gcuid oibre. Déanaimid iarracht leanúnach feabhas a bhaint amach trí fhéin-mheastóireacht agus nuálaíocht.
- **Ag obair le chéile** – Bímid i dteagmháil le daoine a chuireann na seirbhísí ar fáil agus leo siúd a úsáideann na seirbhísí maidir le gach gné dár gcuid oibre a fhorbairt.

Caibidil 2:

Rialachas agus bainistíocht

2.1 An Bord

Is é an Bord comhlacht rialaithe HIQA agus bunaíodh é den chéad uair ar 15 Bealtaine 2007. Tá an Bord freagrach as rialachas cuí HIQA, córais éifeachtúla inmheánacha rialaithe a chinntiú, chomh maith le géilliúntas reachtúil agus oibriúcháin agus bainistíocht riosca. Is iad seo gnéithe bunúsacha an rialachais agus an ghéilliúntais éifeachtúil chorparáidigh.

Tá comhaltas an Bhoird comhdhéanta de Chathaoirleach agus 11 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin a ceapadh ag an Aire Sláinte. Aithnítear go bhfuil taithí agus saineolas ar leith ag comhaltaí an Bhoird i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna HIQA, agus tagann siad ó réimse gairmeacha agus tionscal sláinte agus cúraim shóisialta.

Seo a leanas comhaltaí an Bhoird le linn 2017:



Brian McEnery (*Cathaoirleach*)

Comhpháirtí i gCuntasóirí agus Comhairleoirí Gnó BDO. Uachtarán Domhanda ar Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhniú. Comhalta de chuid Chuntasóirí Cairte na hAstráile agus na Nua-Shéailainne. Comhalta de bhord NAMA agus Cathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta NAMA.



An Dr Una Geary

Lia comhairleach i Leigheas Éigeandála in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath. Léachtóir Oinigh cliniciúil i Scoil an Leighis, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



Anne Carrigy

Iar-Cheann Náisiúnta ar Sheirbhísí Ospidéal Ghéarmhíochaine, FSS. Iar-Uachtarán Bhord Altranais agus Cnámseachais na hÉireann.



Bairbre O'Neill

Abhcóide, ag cleachtadh i réimse na dlíthíochta sibhialta, le béim ar leith ar dhlíthíocht tráchtála agus athbhreithniú breithiúnach.



Mary Fennessy

Oibrí sóisialta, a bhí ag obair roimhe seo i seirbhísí sláinte leanaí agus sóisialta sa RA agus in Éirinn. Comhalta boird ar an gCoimisiún um Fhiosrúchán faoi Mhí-Úsáid Leanaí. Cathaoirleach ar Choiste Cuairte Phríosún Mhuinseo. Comhalta coiste Chumann Cógaiseoirí na hÉireann agus chomhlacht rialála na nGairmeoirí Cúraim Shláinte agus Shóisialta, CORU.



Judith Foley

Príomhoifigeach Oideachais Gníomhach, Rannóg Oideachais Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.



An Dr Paula Kilbane

Iar-Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta Thoir i dTuaisceart Éireann agus Stiúrthóir Sláinte Poiblí de Bhord Sláinte Theas Thuaisceart Éireann. Ina stiúrthóir faoi láthair ar roinnt bord sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus carthanachta.



Molly Buckley

Altra sláinte poiblí. Leaschathaoirleach Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta agus stiúrthóir agus cathaoirleach ag roinnt eagraíochtaí agus tionscadal náisiúnta agus idirnáisiúnta um chuimsiú sóisialta.



Martin Sisk

Atur nae. Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird Eatramhaigh ag Oifig um Sholáthar Rialtais. Stiúrthóir Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa. Cathaoirleach Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann. Coimisinéir ar Choimisiún na Scrúduithe Stát.



Stephen O'Flaherty

Cuntasóir cáilithe le Cumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe; bhí sé ag obair le Baincéireacht Ghnó AIB agus é anois ina stiúrthóir le BDO.

D'éirigh na comhaltaí seo a leanas as an mBord i 2017:



An Dr David Molony

Dochtúir Teaghlaigh, agus Lia Ceirde, ball bunaitheora Ionad Cúram Sláinte Príomhúil Mhala (MPHC), oiliúnóir i scéim Ghairmoiliúint Thiar Theas, léachtóir taca sinsearach ag Scoil Leighis GEMS in Ollscoil Luimnigh agus ball de Choiste DT náisiúnta ag Eagraíocht Dochtúirí na hÉireann.



Sheila O'Malley

Iar-Phríomhoifigeach Altranais, An Roinn Sláinte. Iar-Uachtarán Bhord Altranais agus Cnámseachais na hÉireann.

2.2 Cruinnithe Boird

Faoin Acht Sláinte 2007, tá ceanglas ar an mBord cruinnithe a reáchtáil 6 huairé in aghaidh na bliana. Tionóladh 6 chruinniú Boird breise i 2017 le hábhair shuntasacha áirithe a chur chun cinn (féach Caibidil 5 le haghaidh freastal chomhaltaí an Bhoird).

2.3 Coistí Boird

Tá ceithre choiste Boird ann a bhfuil freagrachtaí sonracha orthu as tacú le gníomhaíochtaí an Bhoird maidir le HIQA a rialú (tá breis sonraí i gCaibidil 5):

- Déanann **an Coiste Rialála** maoirseacht ar éifeachtúlacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le seachadadh fheidhmeanna rialála HIQA.
- Tacaíonn **an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais** leis an mBord maidir lena dhualgais i leith saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialála agus le ráthuithe gaolmhara. Tá an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an coiste go háirithe go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais inmheánacha rialaithe lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an coiste chuig an mBord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil. Bhí seacht gcruinniú ag an gcoiste i rith 2017.
- Déanann **an Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta** maoirseacht ar na socruithe rialachais, lena n-áirítear comhlíonadh agus rialuithe, le haghaidh fheidhmeanna na forbartha caighdeán, na faisnéise sláinte agus fheidhmeanna measúnaithe na teicneolaíochta sláinte.
- Déanann **an Coiste Maoirseoireachta Acmhainní** faireachán ar riachtanais acmhainní HIQA lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le straitéis chorparáideach HIQA, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Lena chois sin, déanann sé maoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fheidhmíocht na bainistíochta.

2.4 Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Léiríonn struchtúr eagraíochtúil HIQA ár bhfeidhmeanna agus gníomhaíochtaí lárnacha: Rialachán, Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte agus Faisnéis agus Caighdeán Sláinte in éineacht leis na seirbhísí tacaíochta a chuireann ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha a bhaint amach. Áirítear ina measc Oibríochtaí, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara, agus Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá an eagraíocht faoi stiúir Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin le tacaíocht ó bhainisteoirí sinsearacha eile atá freagrach as feidhmeanna an phríomhghnó.

I Mí na Nollaig 2017 ba iad seo a leanas na daoine a bhí ar Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin HIQA:



Phelim Quinn

Príomhfheidhmeannach



An Dr Máirín Ryan

Stiúrthóir Mheasúnú
Teicneolaíochta Sláinte agus
Leas-Phríomhfheidhmeannach



Mary Dunnion

Stiúrthóir Rialacháin
agus Príomhchigire
Seirbhísí Sóisialta



Rachel Flynn

Stiúrthóir Faisnéise
agus Chaighdeáin
Sláinte



Sean Angland

Príomhoifigeach
Oibriúcháin Gníomhach

Léiríonn an tábla a leanas conas a dhéanaimid ár gcróí-ghnó.

Cuspóir gach Stiúrtóireachta Feidhmí

Rialú

Seirbhísí ainmnithe sláinte agus cúram sóisialta a chlárú, faireachán agus iniúchadh a dhéanamh orthu de réir na riachtanas dlíthiúil. Déanfaimid forbairt leanúnach ar an gcur chuige atá againn maidir le rialú de réir mar a thagann beartas an rialtais chun cinn, i gcomhthéacs na ndúshlán airgeadais agus de réir na bprionsabal náisiúnta agus idirnáisiúnta dea-rialaithe.

Faisnéis agus Caighdeán Sláinte

Caighdeán agus treoir a leagan amach le haghaidh cúraim shláinte agus shóisialta agus faisnéise sláinte, faisnéis a mheasúnú agus moltaí a dhéanamh don Aire Sláinte maidir le heasnamh san fhaisnéis sláinte.

Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte


Cinnteoireacht náisiúnta maidir le húsáid acmhainní inár seirbhísí sláinte a threorú, go sonrach trí mheasúnú (agus tacaíocht don mheasúnú) ar éifeachtúlacht chliniciúil agus chostais na dteicneolaíochtaí sláinte, d'fhonn tacú leis an toradh is fearr don othar.

Caibidil 3:


Cuspóirí straitéiseacha agus gnóthachtaí

3.1 Cuspóirí straitéiseacha

Leagtar amach i bPlean Corparáideach HIQA 2016-2018 an creat agus na cuspóirí a chuireann ar ár gcumas oibleagáidí reatha agus nua a chomhlíonadh. Is léiriú é ar chroí-luachanna HIQA agus tá sé dírithe ar na ceithre croí-thorthaí is mian linn a bhaint amach do dhaoine a úsáideann na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Is iad seo na torthaí atá :



D'fhonn na torthaí seo a bhaint amach, tá cuspóirí sonracha leagtha síos againn, le tosaíochtaí agus réimse ceangaltas i dtaca lenár gcroí-ghníomhaíochtaí.



Creidim go bhfuil na nithe seo a leanas de dhíth orainn lenár gcroí-ghníomhaíochtaí a sheachadadh:



Déantar na cuspóirí, na tosaíochtaí agus na tiomantais seo, a chuirtear in iúl sa Phlean Corparáideach, a sheachadadh trí chuspóirí atá leagtha amach inár bplean bliantúil gnó. Tá achoimre den dul chun cinn atá déanta leis na cuspóirí seo a bhaint amach ar fáil sa chéad roinn eile.

3.2 Achoimre ar ghnóthachtaí ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2017

- Eagraíodh sraith imeachtaí poiblí mar chomóradh deich mbliana bhunú HIQA, lena n-áirítear léacht faoi athchóiriú chúram sláinte agus seimineáir faisnéise náisiúnta sláinte.
- D'fhoilsíomar torthaí phobalbhreith Red C, a léirigh go bhfaca 63% de phobal na hÉireann drochsholáthar sna seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.
- D'fhoilsíomar comhairle don Aire Sláinte maidir le roghanna láithreacha, gearrthéarmacha agus fadtéarmacha cóireála agus iompair d'othair le Tosaíocht 1; is é sin, othair a bhfuil gá acu le hiompar práinneach aeir as Éirinn go tír eile le haghaidh cóireála.
- Bhíomar inár rannpháirtí ceannasach i bhforbairt, i bhfeidhmiú agus in anailís an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar. Ghlac níos mó ná 13,000 duine páirt sa chéad suirbhé, le ráta freagartha os cionn 51%. Úsáidfear na torthaí mar threoir dár gcláir faireacháin agus forbartha caighdeán.



Tony O'Brien, Stiúrthóir Ginearálta FSS; an tAire Sláinte Simon Harris TD; Rachel Flynn, Stiúrthóir Faisnéis Sláinte agus Caighdeán HIQA agus Stiúrthóir an Chláir don Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar; agus ár bPríomhfheidhmeannach Phelim Quinn ag seoladh na dtorthaí ón gcéad Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar i mBaile Átha Cliath.

- D'fhoilsíomar dhá pháipéar taighde maidir leis an gcaoi nach mór do rialú na seirbhísí do dhaoine scothaosta agus do dhaoine le míchumais freagairt don tírdhreach athraithe sláinte agus cúraim shóisialta.
- Rinneamar cigireacht ar 839 ócáid ar ionaid ainmnithe do leanaí agus daoine fásta le míchumais i 2017. Faoi 31 Nollaig 2017, bhí 932 ionad cláraithe.

- Rinneamar cigireacht ar 600 ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta i 2017. Faoi dheireadh na bliana, bhí 579 ionad ainmnithe cláraithe do dhaoine scothaosta in Éirinn.
- Rinneadh cigireacht 57 uaire ar ospidéal phoiblí dianchúraim mar chuid dár gclár faireacháin faoi na *Caighdeáin Náisiúnta um Chosc agus Rialú Imfhabhtuithe a bhaineann le Cúram Sláinte agus faoi na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte níos Fearr agus níos Sábháilte*.
- D'fhoilsíomar *Athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta le hinfheidhmiú na moltaí a d'éascair as athbhreithniú HIQA ar sheirbhísí cúram éigeandála réamhospidéal* i Mí Mhárta 2017.
- Fuaireamar 1,118 píosa faisnéise gan iarraidh maidir le hionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta agus daoine le míchumais agus rinneamar iad a mheas. Fuaireamar chomh maith 360 píosa faisnéise gan iarraidh maidir le seirbhísí cúram sláinte agus 108 píosa maidir le seirbhísí leanaí. Baineadh úsáid as an bhfaisnéis go léir mar threoir dár ngníomhaíocht faireacháin.
- Chuireamar tús le clár athbhreithnithe ar bhailiúcháin sonraí náisiúnta sláinte agus cúram sóisialta lena ngéilliúntas dár gcaighdeáin nua um bhainistiú faisnéise a mheasúnú. Chuireamar treoir ar fáil freisin le tacaíocht a thabhairt do bhailiúcháin sonraí chun na caighdeáin seo a bhaint amach.
- Ar mhaithe le cáilíocht na sonraí sláinte a fheabhsú, rinneamar nuashonrú ar ár *dTreoir Maidir le Caighdeáin Teachtaireachta d'Éirinn, ár gCaighdeán Cleachtais Ginearálta Teachtaireachta agus ár dTreoir do Chaighdeáin Téarmeolaíochta d'Éirinn*.
- Sheolamar *Caighdeáin Náisiúnta um Athbhreithnithe ar Theagmhais Sábháilteachta Othar a Stiúradh* i Mí Dheireadh Fómhair 2017, an chéad tacar caighdeán a forbraíodh i gcomhar leis an gCoimisiún Meabhairshláinte.
- Tháingamar os comhair an Choiste um Thodhchaí an Chúraim Shláinte le plé a dhéanamh faoi athchóiriú cúraim shláinte ar 1 Feabhra 2017.
- Eagraíodh comhairliúcháin phoiblí mar threoir dár gcuid oibre i réimsí éagsúla lena n-áirítear na Caighdeáin Náisiúnta d'Ionaid Chónaitheacha Leanaí, agus forbairt na gcaighdeán idir-inoibritheachta e-Sláinte sa todhchaí.
- Rinneadh 43 cigireacht ar sheirbhísí a soláthraíodh do leanaí; lena n-áirítear 16 cigireacht ar sheirbhísí cúraim altrama, 21 iniúchadh ar ionaid chónaitheacha leanaí agus cigireacht bhliantúil ar gach ionaid chúraim speisialta agus ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.
- Ar iarratas ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, chuireamar tús le himscrúdú reachtúil ar bhainistíocht na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) ar líomhaintí faoi mhí-úsáid ar leanaí in aghaidh daoine fásta bainteacha.



Le feiceáil ag ócáid HIQA 10 i Halla na Cathrach, Baile Átha Cliath a bhí Liam Strahan, Oifigeach Rialála HIQA, Sinead Kane, Phelim Quinn, Príomhfheidhmeannach HIQA, agus Brian McEnery, Cathaoirleach HIQA.

- Mholamar do Chlár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann seicheamh na dtástálacha (smearaidh) ceirbheach a athrú, an t-eatramh idir tástálacha a mhéadú go cúig bliana, scagthástáil bhreise a sholáthar do mhná faoin aois 30 nach bhfuil an vacsaín HPV faighte acu agus scagthástáil a leathnú go haois 65 do mhná nach raibh fáil acu ar CervicalCheck ach ó aois 50.
- Rinneamar leasú ar na *Caighdeáin Náisiúnta um chosc agus um rialú ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte* i seirbhísí dianchúraim sláinte faoi thionchar chosc ionfhabhtuithe suas chun dáta agus an cleachtas rialaithe is fearr d'fhonn tarluithe ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a laghdú.
- Mholamar don Aire Sláinte gur cheart don FSS úsáid vairiniclín (leis féin nó i gcomhar le teiripe athchurtha nicitín) a mhéadú i measc lucht caite tobac a bhfuil taca cógaseolaíochta uathu ina n-iarracht le héirí as tobac. Chomhairlíomar don Aire freisin fanacht ar thorthaí na dtrialacha atá ag dul ar aghaidh fós sula ndéantar e-thoitíní a mholadh.
- Chuireamar ár gcuid oibre i láthair páirtithe leasmhara ag comhdhálacha éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta lena n-áirítear 20ú Comhdháil Bhliantúil Eorpach ISPOR, 2ú Comhdháil na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, agus Comhdháil náisiúnta Chumann Faisnéisíocht Sláinte na hÉireann (HISI).

- D'fhreastalaíomar ar sheisiúin phoiblí an Chomhchoiste Sláinte le cur i láthair a dhéanamh maidir le rialú seirbhísí do dhaoine le míchumais, agus ar an gComhchoiste Leanaí agus Gnóthaí Óige le cur i láthair a dhéanamh maidir le seirbhísí cúraim altramais i Mí na Bealtaine 2017.
- Tháingamar os comhair Choiste na gCuntas Poiblí ar dhá ócáid lenár ráitis airgeadais do 2016, rialachas eagrúcháin agus bainistiú choimhlint leasa a chur i láthair.
- Thugamar nuashonrú don Chomhchoiste Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir lenár ról faireacháin agus iniúchta ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh i Mí na Samhna 2017.
- Mholamar go mbunófaí seirbhís náisiúnta éigeandála le teiripe stróc den chéad ghlúin eile a sholáthar ar dhá shuíomh ospidéal in Éirinn d'othair roghnaithe stróc, mar bhreis ar an gcúram caighdeánach leighis le haghaidh stróc.



Caibidil 4:

Tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí

Taifeadtar sa chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil an obair a rinne ár Stiúrthóireachtaí agus ár bhfoirne i 2017 chun na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach i *bPlean Corparáideach HIQA 2016 – 2018* a chur chun tosaigh.

4.1 Rialáil agus Oifig an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta

Tá an Stiúrthóireacht um Rialáil laistigh de HIQA freagrach as cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí sonraithe sláinte agus cúraim shóisialta ar fud na hÉireann a rialáil. Tá an Stiúrthóireacht comhdhéanta d'Oifig Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta¹, de réir an Achta Sláinte 2007, agus tá athstruchtúrú déanta uirthi de réir ceithre cholún rialála ar leith:

- ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta
- ionaid ainmnithe do dhaoine le míchumais
- cúram sláinte
- seirbhísí do leanaí.

Tacaítear leis na colúin seo ag na foirne um Fhorbairt Chleachtais Rialála agus um Sheirbhísí Gnó.

Déanaimid ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh trínár ngníomhaíocht rialála trína chinntiú go ndéantar cúram a fheabhsú, daoine a chosaint, go gcuirtear daoine ar an eolas, agus go mbíonn tionchar againn ar an gcaoi a ndéantar cinntí beartais agus seirbhíse.

Déanann an Stiúrthóireacht um Rialachán 3 chineál d'iniúchtaí éagsúla:

1. Iniúchtaí clárúcháin chun bonn eolais a chur faoi chinneadh i ndáil le hiarratas le clárú.
2. Iniúchtaí faireacháin chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach rialachán agus caighdeán. Déantar líon ar leith réimsí torthaí a mheas le linn na n-iniúchtaí seo. Cuirtear líon sonrach réimsí torthaí san áireamh le linn na n-iniúchtaí seo.
3. Iniúchtaí téamacha chun díriú ar réimsí ar leith; mar shampla, iniúchtaí téamacha néaltraithe.

¹ Tá an roinn seo den tuarascáil comhdhéanta de thuarascáil Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta agus baineann sé lenár ndualgais i leith ghníomhaireachtaí na hOifige a thuairisciú faoi Alt 37 den Acht Sláinte 2007.


Chomh maith le hiniúchtaí a dhéanamh, faighimid faisnéis ó fhoinsí éagsúla agus déanaimid anailís agus measúnú riosca orthu. Tá faisnéis bhreise i dtaobh cháilíocht, shábháilteacht agus eispéireas na n-áitritheoirí ríthábhachtach i rialú na seirbhísí. Áirítear leis seo fógraí ó sholáthraithe a bhaineann le himeachtaí sonracha atá leagtha amach sna rialacháin. Mar an gcéanna, cuireann cónaitheoirí, úsáideoirí seirbhísí, gaolta, foireann, abhcóidí nó tríú páirtithe a mbíonn teagmháil dhíreach acu le cónaitheoir nó le cónaitheoirí faisnéis faoi bhráid HIQA trínár bhfoireann Chúraimí. Úsáidtear an fhaisnéis go léir chun bonn eolais a chur faoinár measúnú ar chomhlíonadh agus riosca laistigh de sheirbhísí, agus bonn eolais breise a chur faoinár gclár monatóireachta agus iniúchóireachta.

4.1.1 Rialachán ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta

Ar 31 Nollaig 2017, bhí 579 ionad ainmnithe cláraithe do dhaoine scothaosta, le 30,732 leaba chláraithe iontu. Féadfaidh ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta a bheith á oibriú ag:

- soláthraithe príobháideacha
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) (poiblí)
- Comhlachtaí le maoiniú FSS faoi Ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte 2004.²

Léirítear i bhFigiúr 2 líon na n-ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta de réir cineál oibritheora.




Figiúr 2

Líon na n-ionad ainmnithe cláraithe do dhaoine scothaosta (de réir cineál soláthóra) ag 31 Nollaig 2017

² Dearbhaíonn Alt 38 den Acht Sláinte 2004 gur féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) socrú a dhéanamh le duine le seirbhís sláinte nó seirbhís shóisialta phearsanta a sholáthar thar ceann an FSS.

Dearbhaíonn Alt 39 den Acht Sláinte 2004 gur féidir leis an FSS cúnamh a sholáthar d'aon duine nó comhlacht a sholáthraíonn a leithéid de sheirbhís don FSS.


I bhFigiúr 3 tugtar miondealú ar mhéid na n-ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta de réir líon leapacha.



Figiúr 3
Líon na leapacha in ionaid ainmnithe cláraithe do dhaoine scothaosta ag 31 Nollaig 2017


I rith 2017, rinne an fhoireann cigireacht ar 87% de na hionaid ainmnithe go léir do dhaoine scothaosta, le 600 cigireacht i 504 ionad. Rinneadh formhór na n-iniúchtaí (314) mar threoir do chinneadh clárúcháin. Rinneadh an chuid eile le faireachán a dhéanamh ar ghéilliúntas do rialacháin agus caighdeáin náisiúnta (178) nó le feabhsú a thiomáint i gcúram áitritheoirí le néaltrú (108).

Déantar miondealú i bhFigiúr 4 ar líon iomlán na n-iniúchtaí a rinneadh de réir cineál cigireachta.



Figiúr 4
Cineálacha iniúchtaí a rinneadh i 2017


Rinneadh dhá chuairt nó níos lú ar fhormhór na n-ionad ainmnithe (489) i rith 2017. Rinneadh 3 chuairt nó níos mó ar 15 ionad i rith na bliana, áfach. Cuairteanna leantacha ba ea cuid acu seo, le hathmheasúnú a dhéanamh ar réimsí a raibh feabhas de dhíth orthu tar éis iniúchta roimhe sin.



Figiúr 5

Líon cuairteanna iniúchta in aghaidh na n-ionad sin a ndearnadh cigireacht orthu i 2017

Féadfaidh cigirí iniúchtaí a dhéanamh le fógra nó gan fógra ar ionad ainmnithe. Cé go dtuigeann HIQA go dtugann iniúchtaí gan fógra tuairim níos deimhnithe don phobal, úsáidtear iniúchtaí le fógra d'fhonn níos mó rannpháirtíochta ó áitritheoirí agus gaolta sa phróiseas iniúchta a chumasú, trí ligean dóibh a fháil amach cathain a bheidh cigirí i láthair san ionad. Ní féidir é seo a dhéanamh nuair nach mbíonn fógra leis an iniúchadh. Rinneadh timpeall leath (48%) de na hiniúchtaí go léir gan fógra i 2017.




Figiúr 6

Céatadán na n-iniúchtaí le fógra agus gan fógra a rinneadh i 2016

4.1.2 Rialú ionad ainmnithe do dhaoine (fásta agus leanaí) le míchumais

Tá seirbhísí cónaitheacha reatha á soláthar ag 1,109 ionad do dhaoine fásta agus leanaí le míchumais. Cé go soláthraíonn an mhórchuid de na hionaid ainmnithe seo seirbhísí do dhaoine fásta nó seirbhísí do mheascán de dhaoine fásta agus leanaí, tá 69 ionad ann go sonrach do leanaí le míchumas.

Tá ionaid ainmnithe do dhaoine le míchumais á soláthar ag comhlachtaí éagsúla.



Figiúr 7


Líon na n-ionad ainmnithe cláraithe do dhaoine scothaosta (de réir cineáil soláthraí) ag 31 Nollaig 2017³

Ag deireadh 2017, bhí 932 ionad ainmnithe do dhaoine le míchumais cláraithe le HIQA, agus os cionn 7,000 ionad cónaitheacha á soláthar acu. Meastar 177 ionad eile a bheith cláraithe faoi Alt 69 (2) den Acht Sláinte 2007, ach níl an próiseas clárúcháin curtha i gcrích acu fós le HIQA.

I rith 2017, cuireadh 839 iniúchadh i gcrích ar ionaid do dhaoine le míchumais. Rinneadh na hiniúchtaí seo i bhfoirm iniúchtaí faireacháin, nó iniúchtaí mar threoir do chinneadh clárúcháin.


3 Dearbhaíonn Alt 38 den Acht Sláinte 2004 gur féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) socrú a dhéanamh le duine le seirbhís sláinte nó cúram sóisialta pearsanta a sholáthar thar ceann an FSS.

Dearbhaíonn Alt 39 den Acht Sláinte 2004 gur féidir leis an FSS cúnamh a sholáthar d'aon duine nó comhlacht a sholáthraíonn a leithéid de sheirbhís don FSS.




Figiúr 8
Cineálacha iniúchtaí a rinneadh i 2017

Is féidir iniúchtaí a dhéanamh le fógra nó gan fógra agus is féidir leo tarlú ag aon am den lá nó den oíche. As 839 iniúchadh a cuireadh i gcrích, rinneadh 39% le fógra. Ciallaíonn sé seo go raibh an dáta a mbeadh na cigirí ag teacht ar eolas ag an soláthraí. Cuartheanna gan fógra a bhí sa 61% eile.



Figiúr 9
Céatadán na n-iniúchtaí le fógra agus gan fógra a rinneadh i 2016

Bhí dhá chuairt nó níos lú ag teastáil d'fhormhór na n-ionad ar tugadh cuairt orthu i 2017. Bhí 3 chuairt leantach nó níos mó ag teastáil le haghaidh 19 ionad áfach.



Figiúr 10


Líon cuairteanna iniúchta don ionad a ndearnadh cigireacht orthu i 2017

4.1.3 Faisnéis (fógraí rialaitheacha) a iarradh agus nár iarradh a fuarthas maidir le hionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas

Tá faisnéis i dtaobh cháilíocht, shábháilteacht agus eispéireas na gcónaitheoirí ríthábhachtach i rialú na seirbhísí. Faigheann HIQA faisnéis ó réimse foinsí, agus déantar anailís agus measúnú riosca uirthi. Cuireann an fhaisnéis seo HIQA ar an eolas faoin mbaol go dtarlódh teagmhais dhíobhálacha nó teagmhais a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a raibh tionchar nó a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar shláinte, sábháilteacht agus leas na gcónaitheoirí. Déantar an fhaisnéis go léir a fhaigheann HIQA a admháil, a thaifeadadh, a mheasúnú ó thaobh riosca de agus a úsáid chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíocht mhonatóireachta bhreise, lena n-áirítear iniúcháireacht, de réir mar is gá.


Ceanglaítear le Rialacháin 2013 an Achta Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Daoine Scothaosta) agus Rialacháin 2013 Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Tacaíocht do chónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine (Fásta agus Leanaí) le Míchumais) go gcuirfidh soláthraithe agus daoine atá i gceannas na n-ionad ainmnithe ar an eolas muid faoi theagmhais ar leith. Cinntíonn sé seo go dtugtar fógra do HIQA laistigh de chreata sonracha ama faoi theagmhais, imeachtaí nó athruithe laistigh d'ionad. Áirítear leis sin athruithe ar shonraí a bhaineann leis an eolas atá foilsithe ar chlár an HIQA don ionad (fógraí clárúcháin), agus fógraí ar aon dul leis na rialacháin um chúram agus leas (fógraí faireacháin).

Le linn 2017, fuaireamar 27,555 fógra - 9,781 fógra maidir le seirbhísí do dhaoine scothaosta agus 17,774 maidir le seirbhísí do dhaoine le míchumais. Áirítear iontu seo 13,023 fógra faoi réir na rialachán.



Figiúr 11

Cineál na bhfógraí rialacháin a fuarthas le haghaidh seirbhísí do dhaoine scothaosta i 2017




Figiúr 12

Cineál na bhfógraí rialacháin a fuarthas le haghaidh seirbhísí do dhaoine le míchumais i 2017

Faighimid tuairiscí freisin ó bhaill den phobal faoina n-imní i dtaobh seirbhísí. I rith 2017, fuairamar 1,118 píosa faisnéise gan iarraidh maidir le hionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta agus daoine le míchumais. Cuireann baill den phobal faisnéis nár iarradh a raibh imní orthu nó saincheist acu faoi chúram a soláthraíodh do chónaitheoirí. Úsáidtear an fhaisnéis seo chun tacaíocht a thabhairt dár gclár iniúchta.

Baineann na saincheisteanna nó ábhair imní a fhaigheann HIQA le hiontrálacha agus conarthaí, gearáin, naisc leis an bpobal, leas agus forbairt ghinearálta, rialachas agus bainistíocht, sláinte agus sábháilteacht, bainistíocht riosca, cúram sláinte, bainistíocht chógas, cearta cónaitheoirí, áitribh, cosaint agus sábháilteacht, riachtanais chúraim shóisialta agus an fórsa saothair. Déantar aicmiú riosca ar gach mír faisnéise nár iarradh agus tugann HIQA faoin ngníomhaíocht chuí.



Figiúr 13

Faisnéis nár iarradh a fuarthas le haghaidh seirbhísí do dhaoine scothaosta agus le míchumais i 2017


4.1.4 Soláthar chlár ráthaithe do cháilíocht agus sábháilteacht le haghaidh seirbhísí sonraithe cúraim sláinte in Éirinn

Faoin Acht Sláinte 2007, tá HIQA freagrach as caighdeáin a fhorbairt le haghaidh cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí cúraim shláinte agus as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin. Faoin Acht, tá freagracht orainn freisin sábháilteacht, cáilíocht agus caighdeáin na seirbhísí cúraim shláinte a imscrúdú má chreidimid go bhfuil baol suntasach ann do shláinte agus do leas na n-othar.

I 2017, rinne ár bhfoireann Chúraim Shláinte 57 iniúchadh. Áirítear ina measc:

- 23 measúnú faireacháin ar an láthair de réir na *gcaighdeán Náisiúnta maidir le hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus a rialú*. Rinneadh leasú mór ar an gclár seo i 2017, chomh maith le nuashonrú ar na Caighdeáin Náisiúnta a bhaineann leis. Mar chuid den mhodheolaíocht nua seo, dearadh uirlis féinmheasúnaithe, scaipeadh é chuig gach ospidéal géarchúraim agus cuireadh ar ais é chuig HIQA.
- Seacht n-iniúchadh faoi théama chothú agus hiodráití sna *Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte níos Fearr*. Rinneadh iniúchadh ar gach ospidéal cáilithe sa réimse seo idir 2016 agus 2017.

- 27 n-iniúchadh mar chuid den chlár faireacháin do shábháilteacht cógais faoi na *Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte níos Fearr*. Lean an clár faireacháin seo ar aghaidh ón gclár sábháilteachta cógais a tosaíodh i 2016. Chomh maith leis sin, thiomsaigh an fhoireann tuarascáil fhorléargais ar na torthaí foriomlána ón gclár seo a foilsíodh go luath i 2018.



Figiúr 14

Cineál iniúchtaí a rinne an fhoireann Chúraim Shláinte i 2017

Sa bhreis ar na hiniúchtaí thuas, rinneadh na nithe seo a leanas inár gclár faireacháin:

- cuireadh athbhreithniú leantach i gcríoch le dul chun cinn maidir le tabhairt faoi imní sábháilteachta ardriosca a sainaitheandóidh i dtuarascáil roimhe seo ó HIQA maidir le cúram éigeandála réamh-ospidéil. Chinn an t-athbhreithniú cé go bhfuil dul chun cinn déanta i soláthar cúram éigeandála réamh-ospidéil in Éirinn, go bhfuil saincheistanna tromchúiseanna go fóill in eagrú na seirbhísí seo i gceantar Bhaile Átha Cliath. Foilsíodh an t-athbhreithniú i Mí Mhárta 2017.
- Fuair ár bhfoireann Cúraimí 360 píosa faisnéise gan iarraidh ón bpobal i rith na bliana maidir le seirbhísí cúraim shláinte. Úsáideadh an fhaisnéis seo mar thacaíocht bhreise dár gclár faireacháin.

Thugamar faoi thionscadal tábhachtach freisin le hullmhú chun glacadh le feidhm nua mar údarás inniúil i réimse an nochtaithe do radaíocht ianúcháin. Comhlíonann an ról seo riachtanais an Choimisiúin Eorpaigh (CE) tar éis do Threoir CE a bheith aistrithe go dlí na hÉireann, agus tugann sé cumhachtaí rialacháin agus forfheidhmithe do HIQA san earnáil sláinte den chéad uair. Chomh maith leis sin, beidh dualgas ar HIQA cosaint radaíochta othar a rialáil i soláthraithe cúraim shláinte le maoiniú poiblí nó príobháideach den chéad uair. Beidh tionchar ag an reachtaíocht seo ar os cionn 1,100 soláthraí cúraim shláinte, agus beidh méadú mór ar líon na n-eagraíochtaí a mbeidh ar an bhfoireann Chúraim Shláinte idirghabháil a dhéanamh leo dá bharr i 2018, chomh maith leis an 49 ospidéal poiblí atá clúdaithe cheana féin ag ról faireacháin HIQA.


4.1.5 Clár dearbhaithe agus rialála do cháilíocht agus do shábháilteacht seirbhísí sonraithe chúraim shóisialta leanaí in Éirinn a sholáthar

Déanann ár bhfoireann náisiúnta Leanaí faireachán agus iniúchadh ar réimse seirbhísí a sholáthraítear do leanaí ag soláthraithe reachtúla agus neamh-reachtúla. Áirítear i measc na seirbhísí seo:

- seirbhísí cónaitheacha leanaí (reachtúil)
- seirbhísí cúram altramais (reachtúil agus príobháideach)
- aonaid chúraim speisialta
- Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh
- seirbhísí cosanta agus leasa leanaí.

Tá a creat reachtúil féin ag gach seirbhís a thugann an t-údarás do HIQA faireacháin agus iniúchadh a dhéanamh ar an tseirbhís, ag úsáid caighdeán nó rialachán atá leagtha amach de réir a bhfuiltear ag súil leis ón tseirbhís. Áiríodh mar chuid den ghníomhaíocht rialaithe a rinne foireann na Leanaí i 2017:

- Iniúchadh ar 21 ionad reachtúil seirbhísí do leanaí. Áirítear 18 iniúchadh iomlán anseo, agus 3 iniúchadh leantach.
- Rinneadh 15 iniúchadh téamach i seirbhísí reachtúla cúraim altramais, bhí ceann acu ina iniúchadh leantach le dul chun cinn a bhí déanta ó rinneadh iniúchadh níos luaithe i 2017. In iniúchtaí téamacha ar na seirbhísí reachtúla cúraim altramais rinneadh iniúchadh ar earcaíocht, measúnú, faomhadh, agus maoirseoireacht agus rinneadh athbhreithniú ar na socruithe atá ann do chúramóirí altramais.
- iniúchadh amháin i ngach réimse den tseirbhís phríobháideach chúraim altramais.
- iniúchtaí bliantúla ar gach ceann de 3 aonad cúraim speisialta.
- iniúchadh bliantúil amháin ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.
- dhá iniúchadh théamacha chosaint agus leasa leanaí, dírithe ar mheasúnú na socruithe atá leagtha síos le haghaidh bainistíocht chosaint leanaí agus atreoruithe leasa d'fhonn measúnú tosaigh a chríochnú.
- 108 píosa faisnéise gan iarraidh faighte agus measúnaithe, ó lucht foirne, ó leanaí a úsáideann na seirbhísí, a dteaghlai, agus ó bhaill den phobal. Úsáidtear gach faisnéis a fhaightear mar threoir dár gclár faireacháin.
- 28 fógraí faighte ó Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Ní mór do Tusla HIQA a chur ar an eolas faoi bhásanna agus tarluithe tromchúiseacha a bhaineann le leanaí faoi chúram agus le leanaí a bhfuil aithne ag an tseirbhís chosanta agus leasa leanaí orthu. Úsáidtear gach faisnéis a fhaightear mar threoir dár gclár faireacháin.



Figiúr 15
Iniúchtaí a rinneadh ar sheirbhísí leanaí i 2017

De bhreis ar na hiniúchtaí thuas, rinneadh iad seo a leanas inár gclár rialála:

- I Mí Feabhra 2017, d'iarr an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar HIQA imscrúdú reachtúil a dhéanamh, faoi Alt 9 den Acht Sláinte 2007, ar bhainistiú Tusla líomhaintí mí-úsáide gnéis i gcoinne daoine fásta bainteacha. Lean an t-imscrúdú seo ar aghaidh ar feadh na bliana agus foilseofar tuarascáil faoin imscrúdú i 2018.
- Leanamar ar aghaidh ag obair leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige le haonaid chúraim speisialta a chlárú agus a rialáil mar ionaid ainmnithe. I Mí na Samhna 2017, thug Tusla le fios do HIQA gur osclaíodh ionad nua cúraim speisialta, rud a thug líon iomlán na n-aonad ó 3 aonad go 4 aonad. Tar éis tosú na reachtaíochta ábhartha ar an 1 Eanáir 2018, tá aonaid ainmnithe déanta de gach cearn den cheithre aonad agus beidh siad faoi réir ag clárú laistigh de 12 mí.
- Leanamar ar aghaidh ag obair leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige leis an bhfeidhm chlárúcháin agus iniúchta a aistriú ó Tusla go HIQA le haghaidh ionaid neamhreachtúla chónaithe leanaí.

4.1.6 Forbairt Chleachtais Rialála agus Seirbhísí Gnó

Faigheann an ghníomhaíocht iniúchóireachta a dhéanann an Stiúrthóireacht Rialacháin tacú ó dhá fhoireann, mar atá na foirne um Fhorbairt Chleachtais Rialála agus um Sheirbhísí Gnó.

Is í obair an Aonaid um Fhorbairt Chleachtais Rialála forbairt an chleachtais rialála agus na gcur chuige modheolaíochta a chomhordú laistigh den Stiúrthóireacht Rialacháin. Éascaíonn sé oiliúint bhainteach, forbairt ghairmiúil, agus meantóireacht chun tacú le cleachtas rialála muiníneach agus inniúil a sheachadadh.

Soláthraíonn an fhoireann um Sheirbhísí Gnó tacaíocht oibriúcháin agus riaracháin don Stiúrthóireacht trí mhodheolaíochtaí feabhsú próiseas agus bainistiú tionscadal a chur i bhfeidhm.

Le linn 2017, lean na foirne um Fhorbairt Chleachtais Rialála agus um Sheirbhísí Gnó le tionscadal chun na próisis agus na nósanna imeachta a úsáideann na foirne iniúchóireachta ina gcuid oibre rialála a athbhreithniú agus a fheabhsú.

I rith 2017, bhí na nithe seo a leanas mar chuid den tionscadal seo:

- clár oiliúna inmheánach a fhorbairt agus a sheachadadh ina gclúdaítear gach gné de chur chuige faireacháin HIQA.
- ár gcóras faisnéise a fhorbairt, lena n-áirítear feidhmiúlacht Thairseach na Soláthraithe a fhairsingiú.
- rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear ocht seisiún faisnéise do 2,000 soláthraí agus daoine atá i bhfeighil ionaid ainmnithe ar fud na tíre, i rith Samhain agus Nollaig 2017.

4.2 Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte

4.2.1 Cúlra

Faoi Acht Sláinte 2007, tá ról reachtúil ag HIQA maidir le héifeachtúlacht chliniciúil agus costais na dteicneolaíochtaí sláinte a mheasúnú agus comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) dá réir. Chuige sin, déanann an Stiúrthóireacht um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (HTA) raon oibre chun tacú le cinnteoireacht chúraim shláinte agus chun bonn eolais a chur fúithi, agus chun beartais sláinte náisiúnta atá sábháilte agus éifeachtach a éascú mar aon le cinntí seirbhíse sláinte atá dírithe ar an othar agus a thugann an luach is fearr maidir leis na hacmhainní atá ar fáil.

Tá sraith measúnuithe ar theicneolaíochtaí nua agus reatha sláinte forbartha ag foireann HTA mar threoir don bheartas sláinte agus do chinntí seirbhíse. D'fhorbraíomar treoirínte náisiúnta a chuireann bonn eolais faoi sholáthar measúnuithe tráthúla, comhsheasmhacha agus iontaofa atá ábhartha do riachtanais na ndaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Tá ról lárnach againn freisin i bhforbairt acmhainne in HTA trínár gcuid oibre leis an gCoiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC), agus trí rannpháirtíocht i réimse gníomhaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

4.2.2 Gníomhaíocht HTA i 2017

Idirghabhálacha HTA i ndáil le scor ón tobac


D'fhoilsigh HIQA HTA d'idirghabhálacha i ndáil le scor ón tobac in Éirinn ar 10 Aibreán 2017. D'iarr Comhairleoir Náisiúnta um Rialú Tobac sa Roinn Sláinte, mar threoir do chinntí maidir leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as idirghabhálacha le scor ón tobac, agus le treoirínte náisiúnta cliniciúla a fhorbairt i leith scor ón tobac in Éirinn.

Rinneadh anailís san HTA seo ar eipidéimeolaíocht chaitheamh tobac agus scor ón tobac in Éirinn, agus ar éifeachtúlacht chliniciúil na gcineálacha éagsúla áiseanna atá ar fáil do dhaoine fásta le scor ón tobac, lena n-áirítear mná torracha agus daoine le meabhairghalair thromchúiseacha. Scrúdaíodh chomh maith éifeachtúlacht costais na seirbhísí scoir ón tobac, tionchar eagrúcháin na n-athruithe ionchasacha a chabhródh le forleithne chaitheamh tobac a laghdú, agus na himpleachtaí eiticiúla agus dlíthiúla.

Ba í seo an chéad uair a rinneadh iniúchadh ar chostas-éifeachtúlacht na dtoitíní leictreonacha, a bhfuil an-tóir orthu le cúig bliana anuas, mar chúnamh le scor ón tobac, cé nach bhfuil aon fhianaise dhea-fhorbartha ann a thacódh lena n-úsáid mar chúnamh scoir.

Eagraíodh comhairliúchán poiblí i Mí Eanáir 2017 sular cuireadh críoch leis an tuarascáil. Fuair HIQA 48 n-aighneacht; 13 ó chomhfhreagraithe aonair agus 35 thar ceann eagraíochtaí. Rinneadh athbhreithniú mion orthu agus foilsíodh *Tuarascáil ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí ar dhréacht an Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (HTA) ar idirghabhálacha i ndáil le scor ón tobac* ar shuíomh gréasáin HIQA.

Mhol HIQA don Aire Sláinte gur cheart don FSS iarracht a dhéanamh glacadh varainiclín a mhéadú, leis féin nó i gcomhar le NRT (paistí nicitín), i measc daoine a chaitheann tobac agus ar mian leo tacaíocht chógaíochta a úsáid ina n-iarrachtaí scoir. Chomhairligh HIQA don Aire freisin fanacht ar thorthaí na dtrialacha atá ag dul ar aghaidh fós sula ndéantar toitíní leictreonacha a mholadh. Is ceart do chinneadh maidir le húsáid toitíní leictreonacha a spreagadh aon fhaisnéis bhreise faoi shábháilteacht fhadtéarmach toitíní leictreonacha a chur san áireamh, chomh maith le haon sonraí atá ag teacht chun solais maidir le himní faoi normálú sóisialta na dtoitíní leictreonacha, rud a d'fhéadfadh a n-úsáid a spreagadh i measc daoine nár chaith riamh, nó aistriú go toitíní tobac níos déanaí. Cuireadh graifíc faisnéise ar fáil le príomhthorthaí na tuarascála freisin.



HTA ar thástáil HPV mar mhodh príomhscagthástála le hailse cheirbheacs a chosc.

Rinneadh an HTA seo tar éis iarratas a fháil ó CervicalCheck - Clár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann, cuid de Roinn Sláinte agus Folláine Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Foilsíodh an HTA, a rinne iniúchadh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus chostais maidir le hathrú ón mbeartas reatha, príomhthástáil le citeolaíocht leachtbhunaithe go príomhthástáil le papalómavíris dhaonna (HPV), ar 29 Bealtaine 2017.

Is í aidhm an chlár scagthástála ceirbheacs minicíocht, galracht agus básmhairecht ón ailse cheirbheacs a laghdú. Is í an ailse cheirbheacs an 8ú ailse is mó diagnóis (gan ailse craicinn neamh-mheileanóma a chur san áireamh) i measc na mban in Éirinn.

Tá ionfhabhtú le HPV ina réamhriachtanas riachtanach maidir le forbairt ailse cheirbheacs. In Éirinn faoi láthair, déantar ailse cheirbheacs a chosc go príomha trí vacsaíniú HPV, agus déantar cosc tánaisteach le scagthástáil cheirbheacs.

Scrúdaíodh éifeachtúlacht chliniciúil, sábháilteacht, éifeachtúlacht chostais agus tionchar buiséid na straitéisí éagsúla scagthástála sa HTA, chomh maith le himpleachtaí eagrúcháin, sochaíocha agus eiticiúla aon athruithe a dhéanfaí ar an gclár scagthástála. Rinne an HTA measúnú ar phríomhthástáil HPV agus cúig straitéis triáise ina dhiaidh sin. Lena chois sin, rinneadh measúnú ar an athrú ar eatramh scagthástála cúig bliana, agus an aois scagthástála á síneadh go dtí 65, ar an éifeachtúlacht straitéisí de réir aoise. San iomlán, rinneadh meastóireacht ar 32 straitéis i gcomhthéacs na mban vacsaínithe agus neamhvacsaínithe in aghaidh HPV araon.

Forbraíodh samhail eacnamaíoch a bhaineann go sonrach leis an suíomh Éireannach, agus cruthaíodh samhail socraithe anailíse cinntí chun na costais agus na sochair a bhaineann leis na straitéisí seo a chur i gcomparáid le chéile.

Ba í comhairle an HTA don Aire Sláinte agus CervicalCheck:

- gur cheart seiceamh na scagthástálacha a athrú go príomhthástáil HPV le tástáil leantach citeolaíochta leacht-bhunaithe,
- gur cheart scagthástáil a dhéanamh ar gach bean cháilithe idir 25 agus 60 bliain d'aois gach cúig bliana, lena n-áirítear iad siúd a fuair vacsaíniú i gcoinne HPV 16 agus HPV 18,
- ach d'fhéadfaí príomhthástáil HPV gach 3 bliana a sholáthar do mhná faoi 30 bliain d'aois nach bhfuil vacsaín i gcoinne HPV faighte acu, mar go bhfuil ionfhabhtú HPV níos coitianta san aoisghrúpa seo,
- d'fhéadfaí scagthástáil a leathnú go haois 65 do mhná nach raibh fáil acu ar CervicalCheck ach ó aois 50. Mar go bhfuil glacadh níos ísle ag mná níos sine le scagthástáil, is ceart go dtarlódh sé seo taobh le feachtas spriocdhírthe le glacadh scagthástála i measc na mban os cionn 60 a uasmhéadú.

Fuair an HTA amach má áthraítear go príomhthástáil HPV agus tástáil triáise citeolaíochta leacht-bhunaithe ag eatraimh chúig bliana ó aois 25 go 60 go mbeadh glansábháil suas le €3 mhilliún ann don chohórt ban vacsaínithe in aghaidh HPV 16 agus HPV 18, €32 milliún don chohórt neamhvacsaínithe, agus suas le €35 milliún don daonra iomlán CervicalCheck thar thréimhse ocht mbliana ó 2018 go 2025. Tá an tuarascáil maille le hachóimre i mBéarla soiléir ar fáil ag www.hiqa.ie.


HTA teiripe ionsoithíoch ag úsáid gairis mheicniúla thromb-eachtóime le haghaidh stróc géar iscémach

Ar iarratas ó Chlár Stróc Náisiúnta Cliniciúil FSS, rinne HIQA HTA ar sheirbhís náisiúnta éigeandála ionsoithíoch a sholáthraíonn tromb-eachtóime meicniúil mar chóireáil ar stróc géar iscémach in Éirinn.

Scrúdaigh an HTA an éifeachtúlacht chliniciúil, éifeachtúlacht chostais, tionchar buiséid, saincheisteanna eagrúcháin, agus saincheisteanna eiticiúla agus sóisialta a bhainfeadh le tromb-eachtóime meicniúil a chur leis an gcúram caighdeánach reatha d'othair cháilithe. Foilsíodh an HTA i Mí Feabhra 2017, agus beidh sé mar bhonn do chinnntí beartais faoi fheabhsuithe ionchasacha ar na seirbhísí stróc géar.

Bunaithe ar mheitea-anailís ar 6 thriail randamach rialaithe, chinn an HTA gur mó an seans go mbeadh ábaltacht fheidhmeach ag othair roghnaithe tar éis tromb-eachtóime meicniúil, ag úsáid gaireas dara glúine (aimseadóir steintín) mar bhreis ar an gcaighdeán cúraim reatha. Léiríonn an fhianaise go dtagann feabhas suntasach ar ghalracht agus ar fheidhm le tromb-eachtóime meicniúil agus go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith aige ar cháilíocht sláinte na beatha.

Mhol HIQA go mbunófaí seirbhís náisiúnta éigeandála le teiripe stróc den chéad ghlúin eile a sholáthar ar dhá shuíomh ospidéal in Éirinn d'othair roghnaithe stróc, mar bhreis ar an gcúram caighdeánach leighis le haghaidh stróc. Cóireáil bhreise a bheadh anseo mar bhreis ar an gcúram caighdeánach leighis le haghaidh stróc géar. Luadh áfach go mbeadh impleachtaí suntasacha eagrúcháin agus acmhainní ann don tSeirbhís Náisiúnta Otharcharr ó thaobh aistriú agus aistíriú pras a dhéanamh ar othair gan cur isteach ar sholáthar seirbhísí otharcharr d'othair eile. Luadh freisin dá mbunófaí seirbhís náisiúnta, go mbeadh sé riachtanach príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt agus bearta a bhunú le hiniúchadh agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar shábháilteacht.



HTA: measúnú ar roghanna cóireála agus iompair d'othair aistriúcháin le Tosaíocht 1

I mí na Samhna 2017, chuir HIQA comhairle ar an Aire Sláinte agus ar FSS faoi na roghanna malartacha cóireála agus iompair atá ann d'othair aistriú Tosaíocht 1. Le haistriú Tosaíocht 1 déantar othair a aistriú as Éirinn go tír eile laistigh de ocht n-uair an chloig nuair a bhíonn cóireáil éigeandála leighis nó máinliachta de dhíth ar an othar, a mbeadh beatha nó sláinte an othair go mór i mbaol dá uireasa. Is leanaí iad an chuid is mó de na hothair seo, a bhfuil aistriú práinneach chuig an RA ag teastáil uathu le haghaidh máinliacht aistriú croí nó ae.

Idir 2012 agus Samhain 2016, ba iad an tAerchór nó an Garda Cóstá a rinne gach aistriú Tosaíocht 1, seachas ceann amháin. Mar gheall ar shrianta foirne leis an Aerchór agus riachtanais rialála Gharda Cóstá na hÉireann, ní raibh na seirbhísí seo ar fáil níos mó le haistrithe Tosaíocht 1 a sholáthar idir na huaireanta 7 in agus 7.30 rn ó 6 Samhain 2017 ar aghaidh.

D'iarr an Roinn Sláinte measúnú mear teicneolaíochta sláinte leis na roghanna cóireála agus iompair d'othair aistrithe Tosaíochta 1 a mheasúnú. Thug HIQA comhairle maidir le roghanna láithreacha, gearrthéarmacha agus fadtéarmacha le haghaidh othar aistrithe Tosaíochta 1.

- Sa mheántearma is é an rogha optamach ná soláthraí príobháideach a fhostú le seirbhís thiomnaithe oíche a sheachadadh.
- Sa ghearrthearma (laistigh de na 6 mhí seo chugainn), is é an rogha optamach idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le hathruithe ar chonradh reatha an Gharda Cóstá le huainchláir 12-uair a cheadú i mbunáit amháin nó níos mó, ionas go mbeidh siad ábalta aistrithe oíche Tosaíochta 1 a dhéanamh. Moladh gur cheart comparáid a dhéanamh idir costas an rogha seo agus an costas a bhainfeadh le húsáid leanúnach a bhaint as soláthraí tráchtála nó criú tiomnaithe de Gharda Cóstá na hÉireann a bheith ar fuireachas ag bunáit Bhaile Átha Cliath.
- Aithníodh gurb iad na roghanna a sholáthraíonn Garda Cóstá na hÉireann nó an tAerchór na roghanna fadtéarmacha is fearr. D'aibhsigh an HTA go bhféadfadh dearadh seirbhís fhadtéarmach chomhtháite d'Éirinn acmhainneacht a sholáthar trí rochtain ar mhórán eitleán agus aer-chriúna ó sholáthraí amháin nó níos mó a ghíaráil, agus go gcuirfeadh sé réiteach níos comhtháite agus níos éifeachtúla ar fáil do riachtanais aerleighis na tíre. Cur chuige níos inbhuanaithe a bheadh anseo a cheadódh úsáid níos éifeachtúla ar acmhainní ná mar is féidir a bhaint amach le seirbhís nach bhfuil deartha ach le haghaidh aistrithe Tosaíochta 1 amháin.

Chríochnaigh an HTA le comhairle gur cheart do roghnú na roghanna le haghaidh iompar agus cóireáil othar aistriú Tosaíochta 1 a bheith treoraithe trí inacmhainneacht, tionchar ar sheirbhísí stáit eile, agus go háirithe an riachtanas atá ann seachadadh chúram sábháilte, éifeachtúil otharlárnaithe a uasmhéadú.

Vacsáiniú HPV do bhuachaillí

Ar iarratas ón Roinn Sláinte, tá measúnú teicneolaíochta sláinte (HTA) ar bun ag HIQA faoi láthair maidir leis an sceideal imdhíonaithe náisiúnta a leathnú amach le vacsaíniú paphalómaivíreas (HPV) do bhuachaillí a chur san áireamh. Is víreas é HPV a spreagann ailse cheirbheacs i mná, chomh maith le hailse anasach, ghiniteach agus bhéalfharaingeach i bhfir agus i mná araon. Tá baint ag HPV le forbairt ailse phéineasach i bhfir freisin, agus faithní ginitíúla i mná agus fir araon. Faoi láthair tá clár imdhíonaithe le maoiniú náisiúnta, bunaithe ar scoileanna ag Éirinn do chailíní amháin, clár a thosaigh i 2010.

Cuireadh tús leis an HTA i 2017 le hathbhreithnithe córasacha ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht chliniciúil agus costais. Chomh maith leis sin, déanfar athbhreithniú ar shábháilteacht, measúnú eacnamaíoch, agus athbhreithniú ar shaincheisteanna eiticiúla, sóisialta agus eagrúcháin maidir leis an gclár vacsaínithe a leathnú amach go buachaillí. Tá an HTA le críochnú agus le foilsiú i 2018.

4.2.3 Taighde a foilsíodh i 2017

Foilsíodh taighde de chuid Stiúrthóireacht HTA HIQA i bhfoilseacháin éagsúla idirnáisiúnta i 2017. Bhí an fhoireann i bpáirt le páirtithe leasmhara chomh maith agus cuireadh ár gcuid saothair i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta trí chur i láthair agus póstaear.

Foilseacháin in irisí idirnáisiúnta

Teljeur C, Moran P, Harrington P, Butler K, Corcoran B, O'Donnell J, Usher C, O'Flanagan D, Connolly K, Ryan M. *Economic evaluation of selective neonatal BCG vaccination of high-risk infants in Ireland*. Pediatric Infectious Disease Journal (in press)

Murphy L, Harrington P, Taylor SJ, Teljeur C, Smith SM, Pinnock H, Ryan M. *Clinical-Effectiveness of Self-Management Interventions in Chronic Obstructive Pulmonary Disease - An Overview of Reviews*. Chronic Respiratory Disease. 2017; 14(3):276-288.

Ryan M, Moran P, Harrington P, Murphy L, O'Neill M, Whelan M, Teljeur C. *The contribution of stakeholder engagement to the impact of a HTA: an Irish case study*. International Journal of Technology Assessment in Health Care. 2017; 33(4):1-6.

Teljeur C, Moran P, Walshe S, Smith SM, Cianci F, Murphy L, Harrington P, Ryan M. *Economic evaluation of chronic disease self-management for people with diabetes: a systematic review*. Diabetic Medicine. 2017; 34(8):1040-1049

Teljeur C, Moran P, Harrington P, Ryan M. *HIQA's HTA of breast screening: highlighting some of the challenges posed by evaluations of screening programmes*. Value in Health. 2017; 20:1000-1002

Cuir i Láthair

Teljeur C, Harrington P, Ryan M. *Do we know enough yet? A cumulative cost-effectiveness analysis of mechanical thrombectomy*. Comhdháil Bhliantúil Eorpach ISPOR 2017, Glaschú.

Teljeur C, Harrington P, Ryan M. *HTA methodology at HIQA*. IQWiG im Dialogue 2017. Cologne.

Murphy L, O'Neill M, Harrington P, Teljeur C, Ryan M. *Cost of care for cervical cancer treatment in Ireland: a health care payer perspective*. Comhdháil Bhliantúil líonra SPHeRE 2017, Baile Átha Cliath.

Moran P, Teljeur C, O'Murchu E, Cullinane F, O'Brien K, Murphy L, Harrington P, Ryan M. *Cost-Effectiveness Of E-Cigarettes For Smoking Cessation*. Measúnú Teicneolaíocht Sláinte, Cruinniú Bliantúil Idirnáisiúnta (HTAi), An Róimh 2017.

Teljeur C, Glynn R, Harrington P, Harbison J, Williams D, Ryan M. *Cost-Effectiveness Of Mechanical Thrombectomy For Endovascular Therapy*. Measúnú Teicneolaíocht Sláinte, Cruinniú Bliantúil Idirnáisiúnta (HTAi), An Róimh 2017.

Teljeur C, Glynn R, Harrington P, Harbison J, Williams D, Ryan M. *Cost-effectiveness of endovascular therapy using mechanical thrombectomy devices for acute ischaemic stroke*. 3ú Chomhdháil Eagraíocht Stróc na hEorpa 2017, Prág.

O'Neill M, Murphy M, Harrington P, Scroczynski G, Ryan M. *Cost-Effectiveness of Human Papillomavirus-based Primary Cervical Screening In Ireland*. Measúnú Teicneolaíocht Sláinte, Cruinniú Bliantúil Idirnáisiúnta (HTAi), An Róimh 2017.



Príomh-Eolaí HIQA, an Dr Conor Teljeur, le linn cuir i láthair ag an 20ú Comhdháil Bhliantúil Eorpach ISPOR, Glaschú i Mí na Samhna 2017.

Póstaeir chomhdhála

Carty P, O'Neill M, Harrington P, Smith S, Ryan M. *NICE Contextualisation of clinical practice guidelines: the what and how of contextualising economic evidence for guideline development in Ireland*. Oifig Náisiúnta um Shábháilteachta Othar, 2ú Chomhdháil Bhliantúil, Baile Átha Cliath 2017.

Carty P, O'Neill M, Harrington P, Smith S, Ryan M. *NICE Contextualisation versus ADAPTE: an overview of adaptation processes of clinical practice guidelines*. Oifig Náisiúnta um Shábháilteachta Othar, 2ú Comhdháil Bhliantúil, Baile Átha Cliath 2017.

O'Murchu E, Cullinane F, Moran P, Harrington P, Ryan M. *Clinical effectiveness of smoking cessation therapy during pregnancy*. Comhdháil Bhliantúil Eorpach ISPOR 2017, Glaschú.

Teljeur C, Harrington P, O'Neill M, Moran P, Ryan M. *Cost-effectiveness analysis of interventions that have not shown clinical effectiveness*. Comhdháil Bhliantúil Eorpach ISPOR 2017, Glaschú.

O'Murchu E, Moran P, Murphy L, Harrington P, Ryan M, Teljeur C. *Clinical and cost-effectiveness of smoking cessation interventions in Ireland*. Comhdháil Bhliantúil líonra SPHeRE 2017, Baile Átha Cliath.

4.2.4 Achoimre ar ghníomhaíochtaí eile le linn 2017

Tionchar thuarascáil HTA (2017)

Tá sé mar chuspóir ag HTA a bheith mar threoir do bheartais shábháilte éifeachtúla sláinte atá dírithe ar an othar agus a bhaineann an luach is fearr amach. Mar gheall ar na hacmhainní a bhíonn ag teastáil chun HTA a chur i gcrích, go háirithe ó thaobh foirne, is ceart tionchar HTA agus a chion sa chinnteoireacht a mheas chomh maith leis na hacmhainní a úsáidtear lena sheachadadh.

Bunaithe ar mheasúnú píolótach HTAnna i 2015 agus measúnú iomlán ina dhiaidh sin i 2016, rinneamar measúnú ar thionchar na 3 HTAnna a d'fhoilsigh HIQA i 2017: tromb-eachtóime meicniúil i gcóireáil stróc géar iscéamach; idirghabhálacha scor ó thobac; agus scagthástáil HPV le haghaidh ailse cheirbheacs.

D'aibhsigh an measúnú athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar chleachtas le tionchar HTAnna HIQA a fheabhsú. Mar fhreagra ar imní faoi inléiteacht ár dtuarascálacha, chuireamar achoimrí i mBéarla soiléir lenár HTAnna i 2017. Admhaímid, áfach, go bhfuil níos mó oibre le déanamh maidir leis seo.

Tá aiseolas ó pháirtithe leasmhara ríthábhachtach le tuiscint a fhorbairt faoi na réimsí is gá a fheabhsú. Is cuid thábhachtach í seo dár dtuiscint faoi dhearcadh na bpríomhpháirtithe leasmhasa faoinár n-aschur a bheith dearfa, daingean ó thaobh na heolaíochta agus saor ó réamhchlaontáí.

Tosaíocht na n-ábhar HTA

Tá roghnú na measúnuithe teicneolaíocht sláinte (HTA) a dhéanann HIQA fíorthábhachtach le cinntiú go gcomhlíonaimid ár ról le tacú le cinntí eolasacha maidir leis na seirbhísí náisiúnta sláinte a sheachadadh go héifeachtúil.

Seoladh glaoch foirmiúil le haghaidh iarratais HTA chuig an Roinn Sláinte agus FSS i Mí Dheireadh Fómhair 2016. Bailíodh breis faisnéise trí phróiseas inmheánach anailíse todhchaí na Stiúrthóireachta, cumarsáid neamhfhoirmiúil le líonra páirtithe leasmhara HTA atá ann cheana agus idirghabháil le hainmnithe ar an nGrúpa Comhairleach Tosaíochta HTA (PAG). Tá an PAG comhdhéanta de bhaill shinsearacha foirne atá ainmnithe ó eagraíochtaí tábhachtacha cinnteoireachta sa tseirbhís sláinte phoiblí, lena n-áirítear FSS, An Roinn Sláinte agus an Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil.

Cuireadh 27 n-iarratas HTA faoinár mbráid. Rinneadh athbhreithniú orthu seo agus tugadh faoi scoipeáil tosaigh orthu. Tar éis dul i gcomhairle leis na hiarratasóirí agus leis na cláir chliniciúla ábhartha, rinneadh an liosta a scagadh agus ullmhaíodh cáipéisí faisnéise lena mbreithniú go mion. Chuaigh trí ábhar déag trí phróiseas tosaíochta HTA i bhFeabhra agus Márta 2017. Tar éis plé ag dhá chruinniú foirmiúil den PAG, rinneadh tábhacht choibhneasta gach ábhair a áireamh de réir roinnt critéar tábhachtach, lena n-áirítear a dtionchar cliniciúil, a dtionchar eacnamaíoch, a n-ábharthacht i leith beartas sláinte agus a nasc le cinnteoireacht.

Úsáideadh an chomhairle a d'éascair as na cruinnithe PAG agus measúnú féidearthachta maidir le HTA a dhéanamh ar gach ábhar, chom maith le tosca praiticiúla (mar shampla, riachtanais acmhainne agus creat ama) mar bhonn treorach do phlean oibre na Stiúrthóireachta.

Treoirlínte náisiúnta HTA

Ó 2010 d'fhorbair HIQA sraith de threoirlínte náisiúnta HTA chun tacú le soláthar mheasúnuithe tráthúla, iontaofa, comhsheasmhacha agus ábhartha do riachtanais lucht chinnteoireachta agus na bpáirtithe leasmhara. I gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eolaíochta HTA, (lena n-áirítear ionadaíocht leathan ó phríomhpháirtithe leasmhara sa chúram sláinte in Éirinn) déantar an tsraith seo de threoirlínte a nuashonrú agus cuirtear léi de réir mar is gá.

Faoi réir ag an gclár aontaithe oibre, cuireadh dhá threoirlíne ar sceideal lena nuashonrú i 2017: measúnú eacnamaíoch agus anailís thionchar buiséid. Rinneadh nuashonrú ar an dá threoirlíne roimhe seo i 2014. Pléadh plean nuashonraithe treoirlínte leis an nGrúpa Comhairleach Eolaíochta agus d'aontaigh an grúpa HTA na nuashonraí a bheadh ag teastáil i 2018.

An Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil

Bhunaigh an tAire Sláinte an Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) chun creat a chur ar fáil d'fhorbairt náisiúnta treoirínte cliniciúla agus iniúchadh agus chun cúram othar, idir phoiblí agus chliniciúil, a bharrfheabhsú laistigh de chóras sláinte na hÉireann.

Tugann HIQA tacaíocht don NCEC trína chomhaltas den Choiste, agus trí chúnamh a thabhairt le tosaíocht agus measúnú na dtreoirínte a chuirtear faoi bhráid. Cuirtear tacaíocht ar fáil chomh maith trí chlár oiliúna NCEC. I 2017 d'fhorbair HIQA modúl ríomhfhoghlama ar anailís tionchar buiséid agus seachadadh seisiúin oiliúna

eacnamaíochta don NCEC agus d'fhorbróirí treoirínte. Chuireamar ionchur saineolais ar fáil d'fhoirne measúnaithe agus tosaíochta NCEC do na treoirínte a leanas:

- Treoirínte Cúraim do Dhaoine Fásta atá ag Éag
- Diaibéiteas Chineál 1 i nDaoine Fásta,
- Clár Feabhsaithe Cáilíochta Raideolaíochta,
- Córas Luathrabhaidh Leigheas Éigeandála,
- Treoirínte Ailse Scamhóige, Easagagais agus Ubhagánaigh,
- Scagthástáil Heipitíteas C,
- Sainathint, Diagnóis agus Cóireáil don Andúil Tabac

HRB-CICER

I 2016, bhronn an Bord Taighde Sláinte (HRB) conradh le haghaidh EUR 2.25 milliún ar HIQA chun Comhoibriú HRB in Éirinn a chur ar bun le haghaidh Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht Chliniciúil (CICER). Is é Ionad HRB um Thaighde Cúraim Phríomhúil (HRB- CPCR) i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) príomh-chomhoibrí HIQA. Áirítear i measc na gcomhoibrithe eile saineolaithe in athbhreithniú córasach ó Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad, saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i measúnú eacnamaíoch agus i bhforbairt treoirínte, An tOllamh Michael Turner, Ceann Cliniciúil an Chláir Náisiúnta um Obstataic agus Gíniceolaíocht; agus an tOllamh Áine Carroll, Stiúrthóir Straitéise Cliniciúla agus Clár, FSS.

Tá sé mar aidhm le HRB-CICER bonn fianaise ardchaighdeán a sheachadadh maidir le hathbhreithniú córasach ar éifeachtúlacht chliniciúil, athbhreithniú córasach ar éifeachtúlacht chostais agus anailís tionchair bhuiséid chun tacú le forbairt treoirínte náisiúnta chliniciúla agus iniúchtaí náisiúnta cliniciúla. Tá Treoirínte Náisiúnta Cliniciúla agus Iniúchtaí Náisiúnta Cliniciúla dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de ag an gCoiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) agus sainordaithe ag an Aire Sláinte le cur i bhfeidhm ag an FSS.

Lena chois sin, tríd an gcomhoibriú cuirfear oiliúint ar fáil i sintéis fianaise agus cuirfear comhairle ar NCEC maidir le feabhsuithe i bhforbairtí modheolaíochta i nginiúint bhfianaise, agus ar bhearnaí taighde maidir leis an mbonn fianaise agus conas is féidir dul i ngleic leo ar an mbealach is fearr.

Cuireadh tús le hearcaíocht don HRB-CICER i Mí Aibreáin 2017. Déanann coiste feidhmeannach an tacaíocht seirbhíse a sholáthraíonn HRB-CICER a phleanáil. Soláthraíodh na seirbhísí a leanas i 2017:

- athbhreithniú ar fhianaise eacnamaíoch le tacú leis an treoirlíne diaibéitis Cineál 1,
- athbhreithniú córasach ar threoirlínte idirnáisiúnta cliniciúla le tacú leis an treoirlíne riosca i dtoircheas,
- athbhreithniú páirteach ar thacaíocht chothaitheach bhéil mar thaca le forbairt treoirlínte gannchothaithe in ospidéal ghéarchúraim,
- anailís tionchar buiséid don treoirlíne Diaibéiteas Cineál 1.

Cuireadh 3 sheisiún oiliúna saincheaptha ar fáil mar threoirlíne do ghrúpaí forbartha ar asbhaint sonraí, measúnú cáilíochta agus GRADE.

In 2017, cuireadh tús le hobair orthu seo a leanas:

- nuashonrú ar an athbhreithniú córasach bunaidh a úsáideadh le treoirlínte Chóras Luathrabhaidh Máithreachais na hÉireann a fhorbairt, lena n-áirítear ceist bhreise athbhreithnithe ar iniúchtaí ar chórais luathrabhaidh,
- Comhaontú Delphi athraithe ar thosca riosca le linn toirchis le tacú le treoirlínte nua a fhorbairt maidir le rangú riosca le linn toirchis,
- nuashonrú ar athbhreithniú córasach a rinneadh cheana le tacú leis an gCóras Luathrabhaidh Náisiúnta, lena n-áirítear dhá cheist nua chliniciúla ar bhacanna ar infheidhmiú agus córais athraithe rabhaidh i bhfo-dhaonraí sainiúla.

Tá creat deimhniú cáilíochta forbartha le haghaidh HRB-CICER, ina dtugtar breac-chuntas ar an gcur chuige modheolaíoch agus ina ndéantar cur síos ar an bpróiseas deimhnithe cháilíochta. Soláthraíonn grúpa sainchomhairle HRB-CICER, atá comhdhéanta den bhfoireann 16 bhall comh-iarratasóirí agus comhoibrithe treoir agus maoirsiú don chreat seo.

Forbairt acmhainní agus cumas i measúnú ar theicneolaíocht sláinte

Lean HIQA ar aghaidh ag dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha agus chun deiseanna oiliúna agus oideachais a chur ar fáil chun tacú le saineolais náisiúnta i stiúradh agus léirmhíniú HTA a fhorbairt.

Soláthraíodh deiseanna tacaíochta agus oiliúna de dhéine éagsúil do raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear socrúcháin oibre do dhochtúirí sláinte poiblí, oiliúint do pháirtithe leasmhara seachtracha (ionadaithe othar, bainteach le NCEC, fochéime, iarchéime, cláraitheoirí speisialaithe i sláinte phoiblí agus eile), comhoibriú le comhghleacaithe ó RCSI, Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar thionscadail acadúla, agus trí oiliúint agus tacaíocht oideachais do bhaill na foirne HTA chun cur lena gcuid saineolais.

Thosaigh seisear ball foirne nua teicniúla ag obair i stiúrtóireacht HTA i 2017, agus bhí ceathrar díobh sin earcaithe mar chuid de HRB-CICER. Rinne beirt bhall d'fhoireann HRB-CICER iarratas, agus d'éirigh leo áiteanna a ghnóthú ar an gclár PhD Daonra Struchtúrtha agus Oideachas Taighde Seirbhísí Sláinte (SPHeRE), a bheidh ar siúl go ceann ceithre bliana, rud a thugann an líon den Stiúrtóireacht atá rollaithe sa chlár seo faoi láthair go triúr.

Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara le linn an phróisis HTA riachtanach chun HTA ardchaighdeáin, tráthúil agus ábhartha a sheachadadh a chuireann bonn eolais faoi chinnteoireacht agus a aistríonn go cúram feabhsaithe cothrom d'othair. Is féidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara le linn phróiseas HTA cruinneas a chinntiú chomh maith, agus córas luathrabhaidh agus foghlama a sholáthar le linn an phróisis HTA. Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara freisin ina rialú inár gclár riosca lena chinntiú go gcuirimid na HTAanna cearta in ord tosaíochta, go bhfreastalaímid ar riachtanais na gcinnteoirí agus go mbíonn teagmháil imleor againn le haghaidh na dtorthaí is fearr is féidir agus le haghaidh trédhearcachta. D'eagraíomar comhairliúchán poiblí i 2017 le teacht ar thuairimí ár bpáirtithe leasmhara ar an HTA ar idirghabhálacha scor tobac, agus fuaireamar 48 n-aighneacht.

Trína rannpháirtíocht le réimse éagsúil de pháirtithe leasmhara, déanann HIQA scileanna, taithí agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara seachtracha a ionchorprú chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí don chlár oibre HTA leanúnach, agus chun tionscadail atá ag dul ar aghaidh a éascú agus bonn eolais a chur fúthu.

Tugann ár nGrúpa Comhairleach Eolaíochta (le hionadaíocht leathan ó pháirtithe leasmhara tábhachtacha i gcúram sláinte in Éirinn agus saineolaithe modheolaíochta ón réimse HTA) treoir dár gcuid oibre. Chomh maith leis sin, déanaimid idirghabháil lenár bpáirtithe leasmhara trínár rannpháirtíocht i ngrúpaí comhairleacha agus líonraí éagsúla atá á reáchtáil ag páirtithe leasmhara seachtracha. Tá Grúpa Athbhreithnithe Teicneolaíochta an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse, an Grúpa Oibre HTA de chuid an FSS, an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta Tráma, Grúpa Stiúrtha SPHeRE agus an Sainghrúpa Tagartha do Chanabas Leighis ina measc. Nuair a dhéantar í a chomhcheangal le scanadh léaslíne leanúnach, cabhraíonn an idirghabháil seo chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas tosaíochta HTA trí ábhair ardtosaíochta fhéideartha a aithint don phlean oibre ar bhealach tráthúil.

4.2.5 Líonraí idirnáisiúnta


Líonra Eorpach um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (EUnetHTA)

Is é EUnetHTA, ar líonra Eorpach HTA é, comhoibriú 79 eagraíocht HTA ó 28 Ballstát an AE, ón Iorua agus ón Eilvéis. Tá HIQA ainmnithe ag an Roinn Sláinte chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn in EUnetHTA ó 2008 i leith. Tá sé mar aidhm ag an líonra seo comhoibriú éifeachtach agus inbhuanaithe HTA a bhaint amach a thugann breisluach ar leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach. Rinneadh sraith de Ghníomhaíochtaí Comhpháirteacha chun comhar idirghníomhaireachta a chothú, chun aschur HTA a fheabhsú agus chun dúbailt saothair a sheachaint. Chuir an obair seo bonn eolais freisin faoi bhunú de líonra buan de ghníomhaireachtaí HTA ar fud na hEorpa.

I nDeireadh Fómhair 2016, toghadh Stiúrthóir HTA in HIQA, an Dr Máirín Ryan, leasPhríomhfheidhmeannach, mar Chathaoirleach ar Thionól EUnetHTA ar feadh tréimhse dhá bhliain. Tá an Tionól freagrach as straitéis a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí ag EUnetHTA. Tá an Dr Ryan ina chomhalta freisin de Bhord Feidhmeannach EUnetHTA.

Chuir HIQA go mór le planáil don tríú Gníomhaíocht Chomhpháirteach chun tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú HTA Eorpach 2016 go dtí 2019, agus tá sé ag glacadh páirte go gníomhach i gceithre cinn de na pacáistí oibre. Is iad cuspóirí phacáiste oibre 6 an tríú Chomhghnámh ná:

- bainistíocht cháilíochta (QM) a fhorbairt do chomhoibriú HTA ag an leibhéal Eorpach d'fhoill éifeachtúlacht agus cáilíocht na comhoibre a fheabhsú,
- nósanna imeachta caighdeánacha Oibriúcháin (SOP) a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh i gcomhthéacs comhoibre,
- modheolaíochtaí agus uirlisí riachtanacha a sholáthar agus a fhorbairt don chomhobair,
- agus oiliúint a sholáthar do bhainistiú cáilíochta agus modheolaíochtaí agus uirlisí.



Paul Carty ó fhoireann HRB-CICER ag labhairt ag Comhdháil Bhliantúil na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar 2018.

I 2017, sholáthair Stiúrthóireacht HTA téacs do pháipéar coincheapa ar bhainistíocht cháilíochta agus tá ranna á cur acu le treoirlíne maidir le measúnú cáilíochta ar luachálacha eacnamaíocha.

An Líonra um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (HTAN)

Is í an Dr Máirín Ryan, Stiúrthóir HTA HIQA, ionadaí na hÉireann ar an Líonra Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (HTAN). Is líonra buan de ghníomhaireachtaí HTA é seo a bhunaigh an Coimisiún Eorpach le comhoibriú marthanach eolaíoch agus straitéiseach a spreagadh in HTA ar fud an AE. Ghlac an Dr Ryan páirt i Sainghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh le measúnú a dhéanamh ar thionchar mheicníocht mharthanach ar son chomhoibriú AE in HTA ó 2020 ar aghaidh.

Comhoibrithe idirnáisiúnta eile

D'fhonn cumas HIQA chun HTA d'ardcháilíocht a tháirgeadh go héifeachtúil, bímid i dteagmháil go leanúnach le gníomhaireachtaí HTA eile agus ag cur le caidrimh atá againn cheana. Airítear leis seo comhoibriú idir gníomhaireachtaí le measúnuithe reatha agus críochnaithe a chomhroinnt ar mhaithe le dúbláil iarrachta a íoslaghdú.

Sholáthair UMIT, Ollscoil Sláinte agus Eolaíochtaí Saoil na hOstaire, saineolas faoi shamhaltú ailse cheirbheacs d'ár HTA maidir le scagthástáil cheirbheacs. Roinn Ionad Eolais Cúram Sláinte na Beilge (KCE) eolas linn chomh maith. Thug athbhreithnithe éagsúla Cochrane bonn eolais don HTA ar scor tobac. Ghníomhaigh baill de ghníomhaireachtaí eile HTA mar phiarmheasúnóirí do mheasúnuithe HIQA agus mar shaineolaithe idirnáisiúnta HTA ar shainghrúpaí comhairleacha a tionóladh ag HIQA.

Tá HIQA ina bhall de Mheasúnú Idirnáisiúnta Teicneolaíochta Sláinte (HTAi) agus de Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (INAHTA). Tá Stiúrthóir HTA ina comhalta faoi láthair de Choiste Idirnáisiúnta na gClár Eolaíochta do HTAi 2018 i Vancouver.

In Éirinn, thug baill de Stiúrthóireacht HTA léachtanna ar chúrsaí fochéime agus iarchéime i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Coláiste na hOllscoile Gaillimh.

4.2.6 Eitic thaighde

Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm nua á ghlacadh chuige ag HIQA i rialachas eitic thaighde, cé go bhfuil sonraí ról nua HIQA sa réimse seo le soiléiriú fós. I rith 2017, leanamar ag obair go dlúth leis an Roinn Sláinte ar fhorbairtí ar na píosáí ábhartha reachtaíochta.

Tá an reachtaíocht a bhaineann le trialacha cliniúla ar tháirgí míochaine le húsáid ag an duine ag athrú go suntasach ar an leibhéal Eorpach, le rialachán nua AE maidir le trialacha cliniúla le teacht i bhfeidhm i 2019. I rith 2017, ghlacamar páirt i ngrúpa oibre na Roinne Sláinte ar fheidhmiú an rialacháin seo ón AE, i gcomhar leis an Údarás Rialacháin um Tháirgí Sláinte.

4.3 Faisnéis agus Caighdeáin Sláinte

Tá an Stiúrtóireacht um Fhaisnéis agus Chaighdeáin Sláinte freagrach as caighdeáin agus treoir a leagan amach le haghaidh sláinte agus cúram sóisialta agus faisnéise sláinte, faisnéis a mheasúnú agus moltaí a dhéanamh don Aire Sláinte maidir le heasnamh san fhaisnéis sláinte. Ina theannta sin, d'eagraíomar an chéad Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar i 2017.

4.3.1 Caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt le haghaidh sláinte agus cúraim shóisialta

Déanann HIQA caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Ag obair i bpáirt le réimse leathan de pháirtithe leasmhara, tá sé d'aidhm againn cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú trí chaighdeán a leagan síos agus treoir a fhoilsiú. Cothaíonn caighdeáin cleachtas atá suas chun dáta, bunaithe ar fhianaise, éifeachtúil agus comhleanúnach. Cabhraíonn caighdeáin freisin le daoine a sholáthraíonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta láidreachtaí a aithint agus réimsí ina bhfuil gá le feabhsú a aibhsiú. Bíonn sé d'aidhm ag caighdeáin freisin a thaispeáint do dhaoine cén chuma atá ar chúram sábháilte d'ardchaighdeán agus cad is ceart a bheith ag súil leis ó sheirbhís.

Caighdeáin Náisiúnta ar son ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus a rialú i seirbhísí géarchúraim shláinte

D'fhoilsiomar caighdeáin leasaithe náisiúnta le haghaidh ospidéal ghéarchúraim le hothair agus lucht foirne a chosaint ó ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a fháil agus a scaipeadh. Sheol ár bPríomhfheidhmeannach Phelim Quinn na caighdeáin ag Comhdháil Rialú Ionfhabhtaithe na hÉireann (IPCI) i Mí na Bealtaine 2017.

Bíonn tionchar ollmhór ag ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte ar othair agus ar a dteaghlaigh, mar gheall ar thinneas tromchúiseach, míchumas fadtéarmach agus bás. Bíonn tionchair shuntasacha ag impleachtaí na n-ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte ar ghéarchúraim

mar gheall ar a gcostas, ar nós tréimhse chónaithe níos faide, riachtanais scoiteachta agus dúnadh bhardaí.

Ar an meán, bíonn tionchar ag ionfhabhtú a bhaineann le cúram sláinte ar dhuine amháin as fiche laistigh de shuíomh chúram sláinte. Aithnítear gur féidir cuid shuntasach de na hionfhabhtuithe seo a sheachaint, má chuirtear struchtúir, córais agus próisis éifeachtúla ar bun leis na rioscaí ionchasacha a bhainistiú. Tá feidhm ag na caighdeáin i ngach ospidéal géarchúraim a fhaigheann maoiniú ó Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS) agus léiríonn siad an cleachtas is fearr maidir le hionfhabhtú a chosc agus a rialú ar mhaithe le hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a laghdú.



Caighdeán Náisiúnta le hAthbhreithnithe a Dhéanamh ar Theagmhais Sábháilteachta Othar

Sheol an tAire Sláinte *Caighdeán Náisiúnta le hAthbhreithnithe a Dhéanamh ar Theagmhais Sábháilteachta Othar* i Mí Dheireadh Fómhair 2017 ag an gComhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht Othar. Is é seo an chéad tacar caighdeán a d'fhorbair HIQA i gcomhar leis an gCoimisiún Meabhairshláinte.

Leagann na caighdeáin amach creat don chleachtas is fearr maidir le hathbhreithnithe a dhéanamh ar shábháilteacht othar in ospidéal ghéarchúraim atá faoi shainordú HIQA agus seirbhísí meabhairshláinte atá faoi shainordú an Choimisiúin Meabhairshláinte. Spreagtar cur chuige oscailte i leith teagmhas sna caighdeáin agus cuireann sé daoine a úsáideann na seirbhísí, agus a dteaghlach, i lár an phróisis athbhreithnithe. Cuirtear béim ar an ngá atá le tacaíocht a thabhairt d'othair agus a rannpháirtíocht a spreagadh in athbhreithniú ar theagmhais sábháilteachta othar agus leagtar amach amlínte atá le leanúint ag na seirbhísí nuair a tharlaíonn teagmhas sábháilteachta othair. Aithnítear sna caighdeáin go dtarlaíonn rudaí míchearta uaireanta, gur féidir ceachtanna a fhoghlaim agus a chomhroinnt ar fud na seirbhísí, go háitiúil agus go náisiúnta, d'fhonn sábháilteacht othar a fheabhsú.



Le feiceáil ag seoladh na gCaighdeán Náisiúnta um Athbhreithnithe a Dhéanamh ar Theagmhais Sábháilteachta Othar ag 2ú Chomhdháil na nOifigeach Sábháilteachta Othar i Mí Dheireadh Fómhair 2017 a bhí Patricia Gilheaney ón gCoimisiún Meabhairshláinte, Rachel Flynn ó HIQA, an tAire Sláinte Simon Harris, Phelim Quinn ó HIQA, agus Rosemary Smyth ón gCoimisiún Meabhairshláinte. Grianghraf: Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar.

Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta d'Ionaid Chónaitheacha Leanai

Is áiteanna cónaithe iad ionaid chónaitheacha leanai do leanai agus daoine óga a thugtar faoi chúram nuair nach féidir leo maireachtáil lena dteaghlach féin. I Mí Mheithimh 2017, bhí cónaí ar os cionn 350 leanai agus daoine óga i gcúram cónaitheach in Éirinn. Is féidir le soláthraithe reachtúla (Tusla), deonacha (neamhbhrabúis) nó príobháideacha cúram cónaitheach a sholáthar. Cuireann Tusla soláthraithe ón earnáil phríobháideach agus soláthraithe deonacha faoi chonradh chun cúram cónaitheach a sholáthar.



I rith 2017, d'fhorbair HIQA dréacht-chaighdeáin bunaithe ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus i gcomhairle le leanai a chónaíonn in ionaid chúram cónaitheacha, a dteaghlaigh agus leo siúd atá rannpháirteach ina gcúram. Déantar cur síos sna caighdeáin seo ar an gcaoi is ceart a bheith ar ionad cónaitheach leanbhlaárnaithe, sábháilte agus éifeachtúil. Is í aidhm na gcaighdeán a bheith ina gcreat le haghaidh feabhsú do lucht foirne, mar threoir do leanai agus dá dteaghlaigh faoinar cheart dóibh a bheith ag súil leis ón ionad.

Foilsíodh dréacht-chaighdeáin don chomhairliúchán sé seachtaine poiblí i Mí Mheán Fómhair 2017. Cuireadh bailchríoch ar na caighdeáin agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte iad go luath i 2018. Nuair a bheidh siad faofa agus sainordaithe ag an Aire, beidh ar gach ionad cónaitheach leanai na Caighdeáin Náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta Coisc agus Rialaithe um Ionfhabhtú do Sheirbhísí Pobail

Foilsíodh leagan leasaithe de *na Caighdeáin Náisiúnta ar chosc agus rialú ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte i seirbhísí sláinte géarchúraim* i Mí na Bealtaine 2017, agus thosaigh HIQA ar thacar caighdeán cosúil leo a fhorbairt do na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta sa phobal le freastal ar riachtanais shonracha na seirbhísí seo.

Tá ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte ag éirí níos coitianta i suímh chúraim phobail. Is féidir cuid mhór de na hionfhabhtuithe seo a sheachaint má ghlactar le bearta le cleachtais oibre, trealamh agus rioscaí timpeallachta ar féidir leo ionfhabhtuithe a spreagadh a shainaithint agus a réiteach. Tá cleachtais mhaithe choisc agus rialaithe, ar nós sláinteachas lámh agus cinntiú go gcoinnítear trealamh agus an timpeallacht chúraim glan, riachtanach i ngach suíomh sláinte agus chúraim shóisialta. Nuair a chuirtear na bearta seo ar bun laghdaítear an riosca go bhfaigheadh daoine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ionfhabhtú.

Tá na dréacht-chaighdeáin faoi threoir ag athbhreithniú ar an bhfianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar idirphlé le grúpa comhairleach comhdhéanta de réimse ilghnéitheach páirtithe leasmhara eolasacha, agus grúpaí fócais le daoine a úsáideann seirbhísí, agus lucht foirne líne thosaigh i ndisciplíní éagsúla. Foilseofar dréacht-chaighdeáin le haghaidh comhairliúcháin phoiblí go luath i 2018.

4.3.2 Feidhm faisnéise sláinte

Tá an Stiúrtóireacht um Faisnéis Sláinte ag iarraidh sábháilteacht othar agus cáilíocht an chúraim a fheabhsú trí cheannaireacht a thabhairt maidir le tírdhreach faisnéis sláinte na hÉireann a shainmhíniú. Rinneamar é seo i 2017 trí dhá mhórsheimineár náisiúnta a eagrú, caighdeán agus treoir a fhorbairt maidir le faisnéis a chomhroinnt agus rialachas agus príobháideacht faisnéise a áirithiú, agus úsáid, clúdach agus cáilíocht na faisnéise a bharrfheabhsú. Chuireamar tús le clár athbhreithnithe ar ghéilliúntas do chaighdeán bhainistíochta faisnéise HIQA do bhailiúcháin náisiúnta sonraí.

Seimineáir

Seimineáir náisiúnta faisnéise sláinte - 'Better Data, Better Decisions'

Ceann de na cuspóirí corparáideacha atá againn don tréimhse 2016 go 2018 is ea cinnireacht a sholáthar le tírdhreach faisnéis sláinte na hÉireann a shainmhíniú trí dhul i bhfeidhm ar bheartas agus reachtaíocht in idirghabhálacha le páirtithe eolasacha leasmhara agus moltaí a fhorbairt. I rith 2017, d'éagraigh an Stiúrtóireacht um Faisnéis agus Caighdeán dhá sheimineár sláinte dar teideal 'Better data, better decisions' le hidirghabháil a dhéanamh le pobal náisiúnta na faisnéise sláinte agus dul i bhfeidhm ar bheartais agus reachtaíocht.



Cainteoirí ón dara seimineár náisiúnta faisnéise sláinte ar 4 Deireadh Fómhair 2017 ó chlé: Barbara Foley, (HIQA), Richard Corbridge (Príomhoifigeach Faisnéise, FSS), Tobi Henderson, Institiúid Faisnéise Sláinte Cheanada, Phelim Quinn (HIQA), an tAire Sláinte Simon Harris TD, Natalie Banner (Wellcome Trust), Rachel Flynn (HIQA), agus Muiris O'Connor (An Roinn Sláinte).



Baill dár bhfoireann Cháilíochta Faisnéise Sláinte ag an dara seimineár faisnéise sláinte: Julie Arnott, Maria Ryan, Rachel Flynn, Aoife Healy, Barbara Foley agus Cathy Duggan.

Tionóladh an chéad cheann de na seimineáir faisnéise sláinte náisiúnta seo ar 1 Márta 2017. Ba é seo an chéad cheann de shraith imeachtaí náisiúnta le comóradh 10 mbliana bhunú HIQA a cheiliúradh. Bhí clár ilghnéitheach ag an seimineár, le cainteoirí a chuir béim ar thairbhe cháilíocht sonraí agus ar thábhacht úsáid optamach na sonraí agus na faisnéise sláinte don chinnteoireacht. Bhí Mona Heurgren, Stiúrthóir Bhord Náisiúnta Sláinte agus Leasa na Sualainne agus an tOllamh Kerri Clough-Gorr, Stiúrthóir na hlárlainne Náisiúnta Ailse i measc na gcainteoirí. Thug an seimineár deis dóibh siúd atá ag obair i mbailiúcháin náisiúnta sonraí in Éirinn bualadh le chéile, plé a dhéanamh le chéile agus foghlaim óna chéile, le 150 toscaire i láthair ar an lá.

Tionóladh an dara seimineár ar 4 Deireadh Fómhair 2017, comhócaid leis an Roinn Sláinte agus Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Ba é an tAire Sláinte Simon Harris TD a d'oscail an seimineár, agus d'fhreastail os cionn 270 duine air. Chuala siad faoin gcaoi is féidir le hÉirinn cur chuige comhleanúnach comhtháite a fhorbairt i leith faisnéise sláinte.

Rinne Barbara Foley ó fhoireann Faisnéise Sláinte HIQA cur i láthair ar ár gcuid oibre le feabhsuithe a spreagadh i bhfaisnéis sláinte náisiúnta. Rinne cainteoirí idirnáisiúnta, Tobi Henderson ó Institiúid Faisnéise Sláinte Cheanada (CIHI) agus Natalie Banner ón Wellcome Trust (RA) cur i láthair ar léargais idirnáisiúnta den fhaisnéis sláinte.

Caighdeán faisnéise sláinte

Caighdeán bhainistíochta faisnéise le haghaidh bailiúchán sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta

I mí Mhárta 2017, d'fhoilsíomar caighdeán i leith bainistíocht faisnéise do na bailiúcháin náisiúnta sonraí. Forbraíodh na caighdeán de réir phróiseas forbartha caighdeán HIQA, agus tugadh faoi idirbheartaíocht shuntasach le páirtithe leasmhara mar bhonn don inneachar, lena n-áirítear cruinnithe de ghrúpa comhairleach saineolaithe agus páirtithe leasmhara tábhachtacha, agus comhairliúchán poiblí faoi na dréacht-caighdeán. Is í aidhm na gcaighdeán cáilíocht na faisnéise náisiúnta sláinte a fheabhsú, ar mhaithe le cúram sláinte sábháilte iontaofa a sheachadadh. Tugann na caighdeán creat don chleachtas is fearr le sonraí sláinte agus chúraim shóisialta a bhailiú. Mar chomhlánú ar na caighdeán bhainistíochta faisnéise, tá tacar d'uirlisí feabhsú cáilíochta á fhorbairt ag HIQA le cabhrú leis na bailiúcháin náisiúnta sonraí na caighdeán a chomhlíonadh.

Caighdeán Cleachtais Ghinearálta Teachtaireachtaí - Leagan 4.0

Rinneadh nuashonrú ar an *gCaighdeán Cleachtais Ghinearálta Teachtaireachtaí* i 2017, ag tógáil ar leaganacha roimhe seo an chaighdeán. Sonraítear struchtúr agus inneachar na dteachtaireachtaí leictreonacha a chuirtear idir dochtúirí teaghlaigh (DT), ospidéal agus seirbhísí DT taobh amuigh de ghnáthuaireanta.

Sainmhínítear riachtanais nua teachtaireachta sa chaighdeán nuashonraithe, i réimsí ar nós taifid chúram réamhbhreithe a chomhroinnt idir DT agus clinicí ospidéil; faisnéis struchtúrtha chliniciúil ar cheart a chomhroinnt idir cleachtóirí cúraim shláinte faoi mhná atá ag freastal ar choinní cúraim réamhbhreithe a shainmhíniú. Sainmhínítear chomh maith na riachtanais le haghaidh ordú raideolaíochta, litreacha ranna éigeandála agus chlinicí othar seachtracha agus teachtaireachtaí leictreonacha a chuirtear chuig DT maidir le torthaí áirithe cairdeolaíochta.

Déantar caighdeánú leis seo ar tharchur na dteachtaireachtaí leictreonacha idir DT, ospidéal agus cúram lasmuigh de ghnáthuaireanta, cuireann sé faisnéis chruinn ar fáil do chleachtóirí cúraim shláinte a sholáthraíonn cúram othar, agus tugann sé cúram níos sábháilte agus níos fearr do na hothair.

Caighdeán idiroibriúcháin r-Shláinte a fhorbairt d'Éirinn - comhairliúchán poiblí

Thugamar faoi chomhairliúchán poiblí ó 15 Lúnasa go dtí 22 Meán Fómhair 2017 le comhpháirtithe tábhachtacha agus páirtithe leasmhara a spreagadh insint dúinn cén áit ar mheas siad a raibh gá le caighdeán theicniúla idiroibriúcháin, mar bhonn eolais dár gclár oibre amach anseo.

Fuaireamar 24 aighneacht, le 117 tuairim san iomlán. Rinneadh rangú tosaigh ansin ar gach tuairim de réir téamaí ar nós téarmeolaíochta, teachtaireachtaí, líonrú agus slándáil, r-oideasú, tacair shonraí, agus taifid leictreonacha sláinte.



I mí na Nollag d'fhoilsíomar cáipéis ráiteas torthaí le sonraí faoin aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí.

Agus na téamaí a d'eascair ag an gcomhairliúchán poiblí aitheanta, tá tosaíocht á tabhairt ag HIQA anois do mhíreanna oibre (de réir chritéir atá aitheanta go soiléir i gcomhar lenár nGrúpa Comhairleach ar Chaighdeáin e-Sláinte) agus tá plean oibre á fhorbairt.

Treoir fhaisnéise sláinte

Cúig uirlis feabhsaithe cháilíochta do na bailiúcháin náisiúnta sonraí

I mí Mhárta d'fhoilsíomar *Cúig uirlis feabhsaithe cháilíochta do na bailiúcháin náisiúnta sonraí* mar chomhlánú ar na caighdeáin bhainistíochta faisnéise. Leagtar amach cúig uirlis ar féidir le bailiúcháin náisiúnta sonraí iad a úsáid lena gcleachtais bhainistíochta faisnéise a fheabhsú agus bheith ag obair i dtreo caighdeáin a bhaint amach:

- Ráiteas Cuspóra
- Ráiteas ar Chleachtais Faisnéise
- Creat Cáilíochta Sonraí
- Ráiteas Cáilíochta Sonraí
- Foclóir Sonraí



Treoir maidir le Measúnú ar Thionchar

Príobháideachta i gcúram sláinte agus sóisialta

I mí Dheireadh Fómhair 2017, d'fhoilsíomar treoir nuashonraithe maidir le conas Measúnuithe ar Thionchar Príobháideachta a dhéanamh i sláinte agus i gcúram sóisialta. Foilsíodh tacar sothuigte treoracha chomh maith.

Is cuid bhunúsach den rialáil faisnéise iad Measúnuithe ar Thionchar Príobháideachta (PIA) le cinntiú go dtugtar cosaint chuí do chearta príobháideachta agus rúndachta an duine aonair. Úsáidtear PIA i ngach earnáil ach baineann tábhacht ar leith leo i gcomhthéacs na faisnéise pearsanta sláinte, mar go mbreathnaítear uirthi seo mar fhaisnéis íogair agus go dtuillann sí níos mó cosanta faoin reachtaíocht phríobháideachta. I bhfianaise achtú an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) i Mí na Bealtaine 2018, rinne HIQA leasú ar an Treoir maidir le *Measúnú ar Thionchar Príobháideachta i sláinte agus i gcúram sóisialta* leis na hathruithe reachtaíochta a léiriú. Sa treoir agus sa tacar uirlisí a ghabhann leis mínítear próiseas céim ar chéim le PIA a dhéanamh agus cad iad na gnéithe tábhachtacha atá le cur san áireamh i ngach céim den phróiseas.

Treoir maidir le Creat Cáilíochta Shonraí do chúram sláinte agus sóisialta

I rith 2017, thosaigh an fhoireann Cháilíocht Faisnéise Sláinte ag obair ar threoir a fhorbairt le haghaidh Creat Cáilíochta Shonraí do na seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta. D'fhonead cáilíocht sonraí a fheabhsú, ní mór cáilíocht sonraí a dheimhniú agus a thomhas le fáil amach cad is gá a fheabhsú. Is í aidhm na treorach an cur chuige is féidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a ghlacadh chun rochtain, faireachán, measúnú agus feabhas a dhéanamh ar cháilíocht sonraí.

D'ullmhaíomar páipéar cúlra, rinneamar athbhreithniú ar an taithí idirnáisiúnta agus ar an gcleachtas is fearr maidir le creatanna cáilíochta sonraí agus d'ullmhaíomar dréacht tosaigh de Chreat Cáilíochta Shonraí le tacú le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta rochtain, faireachán, measúnú agus feabhas córasach a dhéanamh ar cháilíocht a gcuid sonraí.

Tionóladh sainghrúpa oibre mar fhoghrúpa de Ghrúpa Comhairleach na mBailiúchán Náisiúnta Sonraí le forbairt na treorach a chur chun cinn. Tionóladh an chéad chruinniú i Mí Dheireadh Fómhair 2017, agus rinne an saineolaí idirnáisiúnta, Tobi Henderson, ó Institiúid Faisnéise Sláinte Cheanada cur i láthair.

Leanfaidh an obair ar aghaidh leis an treoir a chríochnú i rith 2018, agus beidh comhairliúchán poiblí san áireamh.

Treoir maidir le Caighdeán Téarmaolaíochta d'Éirinn

D'fhoilsíomar leagan nuashonraithe den Treoir ar Chaighdeán Téarmaolaíochta d'Éirinn, a foilsíodh roimhe seo i 2013. Léiríonn an treoir leasaithe athruithe a rinneadh ar chaighdeán idirnáisiúnta téarmaolaíochta agus léiríonn sé athrú suntasach ag an leibhéal náisiúnta - go sonrach, ceannach cheadúnais don Systematized Nomenclature of Medicine — Clinical Terms® (SNOMED CT®) d'Éirinn. Tá treoir shonrach san áireamh maidir leis an gcur chuige a glacadh le tacú le feidhmíocht cheart an cheadúnais SNOMED CT in Éirinn, de réir chaighdeán náisiúnta agus an chleachtais idirnáisiúnta is fearr.

Cinntíonn caighdeán téarmaolaíochta, ar cuid bhunúsach iad d'éiceachóras r-Sláinte ar bith, go dtuigeann córais chúram sláinte sonraí agus go n-úsáideann siad iad ar an gcaoi chéanna. Is féidir cáilíocht na sonraí i gcórais faisnéise sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú le caighdeán téarmaolaíochta. Le caighdeán téarmaolaíochta is féidir faisnéis sláinte a mhalartú idir gairmeacha cúraim shláinte, agus a chinntiú dá réir sin go mbíonn an fhaisnéis cheart ar fáil do ghairmithe sláinte. Feiceann othair agus cliniceoirí feabhsuithe i gcruinneas agus i mbailíocht na faisnéise i dtaifid leighis nuair a úsáidtear caighdeán téarmaolaíochta.

Treoir maidir le Caighdeán Teachtaireachta d'Éirinn

I 2017, rinne muid nuashonrú freisin ar an *Treoir maidir le Caighdeán Teachtaireachta d'Éirinn*. B'athbhreithniú é seo ar threoir 2012 a d'fhoilsigh HIQA agus tá faisnéis san áireamh ann i dtaobh chaighdeán nua darb ainm HL7 Acmhainní Meara Chomh-inoibritheacha Cúram Sláinte (FHIR).

Éascaítear comhroinnt faisnéise clínicíúil, riaracháin agus othar ar bhealach tráthúil le caighdeáin teachtaireachta, agus cinntítear go mbíonn an fhaisnéis cheart ar fáil do ghairmithe cúraim shláinte agus go bhfaigheann othair an chóireáil cheart ag am cuí. Cumasaíonn siad comhroinnt leictreonach faisnéise idir chleachtóirí cúraim shláinte. Is féidir le caighdeáin teachtaireachta an méid ama a bhíonn ag gairmithe cúraim shláinte le seirbhísí líne thosaigh a sheachadadh a mhéadú trína spleáchas ar mhodhanna traidisiúnta le heolas a chomhroinnt, ar nós trascríobh taifead agus seoladh cóipeanna crua d'atreoruithe agus de thorthaí diagnóise, a laghdú.

Clár athbhreithnithe ar chaighdeáin bhainistíochta faisnéise

I rith 2017, chuir an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte tús le clár struchtúrtha athbhreithnithe le géilliúntas do chaighdeáin bainistíú faisnéise HIQA a mheasúnú. Is í aidhm an chlár cleachtais bhainistíochta faisnéise na mbailiúcháin náisiúnta sonraí chúraim shláinte agus shóisialta in Éirinn a fheabhsú trí mheasúnú a dhéanamh ar ghéilliúntas do na caighdeáin i mbailiúcháin sonraí náisiúnta aonair. Ar deireadh, spreagfaidh an clár athbhreithnithe feabhsuithe trí réimsí dea-chleachtais a shainathint ar fud na mbailiúcháin náisiúnta sonraí chomh maith le réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe. Sular cuireadh tús leis an gclár nua, foilsíodh *Treoir d'athbhreithniú an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ar chleachtais bainistíochta faisnéise i mbailiúcháin náisiúnta sonraí sláinte agus cúraim shóisialta*.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsíomar *Uirlis féinmheasúnaithe do na bailiúcháin náisiúnta sonraí sláinte agus cúraim shóisialta*, bunaithe ar na caighdeáin bainistíochta faisnéise. Cuireann an uirlis ar chumas na mbailiúcháin náisiúnta sonraí sláinte agus cúraim shóisialta a oiread agus atá na caighdeáin á gcomhlíonadh acu a dheimhniú.

Mar gheall ar an líon mór bailiúcháin sonraí náisiúnta atá in Éirinn, tá an clár athbhreithnithe á chur i gcrích le cur chuige céimiúil. Tá na bailiúcháin sonraí náisiúnta laistigh d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) áirithe i gCéim 1. Rinneadh critéir thosaíochta a fhorbairt leis an sceideal athbhreithnithe a dheimhniú sa chéad chéim den chlár, ina n-áirítear an tionchar cáilíochta agus sábháilteachta, an tionchar beartais agus tosca oibriúcháin eile a mbeadh tionchar acu ar an gclár athbhreithnithe.

Tá ceithre mhórchéim sa phróiseas athbhreithnithe: uirlis féinmheasúnaithe; iarratas faisnéise; measúnuithe ar an láthair; agus tuairisciú na dtorthaí. Chuir HIQA tús le dhá athbhreithniú mhionsonraithe ar ghéilliúntas measúnaithe do na caighdeáin bainistíochta faisnéise i 2017. Foilseofar iad seo nuair a bheidh siad críochnaithe.

Catalóg de bhailiúcháin náisiúnta shonraí sláinte agus chúraim shóisialta

D'fhoilsigh an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte leasú ar *an gCatalóg de bhailiúcháin náisiúnta sonraí sláinte agus chúraim shóisialta* i Mí Dheireadh Fómhair 2017.

Bailítear méid mór sonraí sna bailiúcháin náisiúnta shonraí le faisnéis a sholáthar i dtaobh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn, agus sa chatalóg athbhreithnithe seo cuimsítear faisnéis faoi na bailiúcháin sonraí in aon láthair amháin.

D'fhoilsigh HIQA an chéad eagrán den Chatalóg i 2010 agus is é seo an tríú athbhreithniú. Is acmhainn thábhachtach í an Chatalóg ina dtugtar sonraí faoin bhfaisnéis atá á bailiú faoi láthair ag bailiúcháin náisiúnta sláinte agus chúraim shóisialta na hÉireann. Cuireann sé seo ar chumas gach páirtí leasmhair, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, othair, cliniceoirí, lucht taighde agus soláthraithe cúraim shláinte rochtain a fháil go réidh ar fhaisnéis faoi bhailiúcháin sonraí sláinte agus chúraim shóisialta in Éirinn. Tabharfaidh sé tacaíocht freisin do chinnteoireacht, do phleanáil seirbhísí, do cheapadh beartais agus do thaighde d'ardcháilíocht.

Áirítear ceithre bhailiúchán déag nua sonraí sa nuashonrú seo, agus sainaithnítear 120 bailiúchán sonraí. Chomh maith leis sin, tá nuashonrú déanta ar earnálacha na mbailiúchán sonraí náisiúnta d'fhonn nascleanúint a éascú. Tá an chatalóg nuashonraithe ar fáil ar shuíomh gréasáin HIQA mar cháipéis agus mar uirlis ar líne.

4.3.3 Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar

De bhreis ar fheidhmeanna HIQA mar atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007, tá an Stiúrthóireacht Faisnéis agus Caighdeáin Sláinte freagrach as an Suirbhé Náisiúnta Eispéireas Othar a chur i bhfeidhm.



Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar 2017

Sa Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar tugtar an deis d'othair cur síos a dhéanamh ar a n-eispéireas géarchúram sláinte in Éirinn. Is comhpháirtíocht é an suirbhé idir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Roinn Sláinte. Mar gurb é HIQA an príomhpháirtí, tá foireann an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar lonnaithe laistigh de HIQA.

I rith Mhí na Bealtaine 2017, tugadh cuireadh do 26,635 duine a bheith páirteach sa chéad Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar riamh in Éirinn. Le linn an tsuirbhé cuireadh 61 cheist faoi iontráil in ospidéal; cúram sa bharda; scrúduithe, diagnóis agus cóireáil; scaoileadh amach nó aistriú, agus gnéithe eile den chúram. Ceisteanna struchtúrtha le boscaí tiocála ba ea ocht gceist is caoga, agus ba cheisteanna oscailte iad an trí cheist dheireanacha le deis a sholáthar chun freagraí scríofa a thabhairt. Beidh torthaí an tsuirbhé mar chabhair le cúram otharlárnaithe feabhsaithe a fhorbairt, a phleanáil, a dhearadh agus a sheachadadh.

Rinne foireann an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar teagmháil le hothair, leis an bpobal agus le foireann na n-ospidéal le linn tréimhse ama an tsuirbhé. Bunaíodh suíomh gréasáin tiomnaithe, www.patientexperience.ie, chomh maith le cainéil mheán sóisialta le cumarsáid a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir. Eagraíodh seisiúin agus ceardlanna faisnéise le foireann na n-ospidéal, agus thug lucht bainistíochta sinsir ón HIQA agus ón FSS cuairt ar na hospidéal le rannpháirtíocht sa suirbhé a chur chun cinn. Cuireadh ábhair fhógraíochta ar nós meirgí, póstaeir, naipcíní agus seastáin shealadacha ar fáil sna hospidéal a bhí páirteach.



Ag seoladh an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar i Mí Aibreáin 2017: an tAire Sláinte Simon Harris TD, Príomhfheidhmeannach HIQA Phelim Quinn, agus Rachel Flynn, Stiúrthóir Faisnéise agus Caighdeáin Sláinte HIQA agus Stiúrthóir Cláir an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar.

San iomlán, ghlac 13,706 duine páirt sa suirbhé, le ráta freagartha os cionn 51%.



Thug príomhfheidhmeannach HIQA Phelim Quinn cuairt ar ospidéal éagsúla ar fud na tíre le poiblíocht a thabhairt don Chéad Suirbhé Náisiúnta ar Thaithí na nOthar i mí na Bealtaine 2017. Sa phictiúr le haltraí foirne Ospidéal Thamhlachta Eileen Finn agus Raichelamma Varghese.

Torthaí Shuirbhé 2017

Sheol an Taoiseach, Leo Varadkar TD, agus an tAire Sláinte Simon Harris TD, torthaí an chéad Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar i Mí na Nollag 2017. Foilsíodh tuarascáil náisiúnta agus 39 tuarascáil ó ospidéal rannpháirteacha le mionanailís a thabhairt ar na torthaí.



Rachel Flynn, Stiúrthóir Faisnéis agus Caighdeán Sláinte HIOA agus Stiúrthóir Cláir an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar ag cur torthaí suirbhé othar cónaitheach 2017 i láthair.

Léiríonn torthaí an chéad suirbhé seo ar eispéireas othar cónaitheach gur tugadh dea-chúram do mhórán othar, ach go bhfuil gá le feabhas i réimsí tábhachtacha.

I measc na réimsí tábhachtacha inar aithníodh go bhfuil gá le feabhas tá:

1. Amanna feithimh i ranna éigeandála - Ní dúirt ach 30% de na daoine gur cuireadh i mbardaí iad laistigh den sprioc-am feithimh de 6 uair an chloig. Tá ceangal déanta idir amanna feithimh fada agus torthaí diúltacha sláinte agus is bagairt iad do shláinte an othair dá thoradh sin.
2. Cumarsáid sa bharda - dúirt 49% de na hothair nach raibh siad in ann teacht ar bhall foirne le labhairt leo i gcónaí faoi ábhar imní nó eagla. Theastaigh ó othair go mbeadh níos mó ama ag dochtúirí lena gcúram agus a gcóireáil a phlé.
3. Rannpháirtíocht othar i gcinntí maidir lena gcúram - dúirt 36% de na hothair nach raibh siad rannpháirteach oiread is ba mhaith leo sna cinntí faoina gcúram.

4. Léiríodh an riachtanas feabhais is mó maidir le scaoileadh saor nó aistriú - cumarsáid níos fearr le hothair maidir le fo-iarmhairtí cógais, comharthaí baoil ar cheart a bheith ag faire amach dóibh tar éis a bheith scaoilte amach, nó conas is ceart d'othair aire a thabhairt dóibh féin sa bhaile.

Réimsí tábhachtacha dea-eispéiris a luadh:

1. Freagraí soiléirí ó dhochtúirí agus altraí - dúirt 97% de na daoine gur fhreagair altraí ceisteanna ar bhealach intuigthe, agus dúirt 94% de na daoine gur fhreagair dochtúirí go soiléir i gcónaí nó uaireanta.
2. Meas agus dínit - dúirt 82% de na daoine gur caitheadh leo le meas agus dínit i gcónaí le linn a dtréimhse san ospidéal.
3. Muinín agus iontaobh i bhfoireann an ospidéil - dúirt 83% de na daoine a d'fhreagair an cheist seo go raibh muinín agus iontaobh acu i gcónaí san fhoireann ospidéal a rinne cóireáil orthu.

Úsáidfídh HIQA na torthaí mar threoir dár gcláir faireacháin agus don chlár forbartha caighdeán.

Déanfar an dara Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar i Mí na Bealtaine 2018.

4.3.4 Intleacht Ghnó

Tá an Stiúrthóireacht Faisnéise agus Caighdeán Sláinte freagrach as úsáid na faisnéise in HIQA a sheachadadh agus a chur chun cinn trína fheidhm intleachta gnó.

Tá feidhm intleachta gnó HIQA lárnach ó thaobh bonn anailíseach a sholáthar mar threoir d'oibríochtaí rialála. Soláthraíonn intleacht gnó sonraí oibríochtúla mar thacaíocht d'iniúchtaí, athbhreithnithe agus imscrúduithe atá mar bhonn don idirghníomhú rialála idir HIQA agus na seirbhísí atá á rialú againn. Cuireann forbairt chórais agus phróisis daingne rialála bunaithe ar riosca ar chumas HIQA tosaíocht a thabhairt dár n-idirghabhálacha rialála go héifeachtúil éifeachtach agus díriú orthu. Déanann intleacht gnó sonraí agus tuarascálacha oibríochtúla a fhorbairt le tacú le feidhmeanna corparáideacha eile lena n-áirítear airgeadas, tuarascáil chorparáideach agus tuairisciú riosca. I 2017, d'fhorbair an fhoireann tuarascálacha le tacú leis an Stiúrthóireacht Rialála agus le feidhmeanna eile laistigh de HIQA.

4.3.5 Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara riachtanach le cinntiú go ndéanfaidh an Stiúrthóireacht Faisnéise agus Caighdeán Sláinte obair ionadaíoch d'ardchaighdeán. Déantar gach tacar caighdeán agus moltaí a fhorbairt i gcomhar le grúpa comhairleach caighdeán agus is minic a eagraítear grúpa fócais tograí le daoine a úsáideann seirbhísí le linn an phróisis fhorbartha caighdeán.

Thugamar faoi chomhairliúchán poiblí ar na tacair chaighdeán go léir ar fhorbair an fhoireann iad. Tionóltar grúpa comhairleach sonrach do chaighdeáin chúram sláinte agus chúraim shóisialta i leith gach tacair chaighdeán. Forbraítear caighdeáin theicniúla i gcomhar lenár nGrúpa Comhairleach um Chaighdeáin Ríomhsheirbhísí Sláinte. Is trí Ghrúpa Stiúrtha (lena n-áirítear baill ó Patient Focus, an grúpa tacaíochta othar), Grúpa Comhairleach agus grúpa oibre a oibrítear an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar.

Chomh maith leis sin, thugamar faoi mhéid suntasach oibre i gcomhar le páirtithe leasmhara trínár rannpháirtíocht maidir le coistí comhairleacha agus grúpaí oibre sa bhliain 2017. Rinne baill den fhoireann cathaoirleacht ar an nGrúpa Rialachais SNOMED CT agus ar an nGrúpa Stiúrtha um Rochtain ar Fhaisnéis. Rinneamar rannchuidiú le hobair na ngníomhaireachtaí seachtracha trínár mballraíocht den Ghrúpa Oibre um Rochtain ar Fhaisnéis agus den Choiste um Chaighdeáin Faisnéisíochta Sláinte de chuid an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

D'fhreastail baill den stiúrthóireacht ar roinnt comhdhálacha agus ócáidí sa bhliain agus chuir siad póstaer i láthair lena linn. Cuireadh cúig cinn dár bpóstaer ar taispeáint ag an 2ú Comhdháil de chuid na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Mí Dheireadh Fómhair 2017. Léirítear iontu an obair a cuireadh i gcrích nó atá ar siúl faoi láthair. Léirigh toscairí na comhdhála an-spéis iontu.

Ag comhdháil náisiúnta Chumann Faisnéisíochta Sláinte na hÉireann (HISI), a bhí ar siúl i Mí na Samhna 2017, reáchtáil an fhoireann Faisnéis Sláinte seisiún ceardlainne iomlán inar pléadh na tionscadail atá ar bun ag HIQA. Tugadh trí láithreoireacht ag an seisiún ceardlainne seo mar ar chruthaigh ár gcuid oibre an-spéis i measc na ndaoine a bhí i láthair. De bhreis air sin, thug ball den fhoireann láithreoireacht le linn an tseisiúin pháipéar acadúil den chomhdháil. Ina theannta sin, bhí dhá phóstaer ar taispeáint againn le linn na comhdhála. Tugadh faisnéis iontu faoin obair atá idir lámha againn.

4.4 Oibríochtaí

Féachann foireann Oibríochtaí HIQA lena chinntiú go bhfuil córais, bonneagar agus acmhainní atá éifeachtach i bhfeidhm ag HIQA chun tacú le cuspóirí ár bplean gnó a ghnóthú ar bhealach éifeachtúil. Leanadh leis na feidhmeanna sin a neartú agus a fhorbairt sa bhliain 2017.

4.4.1 Acmhainní Daonna

Tacaíonn an fhoireann Acmhainní Daonna leis an gcaidreamh le fostaithe, le forbairt bheartas, le hearcaíocht, le párolla agus pinsin, le bainistíocht feidhmíochta agus le forbairt eagraíochta. Déanann sí an méid sin ar fad trí obair i gcomhpháirt leis an lucht bainistíochta agus le baill foirne agus trí shaineolas gairmiúil a sholáthar.

Chuir HIQA Córas nua Faisnéise Acmhainní Daonna chun feidhme sa bhliain 2017. A bhuí leis an ardán nua, bhíodhas in ann córais uathoibríthe a chur in áit raon próiseas láimhe. Tá an Córas Faisnéise Acmhainní Daonna comhtháite le córas párolla, agus cuirfear raon modúl eile chun feidhme le linn na bliana 2018.

Thugamar faoi shuirbhé rannpháirtíochta fostaithe i Mí Dheireadh Fómhair chun dearcadh reatha na bhfostaithe i leith téamaí éagsúla a thomhas. Tháinig an suirbhé sin sna sála ar shuirbhé tosaigh a seoladh sa bhliain 2015. Léiríodh sa suirbhé gur baineadh feabhsuithe amach ina lán réimsí ón mbliain 2015 i leith, rud ar fianaise é go bhfuil an fórsa saothair níos gafa lena chuid oibre agus go bhfuil sé ag teacht níos gaire le straitéis agus treo amach anseo na heagraíochta. Sainaithníodh sa suirbhé gurb ann do roinnt réimsí eile a bhféadfaí feabhsuithe a bhaint amach iontu, amhail foghlaim agus forbairt agus an t-áitreabh. Tabharfar aghaidh ar na réimsí sin trí Straitéis Daoine HIQA.

I Mí Mheán Fómhair, rinne an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann a iniúchadh bliantúil ar an deimhniú a bhain HIQA amach tríd an scéim Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe. Dearbhaíodh deimhniú leanúnach HIQA le linn an iniúchta, ar deimhniú é lena sainaithnítear a thiomanta atá sé d'fheabhas a chur ar an gcaidreamh le fostaithe agus ar phróisis bhainistíochta daoine agus lena dtugtar muinín go mbíonn pleananna gnó á gcur chun feidhme go rathúil.

4.4.2 Bainistíocht airgeadais

Le linn na bliana, lean HIQA lenár n-acmhainní airgeadais a bhainistiú ar aon dul le ceanglais rialachais. Bailíodh táillí bliantúla in am agus, trí úsáid a bhaint as buiséadú agus as réamhaisnéisiú leanúnach, bhíodhas in ann caiteachas iarbhair a bhainistiú go slán de réir na n-acmhainní a bhí beartaithe agus na n-acmhainní a bhí ar fáil.

Rinne ár soláthraí iniúcháireachta inmheánaí iniúchadh ar rialuithe inmheánacha airgeadais HIQA le linn na bliana. Níor sainaithníodh aon ábhair imní ábhartha lena linn. Rinneadh tuilleadh uasghráduithe ar na bogearraí airgeadais lena bpróiseáiltear idirbhearta airgeadais agus lena soláthraítear faisnéis bhainistíochta chun tacú le cinnteoireacht.

Cuireadh cuntais bhliantúla HIQA don bhliain 2017 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir na n-amscálaí atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007. Tá na cuntais sin le fáil i gCaibidil 5.

4.4.3 Bainistíocht cháilíochta

Thosaigh HIQA ar Chóras Bainistíochta Cáilíochta a fhorbairt le linn na bliana 2017. Thosaíomar ar ár bpróisis uile a thaifeadadh ina n-iomláine agus ar nósanna imeachta a dhréachtú lena dtacaítear le cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh i leith ár gcuid oibre ar fad. Aistríodh gach doiciméad rialaithe chuig ár gcóras bainistíochta doiciméad ansin. Rinneadh méid suntasach oibre ar thaifid chruachóipe a chothabháil freisin.

Chomh maith leis sin, chríochnaíomar obair ar shásraí feabhsúcháin chun a chinntiú go bhfoghlaímíonn HIQA na ceachtanna atá riachtanach, go gceartaíonn sé aon fhadhbanna agus go gcinntíonn sé nach dtarlódh siad arís. Chuige sin, thug an fhoireann iniúchóireachta inmheánaí faoi roinnt measúnuithe cáilíochta agus iniúchtaí le linn na bliana.

4.4.4 Córais faisnéise

D'oibríomar chun ár gcórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a fheabhsú freisin. A bhuí leis an obair sin, méadaíodh feidhmiúlacht, acmhainn agus iontaofacht na gcóras agus cuireadh feabhas ar a shláine atá siad.

Tugadh faoi obair shuntasach forbartha chun córas faisnéise fiontair HIQA a fheabhsú chun tacú le gníomhaíocht, próisis agus rialuithe rialála nua. Is é an aidhm atá leis an obair leanúnach sin éifeachtúlacht a bhaint amach agus cur chuige digiteach a bhrú chun cinn i leith dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara. Rinneadh obair bhreise chun ullmhú do na feidhmeanna rialála nua a bhfuil sé beartaithe ag HIQA iad a chomhlíonadh sa bhliain 2018.

Ceapadh conraitheoir nua seirbhíse bainistithe agus cuireadh béim athnuaite ar phróisis inmheánacha a chuíchóiriú chun a chinntiú go gcloítear leis an dea-chleachtas.

Is é Bord um Chláir Chóras Faisnéise atá i bhfeidhm ar fud na heagraíochta a rialaíonn an obair sa réimse seo agus leanann sé lena chinntiú go bhfuil obair na foirne córas faisnéise ag teacht le pleananna corparáideacha agus gnó HIQA.

Leanadh leis an obair ullmhúcháin do theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí i Mí na Bealtaine 2018, agus straitéis rialachais faisnéise agus plean cur chun feidhme á bhforbairt. Cuireadh feabhas ar phróisis chosanta sonraí agus fuair an fhoireann oiliúint ina leith sin le linn na bliana.

Toisc gur eagraíocht faisnéise é HIQA, bíonn sé ag brath ar TFC agus ar fhaisnéis. Le linn na bliana, cuireadh pleananna ar aghaidh le haghaidh acmhainní breise a shainaithint sa réimse sin agus le haghaidh struchtúir a athailíniú ionas go bhféadfaí freastal ar bhealach níos fearr ar riachtanais na heagraíochta. Cuirfear na hathruithe sin chun feidhme go luath sa bhliain 2018.

4.4.5 Úsáid Fuinnimh

Leanaimid le hiarracht a dhéanamh ár n-úsáid fuinnimh a laghdú.


Corcaigh

Tá laghdú 20.01% tagtha ar úsáid fuinnimh i gCorcaigh ón mbliain 2010 i leith, agus é ag laghdú ó 215,128 kWh i Mí na Nollag 2010 go 171,973 kWh i Mí na Nollag 2017. Laghdaíodh astaíochtaí aonocsaíde carbóin faoin gcéatadán céanna thar an tréimhse chéanna dá bharr sin.

Bhain HIQA coigilteas eile 9.5% amach sa bhliain 2017.

Baile Átha Cliath

Ó chuaigh sé isteach sa chlár sa bhliain 2010, d'éirigh le HIQA a úsáid fuinnimh foriomlán (gás agus leictreachas) san oifig i Margadh na Feirme a laghdú faoi 38.8%, agus ár n-úsáid aonad fuinnimh á laghdú ó 1,121,883 kWh go 686,942 kWh. Ba le leictreachas a bhain 35% den laghdú sin agus ba le gás a bhain an chuid eile.



4.4.6 Sláinte agus sábháilteacht

Tá HIQA tiomanta go fóill do shábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteora a chosaint inár n-oifigí. Leanaimid le hacmhainní a infheistiú inár gclár Sláinte agus Sábháilteachta lena gcumasaítear dár gcuid comhghleacaithe ról gníomhach a imirt ina sláinte agus ina sábháilteacht féin a bhainistiú. Suíonn ionadaithe sábháilteachta foirne ar an gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta a thagann le chéile ar bhonn ráithiúil. Soláthraíodh raon seisiún sláinte agus sábháilteachta le linn na bliana. Ní raibh aon timpistí intuairiscithe ann sa bhliain 2017.

4.4.7 An Comhshaol

Thar an mbliain seo a chuaigh thart, rinne ár n-oifigí 11,236 chileagram de pháipéar a athchúrsáil, rud atá cothrom le thart ar 203 chrann a shábháil. Tá iniúchadh á dhéanamh againn faoi láthair ar na bealaí eile inar féidir linn athchúrsáil a mhéadú inár n-oifigí.

4.4.8 Pleanáil

Foilsíodh an *Plean Corparáideach 2016-2018* ó HIQA i Mí Aibreáin 2016. Tá an Plean Corparáideach bunaithe ar Phlean Gnó bliantúil ina leagtar amach na cuspóirí gnó a bhíonn le gnóthú gach bliain. Bhí an Plean Gnó don bhliain 2017 ar an dara plean sa timthriall reatha pleanála corparáidí 3 bliana. Tugtar tuairisc ar ghnóthú na gcuspóirí gnó ag gach gnáthchruinniú de chuid an Bhoird. Seolfar dréachtplean gnó chuig an Aire Sláinte lena bhreithniú laistigh de 30 lá ó chinneadh airgeadais HIQA don bhliain 2018 a fháil.

4.5 Cumarsáid agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

4.5.1 Cúlra

Déanann HIQA cumarsáid rialta leis an bpobal agus lenár raon leathan páirtithe leasmhara ar gach gné den sainchúram leathan atá orainn. Cuireann an fhoireann Cumarsáide agus Caidrimh le Páirtithe Leasmhara faisnéis chruinn thráthúil ar fáil don phobal, agus guth neamhspleách neamhchlaon á chothabháil aici ag an am céanna.

Is croíluachanna de chuid HIQA iad oscailteacht agus trédhearcacht agus cuireadh na luachanna sin i bhfeidhm i ngach tuarascáil agus i ngach moladh a foilsíodh le linn na bliana 2017. Leanaimid de bheith ag obair leis na meáin agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go dtuairiscítear faisnéis faoinár gcuid oibre ar bhealach cruinn cuí agus go gcuirtear an pobal ar an eolas faoin obair a dhéanaimid agus go gcabhraítear leis an bpobal teacht ar an obair sin agus í a thuiscint.

4.5.2 Feidhmeanna

Cuireann an fhoireann Cumarsáide agus Caidrimh le Páirtithe Leasmhara naoi bhfeidhm i gcrích chun freastal ar riachtanais chumarsáide HIQA. Is iad sin:

- caidreamh leis an bpreas agus leis na meáin
- foilsiú agus foilseacháin a bhainistiú
- caidreamh agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara
- gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha
- cumarsáid ar líne
- cumarsáid inmheánach
- cumarsáid a stiúradh maidir leis an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar
- Saoráil Faisnéise
- gearáin a bhainistiú.

4.5.3 Caidreamh leis an bpreas agus leis na meáin

Thug eagraíochtaí idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla tuairisc ar obair HIQA i meáin chlóite, chraolta agus ar líne sa bhliain 2017. Thugamar freagra tráthúil ar gach ceist a fuarthas ó na meáin.

D'éisigh HIQA 38 bpreaseisiúint le linn na bliana 2017. Áiríodh leo sin na mórimeachtaí seo a leanas a eagraíodh do na meáin: measúnú teicneolaíochta sláinte a fhoilsiú ar idirghabhálacha scoir den tobac; an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar a sheoladh; caighdeán náisiúnta a fhoilsiú le haghaidh teagmhais sábháilteachta othar a athbhreithniú agus le haghaidh ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus a rialú; measúnú teicneolaíochta sláinte a fhoilsiú ar roghanna cóireála agus iompair d'othair aistrithe Thosaíocht 1; agus na fionnachtana a fhoilsiú ón bpobalbhreith náisiúnta a rinne Red C ar sheirbhísí cúraim shláinte agus cúraim shóisialta. D'ullmhaíomar 3 fhíseán faisnéise poiblí chun a bheith ag gabháil le preaseisiúintí freisin.

4.5.4 Foilsiú agus foilseacháin a bhainistiú

Trí oiliúint foirne agus trí eagarthóireacht inmheánach, leanann HIQA le Béarla soiléir agus teanga intuigthe a úsáid agus ár bhfoilseacháin uile a n-ullmhú againn. Chuireamar oiliúint i dtuarascálacha inmheánacha a scríobh agus Béarla soiléir a úsáid ar 35 bhall foirne sa bhliain 2017.

Foilsímid ár gcuid tuarascálacha agus foilseachán ar bhealach tráthúil ar ár suíomh Gréasáin www.hiqa.ie, áit ar féidir iad a íoslódáil go héasca. D'fhoilsíomar 45 dhoiciméad dhifriúla sa bhliain 2017, lenar áiríodh caighdeáin, tuarascálacha bliantúla, measúnuithe teicneolaíochta sláinte agus treoirchoiciméid. Dhearamar grafaicí faisnéise do roinnt foilseachán uainn freisin chun iad a dhéanamh níos inrochtana.

Foilsíodh níos mó ná 1,400 tuarascáil chigireachta ar ár suíomh Gréasáin sa bhliain 2017. D'eisíomar 111 ráiteas foilseacháin freisin chun a bheith ag gabháil le foilsiú na dtuarascálacha cigireachta ar sheirbhísí cúraim shláinte agus cúraim shóisialta.

Cineál tuarascála cigireachta	An líon iomlán tuarascálacha a foilsíodh
Cúram sláinte	63
Leanaí (gan leanaí faoi mhíchumas a bheith san áireamh)	41
Daoine faoi mhíchumas (leanaí faoi mhíchumas san áireamh)	732
Tithe altranais	596
Iomlán	1,432

4.5.5 Caidreamh agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara

Cuid thábhachtach d'obair HIQA is ea ról a thabhairt don phobal i gcomhairliúcháin. Sa bhliain 2017, sheolamar comhairliúcháin phoiblí sular thugamar roinnt caighdeán agus treoirlínte chun críche, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- *Dréachtcaighdeáin Náisiúnta do Lárionaid Chónaithe do Leanaí (Béarla)*
- *Dréacht-Treoirlínte don Anailís Tionchar Buiséid ar Theicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn (Béarla)*
- *Dréacht-Treoirlínte don Mheastóireacht Eacnamaíoch ar Theicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn (Béarla)*
- *Caighdeáin Idir-inoibritheachta Ríomhsheirbhísí Sláinte a Fhorbairt d'Éirinn: Doiciméad Comhairliúcháin (Béarla)*
- *Dréachtmheasúnú teicneolaíochta sláinte ar idirghabhálacha scoir den tobac (Béarla)*

Le linn na gcomhairliúcháin, tugadh cuireadh do na páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí agus aiseolais a chur isteach maidir leis na dréachtdoiciméid. Cuireadh na tuairimí sin san áireamh sna caighdeáin deiridh, ar cheadaigh Bord HIQA iad ina dhiaidh sin.

Le linn na bliana, leanamar de bheith ag foilsiú HIQA News, an nuachtlitir uainn atá dírithe ar pháirtithe leasmhara agus ar an bpobal. Bhí 3,566 dhuine liostaithe leis an nuachtlitir ag deireadh na bliana 2017. D'athraíomar ó gach eagrán de HIQA News a fhoilsiú ar bhonn ráithiúil go heagrán a fhoilsiú gach dhá mhí le linn na bliana freisin.

Chomh maith leis sin, chabhraigh an fhoireann le roinnt imeachtaí agus seimineár faisnéise a eagrú agus a óstáil do pháirtithe leasmhara. Áiríodh leo sin ocht seimineár maidir le cur chuige feabhsaithe faireacháin HIQA; HIQA 10 – léacht maidir le hathchóiriú cúraim shláinte a eagraíodh chun an 10ú bliain d'obair HIQA a cheiliúradh; agus dhá sheimineár náisiúnta faisnéise sláinte.



Sa phictiúr ag léacht a tionóladh i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i Mí na Bealtaine chun an 10ú bliain d'obair HIQA a bhí: Jim Breslin, Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte; Tony O'Brien, Ard-Stiúrthóir FSS; Phelim Quinn, Príomhfheidhmeannach HIQA; agus an Dr Rafael Bengoa, saineolaí idirnáisiúnta ar athchóiriú cúraim shláinte a thug an t-eochairaitheasc ag an imeacht.

I Mí na Bealtaine 2017, d'fhoilsiomar na fionnachtana ó phobalbhreith náisiúnta a sheol Red C chun dearcadh an phobail i leith cúraim shláinte agus cúraim shóisialta a fháil ar mhaithe le bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre amach anseo. Fuarthas amach sa suirbhé go bhfuil taithí ag 63% de dhaoine in Éirinn ar dhrochsholáthar seirbhísí cúraim shláinte agus cúraim shóisialta.

4.5.6 Gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha

Ós rud é go bhfuil HIQA cuntasach don Rialtas agus do Thithe an Oireachtais, cinntíonn sé go gcuirtear faisnéis atá cruinn, mionsonraithe agus cothrom le dáta ar fáil d'ionadaithe poiblí agus d'oifigigh poiblí ar bhealach pras comhsheasmhach.

Déanaimid cumarsáid dhíreach leis an Aire Sláinte, leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis na hairí stáit sa Roinn Sláinte, le ranna Rialtais, le coistí Oireachtais agus le hurlabhraithe de chuid an fhreasúra.

Fuaireamar 26 cheist pharlaiminteacha agus thugamar freagra orthu go léir an bhliain seo caite. Tá ról tábhachtach ag ceisteanna parlaiminteacha maidir lena chinntiú go mbíonn obair HIQA trédhearcach agus cuntasach agus go dtuairiscítear ar bhealach cruinn cothrom í.

Ba leis na nithe seo a leanas a bhain na ceisteanna parlaiminteacha ar thug HIQA freagra orthu sa bhliain 2017:

- Seirbhísí Corparáideacha 16 (61%)
- Rialáil 8 (31%)
- Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh 1 (4%)
- Caighdeán 1 (4%).

Tugadh freagra iomlán ar gach ceist in am. Thugamar freagra freisin ar iarraidh fhoirmiúil amháin ar faisnéis. Fuarthas an iarraidh sin ón Roinn Sláinte agus bhain sí le faisnéis faoin bhfeidhm rialála atá againn. Tá an raon ceisteanna agus éagsúlacht na gceisteanna a fuarthas ón lucht polaitíochta ar fad mar fhianaise ar an spéis ghinearálta a chuireann ionadaithe tofa inár gcuid oibre.

Ina theannta sin, leanaimid lenár gcaidreamh le hurlabhraithe de chuid na bpríomhpháirtithe freasúra maidir le saincheisteanna cúraim shláinte agus cúraim shóisialta (seirbhísí do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas agus do leanaí). Faigheann HIQA ceisteanna díreacha ó ionadaithe poiblí agus óna n-oifigí ar bhonn leanúnach freisin.

Sa bhliain 2017, ghlac HIQA páirt ghníomhach i gcomhairliúcháin phoiblí ar réimsí a thagann faoinár sainchúram. Bunaithe ar an taithí atá againn ar chóras cúraim shláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann, chuireamar aighneachtaí faoi bhráid na Roinne Sláinte maidir leis an athbhreithniú ar acmhainn na seirbhíse sláinte, maidir le scéim bheartaithe um sheirbhísí cúraim bhaile a rialáil, maidir le buiséid phearsantaithe do dhaoine faoi mhíchumas, agus maidir le dréachtchreat beartais faisnéise sláinte.

Bhí roinnt deiseanna ag HIQA anuraidh chun faisnéis a thabhairt do Choistí Oireachtais faoinár gcuid oibre. Thángamar os comhair an Choiste um Chúram Sláinte sa Todhchaí chun athchóiriú cúram sláinte a phlé ar 1 Feabhra 2017. Ina dhiaidh sin i Mí na Bealtaine 2017, d'fhreastalaíomar ar sheisiúin phoiblí de chuid an Chomhchoiste um Shláinte agus an Chomhchoiste um Leanaí agus Gnóthaí Óige chun faisnéis a thabhairt dóibh faoin dóigh a rialáiltear seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus faoin dóigh a rialáiltear seirbhísí cúraim altrama faoi seach. San fhómhar, thángamar os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí ar dhá ócáid chun faisnéis a thabhairt dó faoinár ráitis airgeadais don bhliain 2016 agus faoinár rialachas eagraíochtúil agus faoin dóigh a mbainistímid coinbhleacht leasa. Ar deireadh, i Mí na Samhna 2017, thugamar an t-eolas is deireanaí don Chomhchoiste um Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an ról atá againn i bhfaireachán agus cigireacht a dhéanamh ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.



Baill d'Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin HIQA agus iad ag freastal ar an gCoiste Oireachtais um Chúram Sláinte sa Toghchán ar 1 Feabhra 2017: Rachel Flynn, Phelim Quinn, Mary Dunnion agus Máirín Ryan. Grianghraf le Tom Burke.

Sa bhliain 2017, d'fhoilsíomar dhá pháipéar taighde a cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte agus na Roinne Sláinte. Léiríodh sna doiciméid sin nach dtagann faoin sainmhíniú ar lárionad ainmnithe atá san Acht Sláinte 2007 gach ceann de na samhlacha cúraim atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn in Éirinn do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas.

4.5.7 Cumarsáid ar líne

Déanann an fhoireann Chumarsáide agus Chaidrimh le Páirtithe Leasmhara bainistiú ar ár gcainéil ar líne uile, lena n-áirítear ár suíomh gréasáin, ár gcóras inlín agus ár suíomhanna meán sóisialta amhail ár leathanaigh ar Twitter agus ar Facebook.

Leanann suíomh gréasáin HIQA lena bheith ina fhoinse thábhachtach faisnéise dár bpáirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne.



Sheolamar ár suíomh gréasáin nuafhorbartha i Mí Feabhra. Tar éis dúinn freagairt d'aiseolas ón bpobal, is amhlaidh anois go bhfuil rannán tiomnaithe tuarascálacha agus foilseachán ann ar an suíomh, go bhfuil ardchuardach eochairfhocail le fáil air agus go bhfuil sé freagrúil do ghléasanna soghluaiste. Tháinig méadú 12% ar an líon úsáideoirí gléis shoghluaiste a thug cuairt ar an suíomh gréasáin le linn na bliana 2017.

Ba iad na cúig roinn ba mhó cuairt ar www.hiqa.ie ná an leathanach baile; an rannán nua tuarascálacha cigireachta; gairmeacha; caighdeáin agus cáilíocht; agus 'aimsigh lárionad'.

Íoslódáladh doiciméid 322,879 n-uairé ónár suíomh sa bhliain 2017. Ba iad seo a leanas na ceithre dhoiciméad ba mhó íoslódáil:

1. *Caighdeáin Náisiúnta um Shuíomhanna Cúram Cónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn (Béarla)*
2. *Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus Aosaigh faoi Mhíchumas (Béarla)*
3. *Do threoir maidir leis na Caighdeáin Náisiúnta um Shuíomhanna Cúraim Chónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn (Béarla)*
4. *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr (Béarla)*

Leanann HIQA le leas a bhaint as na meáin shóisialta chun dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear ár leathanach ar Facebook, ár gcuntas ar Twitter agus ár leathanach ar LinkedIn. Trínár gcaidreamh agus trínár dteagmhálacha ar na meáin shóisialta, cothaímid pobal a bhfuil spéis aige san obair a dhéanann HIQA agus iarraimid ionchur ó gheallsealbhóirí. Sa bhliain 2017, tháinig méadú 30% ar an líon leantóirí atá ag HIQA ar Twitter. Tháinig méadú 14% ar an líon toghanna a fuarthas ar leathanach HIQA ar Facebook le linn na bliana freisin. Chuir an fhoireann Chumarsáide 14 fhíseán le chéile sa bhliain 2017 agus d'fhoilsigh sí iad sin sna meáin shóisialta chun feachtas a mhéadú ar obair HIQA agus chun ár gcuid oibre a dhéanamh níos inrochtana d'ár bpáirtithe leasmhara.

Tá foireann Chumarsáide HIQA freagrach freisin as na cuntais mheán sóisialta don Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar. Féach Cuid 4.5.9 chun tuilleadh faisnéise a fháil.

4.5.8 Cumarsáid inmheánach

Cothaímid cumarsáid inmheánach ar fud HIQA. Bhí cruinnithe rialta foirne agus ár gcóras inlín ar na príomhfhoinsí cumarsáide inmheánaí faoi ghníomhaíochtaí HIQA agus coinníodh an fhoireann ar an eolas faoi gach athrú agus faoi gach forbairt laistigh den eagraíocht. Scaiptear an nuacht laethúil is déanaí ar gach ball foirne agus ar gach comhalta Boird. Úsáidtear an ríomhíris mhíosúil inmheánach foirne chun an fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi obair HIQA agus chun nuacht foirne a thabhairt dóibh.

4.5.9 Cumarsáid a stiúradh maidir leis an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar

Stiúrann foireann Chumarsáide HIQA na teachtaireachtaí poiblí uile maidir leis an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar. I gcomhpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus leis an Roinn Sláinte, rinneamar straitéis chumarsáide a cheapadh agus a chur chun feidhme sa bhliain 2017 ar mhaithe le rannpháirtíocht a uasmhéadú sa suirbhé. Toisc gur thionscnamh nua é sin, ba ghá feachtas faisnéise náisiúnta a reáchtáil chun feachtas an phobail a mhéadú agus chun tacaíocht a ghnóthú.

D'fhorbair an fhoireann brandáil, suíomh gréasáin tiomnaithe agus cuntais mheán sóisialta don fheachtas, mar aon le hábhair fógraíochta amhail naipcíní, póstaer agus meirgí aníos agus paca faisnéise do bhaill foirne ospidéal. Seoladh an feachtas ar 1 Bealtaine 2017 trí leas a bhaint as feachtas comhtháite meán sóisialta. Sruthaíodh an t-imeacht seolta ar Facebook Live agus beotvuíteáladh é. Cruthaíodh físeán beochana ar bhonn inmheánach freisin chun an suirbhé a mhíniú. Is féidir amharc ar an bhfíseán ar YouTube. Rinneadh cúig phreaseisiúint náisiúnta agus 22 phreaseisiúint spriocdhírithé réigiúnacha a eisiúint mar chuid den fheachtas faisnéise chomh maith.

Ina theannta sin, chuir an fhoireann tuarascáil náisiúnta, 39 dtuarascáil réigiúnacha ospidéal, 39 ngrafaic faisnéise agus físeán beoite le chéile le haghaidh sheoladh na dtorthaí ón gcéad Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar i Mí na Nollag 2017.

4.5.10 Saoráil Faisnéise

Fuair HIQA 50 iarraidh Saorála Faisnéise san iomlán sa bhliain 2017 agus thug sé iarraidh amháin ar aghaidh ón mbliain 2016. De na 51 iarraidh sin, géilleadh do naoi gcinn; géilleadh go páirteach do 21 cheann; diúltaíodh géilleadh do 10 gcinn; láimhseáladh trí cinn lasmuigh den phróiseas Saorála Faisnéise nó tarraingíodh siar iad; aistríodh trí cinn chuig gníomhaireacht eile rialtais; agus tugadh cúig cinn ar aghaidh go dtí an bhliain 2018.

Ba de réir cheanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, a tugadh freagra ar gach iarraidh. Chuir HIQA oiliúint athnuachana ar roinnt cinnteoirí le linn na bliana 2017. Ceapadh roinnt cinnteoirí nua le linn na bliana agus cuireadh oiliúint ar na daoine sin freisin.

4.5.11 Gearáin

Fáiltíonn HIQA roimh thuairimí, moltaí agus gearáin faoina fheidhmíocht agus faoina iompar agus é ag comhlíonadh na ndualgas reachtúil agus na bhfreagrachtaí reachtúla atá air. Féadfaidh soláthraithe seirbhíse, othair, cúramóirí, gaolta, eagraíochtaí príobháideacha agus deonacha, gníomhaireachtaí reachtúla agus an pobal i gcoitinne an t-aiseolas sin a chur ar fáil. Fáiltíonn HIQA roimh gach cineál aiseolais agus measann sé go bhfuil gearáin ina ndeiseanna chun cleachtais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus réimsí feabhais a shainaithint. Tá sé mar aidhm againn gearáin a réiteach go héifeachtach agus go gasta agus úsáidimid cur chuige luathréitigh maidir le gearáin nuair is féidir.

Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas Gearán i Mí na Bealtaine 2017. Fuair HIQA 12 ghearán le linn na bliana 2017 agus dhéileáil sé le gach ceann díobh le linn na tréimhse sin.

4.6 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

4.6.1 Cúlra

Soláthraíonn Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh maoirseacht, treo agus tacaíocht chun HIQA a chumasú a chuspóirí a ghnóthú laistigh de chreat rialachais. Is é atá i gceist leis sin tacaíocht éifeachtach a thabhairt don Bhord agus dá chuid coistí ionas go soláthraítear an straitéis agus go ndéantar faireachán ar fheidhmíocht ar bhealach a chinntíonn go gcomhlíonann HIQA na ceanglais reachtúla atá air.

4.6.2 Cruinnithe Boird agus coiste

Thionóil an Bord 12 chruinniú le linn na bliana 2017. Tá ceanglas reachtúil ar an mBord 6 chruinniú a thionól. Thionóil an Bord 6 chruinniú eile le linn na bliana chun míreanna sonracha gnó a chur ar aghaidh gan aon mhoill mhíchúí, amhail breithniú a dhéanamh ar théarmaí tagartha le haghaidh imscrúduithe a thosú ar iarratas ón Aire Sláinte.

Coistí Boird

Tugann na coistí Boird cúnamh agus tacaíocht don Bhord trí mhaoirseacht níos mine a dhéanamh ar chroírimsí a bhaineann le feidhmeanna agus oibríochtaí HIQA.

Tá ceithre choiste ag an mBord. Is iad sin:

- **An Coiste Rialála**, a dhéanann maoirseacht ar éifeachtacht, ar rialachas, ar chomhlíonadh agus ar rialuithe maidir leis an dóigh a gcomhlíonann HIQA na feidhmeanna rialála atá aige. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huair sa bhliain 2017.
- **An Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais**, a thacaíonn leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe agus tugann sé tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord gach bliain. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uair sa bhliain 2017.
- **An Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta**, a dhéanann maoirseacht ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm le haghaidh forbairt caighdeán, faisnéis sláinte agus measúnú teicneolaíochta sláinte. Déanann sé maoirseacht ar chomhlíonadh na socruithe sin agus ar na rialuithe atá i bhfeidhm ina leith freisin. Tháinig an Coiste le chéile trí huair sa bhliain 2017.
- **An Coiste Maoirseachta ar Acmhainní**, a dhéanann faireachán ar riachtanais acmhainní HIQA chun a chinntiú go bhfuil siad ar chomhréim le straitéis chorparáideach HIQA. Déanann sé maoirseacht ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní freisin. Ina theannta sin, déanann an Coiste maoirseacht ar riachtanais eagraíochta agus ar fheidhmíocht an lucht bainistíochta. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huair sa bhliain 2017.

4.6.3 Rialachas corparáideach

Tá Bord HIQA freagrach as córas rialaithe inmheánaigh HIQA agus as athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus iad sin a bhaineann le bainistíocht riosca.

Chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh, glacann an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais ról gníomhach i gcomhordú a dhéanamh ar an dearbhú a fhaightear ó na foinsí éagsúla seo a leanas:

- I Obair iniúcháireachta inmheánaí
- Iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Bainistíocht riosca
- Athbhreithniú ar rialuithe airgeadais
- Athbhreithniú ar ráitis airgeadais.

Ina theannta sin, tá próiseas i bhfeidhm trína dtugann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ráiteas dearbhaithe bliantúil don Bhord, rud ina leagtar amach na rialuithe lena gcumhdaítear feidhmeanna HIQA. Cuirtear tuarascálacha rialta feidhmíochta corparáidí ar fáil don Bhord, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le rioscaí corparáideacha. Tugann an Príomhfheidhmeannach tuairisc ag gach cruinniú Boird. Tugann na coistí Boird tuairisc don Bhord.

Comhlíonadh an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit

Le linn na bliana 2017, rinne HIQA athbhreithniú ar a Chód Rialachais, ar a Chód Iompair Ghnó agus ar bheartais ghaolmhara rialachais agus nósanna imeachta ghaolmhara rialachais chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an leagan athbhreithnithe den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tugadh faoi dhá athbhreithniú inar deimhníodh go bhfuiltear ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais; rinneadh athbhreithniú iniúcháireachta inmheánaí; agus rinne an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann measúnú ar HIQA, ar dá bhun a bronnadh Caighdeán Rialachais SWIFT3000 orainn.

Tá tuarascáil rialachais mhionsonraithe san áireamh sna ráitis airgeadais bhliantúla don bhliain 2017.

Caibidil 5:

Ráitis airgeadais bhliantúla don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Innéacs:

Faisnéis ghinearálta	72
Tuarascáil an Chathaoirligh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017	73
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	74
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	77
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	82
Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017	87


Faisnéis ghinearálta

Seoladh	Aonad 1301, Geata na Cathrach, Machain, Corcaigh T12 Y2XT
Baincéirí	Banc Uladh 95 An Phríomhshráid Mainistir na Corann Co. Chorcaí P25 RW67
Iniúcháirí	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72
Aturnaetha	Beauchamps Cois Abhann a Dó Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2 D02 KV6

Tuarascáil an Chathaoirligh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Pléitear sa tuarascáil seo leis na ceanglais atá sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, mar atá sonraithe i gCuid 1.9: Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais, ina leagtar amach na nithe is gá a chur ar áireamh sa Tuarascáil Chuimsitheach ón gCathaoirleach chuig an Aire.

- Tá ráiteas faoi rialú inmheánach san áireamh sa tuarascáil seo.
- Deimhním nach raibh aon fhorbairtí ann a bhí suntasach ó thaobh na tráchtála de a chuaigh i bhfeidhm ar HIQA le linn na bliana, lenar áiríodh bunú fochuideachtaí nó comhfhiontar agus ceannacháin scaireanna.
- Níor fágadh aon idirbhearta airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe gan nochtadh.
- Dearbhaím go bhfuil gach nós imeachta cuí i bhfeidhm le haghaidh tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, soláthair, taistil agus diúscairtí sócmhainní.
- Dearbhaím gur cuireadh Cóid Iompair Ghnó i bhfeidhm do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe agus gur cloíodh leis na Cóid sin.
- Dearbhaím go bhfuiltear ag comhlíonadh an bheartais Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus maidir le pá gach fostaí eile de chuid HIQA.
- Dearbhaím go bhfuiltear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ón Rialtas maidir le hóc táillí Stiúrthóirí, mar atá curtha in iúl ag an Roinn Sláinte. Tá sceideal táillí agus speansas ar áireamh sa Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird.
- Níl aon teagmhais shuntasacha tar éis dáta an chláir chomhardaithe le tuairisciú.
- Deimhním go bhfuiltear ag comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí, a cuireadh in oiriúint go cuí do chúinsí HIQA.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh nochtuithe cosanta a dhéanamh de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá tuarascáil maidir le nochtadh cosanta ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil.
- Deimhním go bhfuiltear ag comhlíonadh cheanglais bheartas taistil an Rialtais i ngach slí.
- Deimhním gur chomhlíon HIQA na hoibleagáidí atá air faoin dlí cánachais.
- Le linn na bliana 2017, bhí dhá dhíospóid dhlíthiúla ag HIQA le gníomhaireacht eile stáit, ba é sin, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Thionscain HIQA nósanna imeachta rialála in aghaidh FSS faoin Acht Sláinte 2007 chun coinníollacha sriantacha a fhorchur ar an gclárú a bhí ag lárionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas. Sa chás eile, rinne an FSS achomharc in aghaidh cinneadh rialála a bhain le lárionad ainmnithe do dhaoine scothaosta.
- Deimhním gur glacadh an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Creidim gur féidir le HIQA a thaispeáint go bhfuil an Cód á chomhlíonadh go substainteach aige agus, mar atá leagtha amach sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach, tá sé ag leanúint lena chuid oibre chun comhlíonadh iomlán a bhaint amach.



Brian McEnery
Cathaoirleach

Dáta: 24 Aibreán 2018

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

1. Raon freagrachta

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 agus cloítear leis an gCód Rialachais atá i bhfeidhm ag an Údarás é féin.

2. Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in HIQA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais, ach amháin i gcás na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh atá leagtha amach thíos.

3. Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais i bhfeidhm ag HIQA. Cuimsíonn sé seisear comhaltaí Boird, a bhfuil an Cathaoirleach ina dhuine amháin díobh, agus comhalta seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta aige. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire sa bhliain 2017.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ar bun ag HIQA freisin, rud a dtugtar sách acmhainní di agus a sheolann clár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais.

Rinne an Bord beartas bainistíochta riosca a cheadú, rud ina leagtar amach an fonn riosca atá ar HIQA, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige, agus na ról atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas sin chuig gach ball foirne ar dóigh dóibh obair de réir bheartais bhainistíochta riosca HIQA ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

4. Creat riosca agus rialaithe

Chuir HIQA córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainiúitear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach *(ar lean)*

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh HIQA. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad agus déanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais athbhreithniú orthu agus tugann sé cothrom le dáta iad ag gach cruinniú. Úsáidtear na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad agus/nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

5. Soláthar

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag HIQA chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar. Is leagtha amach faoi shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos atá na hábhair a tháinig chun cinn i ndáil le rialuithe ar sholáthar.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach *(ar lean)*

6. Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag HIQA chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de HIQA atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú HIQA ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.


Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2017 i Mí Eanáir 2018.

7. Saincheistean na rialaithe inmheánaigh

Le linn na bliana 2017, tabhaíodh caiteachas €252,000 i ndáil le seirbhísí mar nár chomhlíon na nósanna imeachta soláthair a cuireadh i bhfeidhm na treoirlínte soláthair. Is é seo a leanas an chúis leis an neamhchomhlíonadh:

- Ar feitheamh creataí soláthair a bheith tugtha chun críche ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, choinnigh HIQA conarthaí a bhí ann cheana dar luach €61,000 ar bun. A luaithe a tháinig na creataí nua ón Oifig um Sholáthar Rialtais i bhfeidhm, bhain HIQA leas astu sin i ngach cás chun a chinntiú go gcomhlíonann a ghníomhaíochtaí soláthair na creataí ina n-iomláine.
- Fostaíonn HIQA baill foirne gníomhaireachta chun cúraimí éagsúla a chur i gcrích. Tar éis do HIQA gníomhaireacht fostaíochta nua a sholáthar sa bhliain 2016, lean sé le gníomhaireachtaí a bhí ann cheana a chonrú. Chaith sé €103,000 ar na baill foirne gníomhaireachta a bhí ag obair dó cheana féin. Nuair a chríochnaigh sannacháin na mball foirne sin, ghlac baill foirne ón ngníomhaireacht fostaíochta nuasholáthartha a n-áit i ngach cás. Scoirfead de na baill foirne gníomhaireachta oidhreachta atá fágtha a fhostú nuair a chríochnóidh a sannacháin sa bhliain 2018.
- An ceanglas a bhí ann 39 dtuarascáil bhreise a dhearadh ar chostas €62,000 mar thoradh ar an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar 2017, ar ina leith nach rabhtas in ann tabhairt faoi na gníomhaíochtaí soláthair riachtanacha de bharr na n-amscálaí a bhí i gceist.
- Tabhaíodh costais dlí €26,000 le gnólacht oidhreachta bunaithe ar an eolas stairiúil a bhí aige ar na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha. Tá an t-ábhar sin socraithe anois agus ní dóigh go dtiocfaidh sé chun cinn an athuir.

Thar ceann an Bhoird,



Brian McEnery
Cathaoirleach

Dáta: 24 Aibreán 2018

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

1. Rialachas

Cuireadh Bord an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ar bun faoin Acht Sláinte 2007. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 den Acht. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann an Bord an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as HIQA a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil.

Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta HIQA.

2. Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach i gCód Rialachais HIQA, áit a bhfuil na hábhair atá forchoimeáda go sonrach dá gcinneadh ag an mBord leagtha amach freisin. Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- aon ábhair fhorchoimeáda a thagann chun cinn.

Ceanglaítear le halt 35 den Acht Sláinte ar Bhord HIQA na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór do Bhord HIQA:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean)

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 35 den Acht Sláinte 2007. Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déantar meastóireacht ar fheidhmíocht HIQA in aghaidh an phlean agus an bhuiséid bhliantúil gach bliain agus ar bhonn leanúnach.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais HIQA ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais HIQA ag 31 Nollaig 2017.

3. Struchtúr an Bhoird

Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, a gceapann an tAire Sláinte gach duine díobh.

Ainm	Ról	Dáta tosaithe na tionachta	Dáta éagtha na tionachta
Brian McEnery	Cathaoirleach an Bhoird	15/05/2013	14/05/2018
David Molony	Comhalta de Bhord HIQA	24/09/2012	23/09/2017
Sheila O'Malley	Comhalta de Bhord HIQA	24/09/2012	23/09/2017
Una Geary	Comhalta de Bhord HIQA	14/02/2013	13/02/2018
Anne Carrigy	Comhalta de Bhord HIQA	15/02/2013	14/02/2018
Bairbre O'Neill	Comhalta de Bhord HIQA	31/03/2014	30/03/2019
Mary Fennessy	Comhalta de Bhord HIQA	07/04/2014	07/04/2019
Judith Foley	Comhalta de Bhord HIQA	07/04/2014	07/04/2019
Molly Buckley	Comhalta de Bhord HIQA	29/07/2015	28/07/2020
Paula Kilbane	Comhalta de Bhord HIQA	29/07/2015	28/07/2020
Stephen O'Flaherty	Comhalta de Bhord HIQA	29/07/2015	28/07/2020
Martin Sisk	Comhalta de Bhord HIQA	29/07/2015	28/07/2020

Chuaigh tionacht beirte comhaltaí boird – David Molony agus Sheila O'Malley – in éag ar 23 Meán Fómhair 2017 agus chuaigh tionacht beirte comhaltaí boird eile – Una Geary agus Ann Carrigy – in éag ar 13 Feabhra 2018 agus ar 14 Feabhra 2018 faoi seach. Rinne an tAire Sláinte an Dochtúir James Kiely, an tOllamh Deirdre Madden, Caroline Spillane agus Enda Connolly a cheapadh chuig na ceithre phost oscailte ar an mbord ar 26 Feabhra 2018.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

(ar lean)

Tugadh faoi dhá mheastóireacht ar rialachas an Bhoird sa bhliain 2017. Díríodh sa chéad mheastóireacht ar an dóigh a bhfuiltear ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Sa dara meastóireacht, rinne an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta measúnú ar rialachas HIQA. Bhain HIQA deimhniú Rialachais SWiFT amach de bhun na meastóireachta sin.

Rinneadh meastóireacht sheachtrach ar an mBord sa bhliain 2016.

4. Coistí an Bhoird

Bhunaigh an Bord ceithre choiste mar seo a leanas:

- a) **An Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais:** a chuimsíonn seisear comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe agus tugann sé tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord gach bliain.
- b) **An Coiste Maoirseachta ar Acmhainní:** a dhéanann faireachán ar riachtanais acmhainní HIQA chun a chinntiú go bhfuil siad ar chomhréim le straitéis chorparáideach HIQA. Déanann sé maoirseacht ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní freisin. Ina theannta sin, déanann an Coiste maoirseacht ar riachtanais eagraíochta agus ar fheidhmíocht an lucht bhainistíochta.
- c) **An Coiste Rialála:** a dhéanann maoirseacht ar éifeachtacht, ar rialachas, ar chomhlíonadh agus ar rialuithe maidir leis an dóigh a gcomhlíonann HIQA na feidhmeanna rialála atá aige.
- d) **An Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta:** a dhéanann maoirseacht ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm le haghaidh forbairt caighdeán, faisnéis sláinte agus measúnú teicneolaíochta sláinte. Déanann sé maoirseacht ar chomhlíonadh na socruithe sin agus ar na rialuithe atá i bhfeidhm ina leith freisin.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean)

80

5. Sceideal freastail, táillí agus speansas do chomhaltaí Boid

Tá sceideal freastail ar chruinnithe Boid agus Coiste sa bhliain 2017 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansas deimhnithe a íocadh le gach comhalta:

	Cruinnithe Boid Reachtula	Cruinnithe Boid Breise	Coiste Iniúchoireachta, Riosca agus Rialachais	Coiste Rialála	Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta	Coiste Maoirseachta ar Acmhainní	Táillí	Speansas deimhnithe
An líon cruinnithe	6	6	7	4	3	4		
Brian McEnery (Cathaoirleach)	4	5	n/b	n/b	n/b	1	€20,520	€443
David Molony*	2	0	n/b	1	2	n/a	€8,747	€726
Sheila O'Malley*	3	1	5	n/b	n/b	4	€8,747	€466
Una Geary	5	6	n/b	4	3	n/a	-	€375
Anne Carrigy	3	5	4	4	n/b	n/a	€11,970	€401
Bairbre O'Neill	5	6	5	n/b	n/b	4	€11,970	-
Mary Fennessy	6	6	n/b	4	3	n/a	€11,970	-
Judith Foley	5	3	n/b	n/b	2	2	-	-
Stephen O'Flaherty	6	5	7	n/b	n/b	4	€11,970	€158
Paula Kilbane	5	6	n/b	2	2	n/a	€11,970	€384
Martin Sisk	5	6	6	2	n/b	n/a	€11,970	-
Molly Buckley	6	4	6	3	n/b	n/a	€11,970	€604
*Chuaigh tionacht Boid an chomhalta seo in éag i mí Mheán Fómhair 2017							€121,804	€3,557

Íocadh táillí leis na comhaltaí Boid de réir na rátaí caighdeánacha ceadaithe do na tréimhsí lena mbaineann. Ón 1 Eanáir 2010 ar aghaidh, is é 20,520 an ráta caighdeánach bliantúil (ar shocraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é) don Chathaoirleach. Ón 1 Eanáir 2010 ar aghaidh, is é 11,970 an ráta caighdeánach bliantúil do chomhalta Boid.

An 1 Samhain 2011, scoireadh de tháillí a íoc le comhaltaí Boid atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Tá an beart sin bunaithe ar threoir an Phrionsabail 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Mar thoradh air sin, ní bhfuair beirt chomhaltaí de Bhord HIOA (Una Geary agus Judith Foley) aon táillí le linn na bliana.

I dteannta na speansas deimhnithe a íocadh go díreach le comhaltaí Boid, d'íoc HIOA suim eile 1,989 as cóiríocht óstáin. Sna cásanna sin, ní dhearna an comhalta Boid lena mbaineann aon éileamh ar speansas chothaithe.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

(ar lean)


6. Na nochtuithe a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon HIQA ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Tá na nochtuithe a cheanglaítear leis an gCód leagtha amach i nótaí 1 go 20 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

7. Ráiteas faoi chomhlíonadh


Ghlac an Bord an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Rinneadh athbhreithniú ar an dóigh a bhfuil HIQA ag comhlíonadh an Chóid le linn na bliana 2017 agus taispeánadh ann go bhfuil sé á chomhlíonadh go substainteach aige. Mar aon leis na hábhair sholáthair dá dtagraítear sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach, tá HIQA ag obair ar chairt do chustaiméirí a fhorbairt faoi láthair, faoi mar a cheanglaítear leis an gCód.

Thar ceann an Bhoird,

Sínithe: 

Brian McEnery
Cathaoirleach

Dáta: 24 Aibreán 2018

Sínithe: 

Comhalta Boird

Dáta: 24 Aibreán 2018

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Tuairim choinníollach ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 5 den Acht Sláinte 2007. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) — An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus cuimsíonn siad:

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas caipitil
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, ach amháin i gcás neamhchomhlíonadh cheanglais FRS 102 i ndáil leis na teidlíochtaí sochar scoir dá dtagraítear thíos, go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ag 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2017 de réir FRS 102.

An bonn don tuairim choinníollach ar na ráitis airgeadais

I gcomhréir leis na hordacháin ón Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte cuntais ar chostais teidlíochtaí sochar scoir ach amháin de réir mar a bhíonn siad iníoctha. Níl an cleachtas sin ag teacht le FRS 102, lena gceanglaítear go n-aithneofar sna ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Níor cainníochtaíodh an tionchar a bheadh ag an neamhchomhlíonadh sin ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain 2017.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta (INTOSAI). Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus ba de réir na gcaighdeán céanna a chomhlíon mé na freagrachtaí eiteiciúla eile atá orm.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

(ar lean)

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, tuarascáil an chathaoirligh, an ráiteas faoi rialú inmheánach agus an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí boird. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Patricia Sheehan

**Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

Bealtaine 2018

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

(ar lean)

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Leagtar freagrachtaí na gcomhaltaí Boird amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird. Tá na comhaltaí Boird freagrach as na nithe seo a leanas:

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 35 den Acht Sláinte 2007
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu is cuí nó nach cuí bonn cuntasafóchta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 35 den Acht Sláinte 2007 ráitis airgeadais an Údarais um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais orthu.

Is é an cuspóir atá agam le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Cé gur ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míráiteas ábhartha, i ngach cás inarb ann dó, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta. Is féidir le míráitis teacht chun cinn as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha i gcás gurb amhlaidh, ina n-aonar nó i dteannta míráiteas eile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar na cinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais lena mbaineann.

Mar chuid d'aon iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar fud an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

(ar lean)

- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor na nochtuithe sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Téim i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a gnóthaíodh le linn m'iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

(ar lean)

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Tuairiscím trí eisceacht freisin i gcás, i mo thuairim féin,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.


Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
€			
Ioncam			
An Roinn Sláinte (Vóta 38, fo-mhírcheann E1)		12,300,000	11,550,000
Táillí bliantúla agus clárúcháin	2	7,069,901	6,843,784
Ioncam eile	3	627,770	467,830
		19,997,671	18,861,614
Caiteachas			
Costais foirne	4	14,887,024	14,078,274
Taisteal agus cothú	9	837,478	805,205
Táillí gairmiúla	10	603,918	504,657
Costais foilsithe		101,837	28,644
Costais tacaíochta	11	1,724,267	1,137,721
Costais bhunaithe	12	1,751,986	1,788,022
		19,906,510	18,342,523
Barrachas don bhliain		91,161	519,091
Barrachas ag 1 Eanáir		840,547	321,456
Barrachas ag 31 Nollaig		931,708	840,547

Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta go léir sa bhliain, seachas dímhéas agus amúchadh, atá ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil.

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe: 
Brian McEnery
Cathaoirleach

Dáta: 24 Aibreán 2018

Sínithe: 
Phelim Quinn
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 24 Aibreán 2018


Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Ioncam			
An Roinn Sláinte (Vóta 38, fo-mhírcheann L)		549,493	719,746
Amúchadh an Chuntais Chiste Caipitil		559,822	1,002,523
		1,109,315	1,722,269
Caiteachas			
Ús léasachta	13	-	8,721
Daingneáin agus feistis	13	7,676	6,887
Trealamh ríomhaire	13	541,817	704,138
Dímheas	13	559,822	510,752
Costas díscríofa an fheabhsúcháin léasachta ar fhoirceannadh léasa	13	-	491,771
		1,109,315	1,722,269
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		-	-
(Easnamh)/barrachas tosaigh		-	-
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		-	-

Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta go léir sa bhliain, seachas dímheas agus amúchadh, atá ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil.

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe: 
Brian McEnery
Cathaoirleach

Dáta: 24 Aibreán 2018

Sínithe: 
Phelim Quinn
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 24 Aibreán 2018

Ráiteas faoin Staid Airgeadais Amhail an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	13	2,144,014	2,154,357
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna Infhaighte	14	656,218	581,963
Airgead agus coibhéisí airgid	16	1,801,705	1,876,151
		<u>2,457,923</u>	<u>2,458,114</u>
Lúide Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	15	<u>(1,526,215)</u>	<u>(1,617,567)</u>
Glansócmhainní Reatha		931,708	840,547
Sócmhainní iomlána lúide Dliteanais Reatha		<u>3,075,722</u>	<u>2,994,904</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Cúlchistí Ioncaim		931,708	840,547
Cuntas Caipitil	17	<u>2,144,014</u>	<u>2,154,357</u>
		<u>3,075,722</u>	<u>2,994,904</u>

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe: 

Brian McEnery
Cathaoirleach

Dáta: 24 Aibreán 2018

Sínithe: 

Phelim Quinn
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 24 Aibreán 2018


Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

An Barrachas Oibriúcháin a réiteach leis an Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	2017 €	2016 €
Barrachas Oibriúcháin	91,161	519,091
(Méadú)/Laghdú ar shuimeanna infhaighte	(74,255)	15,172
(Laghdú)/Méadú ar shuimeanna iníoctha agus fabhrúithe	(91,352)	511,253
Ús a fuarthas	(62)	(173)
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(74,508)	1,045,343
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ceannach sócmhainní seasta	549,493	719,746
Deontais chaipitil a fuarthas	(549,493)	(719,746)
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	0	0
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		
Ús a fuarthas	62	173
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin	62	173
(Glanlaghdú)/Glanmhéadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	(74,446)	1,045,516
Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir	1,876,151	830,635
Airgead agus Coibhéisí Airgid ag 31 Nollaig	1,801,705	1,876,151

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe:



Brian McEnery

Cathaoirleach

Dáta: 24 Aibreán 2018

Sínithe:



Phelim Quinn

Príomhfheidhmeannach

Dáta: 24 Aibreán 2018

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a glacadh leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

1. (a) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais HIQA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 i gcomhréir le FRS 102 (an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn) arna n-athrú leis na hordacháin ón Aire Sláinte maidir le haoisliúntas. I gcomhréir leis na hordacháin ón Aire Sláinte, ní thugann HIQA cuntas ar chostais teidlíochtaí aoisliúntais ach amháin de réir mar a bhíonn siad iníoctha (féach (j) agus (k)). Ní chomhlíonann an bonn cuntasaíochta sin FRS 102, lena gceanglaítear go n-aithneofar costais den sórt sin sa bhliain ina dtuilltear an teidlíocht.

1. (b) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Sláinte le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 35 den Acht Sláinte 2007.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais HIQA.

1. (c) Ioncam

(i) Deontais Oireachtais

Is ionann an tsuim a thugtar chun cuntais agus suim na ndeontas iarbhír a fuarthas sa tréimhse chuntasaíochta. Is sa chuntas caipitil a chaipitlítear an t-ioncam deontais a chuirtear i bhfeidhm chun críocha caipitil ar mhaithe le sócmhainní seasta a cheannach.

(ii) Ioncam ó tháillí bliantúla

Déantar táillí bliantúla ó sholáthraithe Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta a aithint trí huaire in aghaidh na bliana de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 245 de 2009 – na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta a Chlárú), 2009 – agus de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 493 de 2013 – na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta a Chlárú) (Leasú), 2013.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Déantar táillí bliantúla ó sholáthraithe Lárionad Ainmnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas a aithint 3 huairde in aghaidh na bliana de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 366 de 2013 – na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Aosaigh) faoi Mhíchumas a Chlárú), 2013.

(iii) Iarratas ar tháillí a chlárú nó a athrú

Aithnítear iarratais ar tháillí a chlárú nó a athrú tráth a fhaightear an táille ábhartha de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 245 de 2009 – na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta a Chlárú), 2009 – agus de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 366 de 2013 – na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Aosaigh) faoi Mhíchumas a Chlárú), 2013.

(iv) Deontais eile

Is ar bhonn fabhraithe a aithnítear deontais eile, amhail deontais le haghaidh tionscadail arna gcistiú ag an Aontas Eorpach.

1. (d) Fostaithe - sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

1. (e) Suimeanna infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha. Foráil shonrach is ea an soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear í sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh HIQA in ann na suimeanna go léir atá dlíte dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim.

Ní dhíscríobhtar fiach táillí bliantúla ach amháin tar éis don lucht bainistíochta measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht nach mbaileofaí an fiach agus tar éis dó an costas bailithe a chur i gcomparáid leis an bhfiach atá amuigh. Aithnítear gach fiach a díscríobhadh sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim.

1. (f) Léas oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

1. (g) Maoiniú caipitil

Cistítear sócmhainní seasta HIQA ó mheascán de dheontais chaipitil agus de leithdháiltí ón ioncam reatha. Maidir le cistiú a fhaightear ó dheontais, aistrítear é chuig cuntas caipitil a amúchtar ar aon dul le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

1. (h) Réadmhaoín, gléasra agus trealamh agus dímheas

Luaitear réadmhaoín, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh aon soláthair do bhearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar an réadmhaoín, gléasra agus trealamh ar fad ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saol fóna measta, mar a leanas:

■ Ús léasachta	Saolré an léasa
■ Troscán agus feistis	20%
■ Trealamh ríomhaire	33.33%

Déantar ceannacháin sócmhainní a chaipitliú beag beann ar fhoinsé na gcistí, ach amháin i gcás sócmhainní a chistítear ó dheontais ioncaim (neamhchaipitil) a bhfuil a luach faoi bhun na tairsí seo a leanas:

■ Trealamh nó troscán agus feistis	- Níos lú ná €3,809
■ Trealamh ríomhaire nó TFC	- Níos lú ná €1,270

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, má tá an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fóna cheana féin.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

1. (i) Aoisliúntas

De réir alt 27 den Acht Sláinte 2007, chuir HIQA scéim aoisliúntais ar bun ar cheadaigh an Roinn Sláinte í.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Tá an scéim sin ina scéim aoisliúntais sochair shainithe le haghaidh fostaithe. Ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar atá iníoctha. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar baill den scéim iad a chreidiúnú don chaiteachas ioncaim agus caiteachais nuair a fhaightear iad. Déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim a ghearradh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad. De réir ordachán ón Aire Sláinte, ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar a bheidh iníoctha amach anseo.

1. (j) An scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair

Tá gach duine a chuaigh isteach san earnáil phoiblí den chéad uair le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 ina mbaill den scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair trína n-íoctar asbhaintí pinsin i leith gach fostaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim a ghearradh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad. De réir ordachán ón Aire Sláinte, ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar a bheidh iníoctha amach anseo.

1. (k) Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla chuntasaíochta

I dtaca le hullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar shuimeanna na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh tráth dháta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus na suimeanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhir bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

Dímheas agus luachanna iarmharacha

Rinne HIQA athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

2. Ioncam ó Tháillí Bliantúla agus Clárúcháin

	2017 €	2016 €
Táillí bliantúla	6,743,001	6,635,984
Táillí clárúcháin	326,900	207,800
	7,069,901	6,843,784

3. Ioncam Eile

	2017 €	2016 €
Ranníocaíochtaí aoisliúntais	439,588	452,292
Deontais ón Aontas Eorpach agus deontais eile	35,076	15,097
Ioncam ó CICER	151,373	-
Ús a fuarthas	62	173
Ioncam ilghnéitheach	1,671	268
iomlán	627,770	467,830

4. Costais Foirne

	2017 €	2016 €
Pá agus tuarastail	11,577,355	10,660,820
Pinsin	494,694	728,780
Liúntais	-	747
Baill foirne gníomhaireachta	1,642,263	1,559,542
Táillí comhaltaí Boird	121,805	128,250
Árachas sóisialach pá-choibhneasta (ÁSPC) ón bhfostóir	1,050,907	1,000,135
iomlán	14,887,024	14,078,274

Rinneadh asbhaintí €558,045 (2016, €577,168) a bhain le pinsin as tuarastail na foirne agus íocadh iad sin ar aghaidh leis an Roinn Sláinte.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

5. Luach Saothair

5.a Sochair Chomhiomlána Fostaithe

	2017 €	2016 €
Sochair ghearrthéarmacha fostaithe	11,439,875	10,661,567
Teidlíocht saoire bliantúla a bhí amuigh	134,328	155,643
Sochair foirceanta	137,480	-
Ranníocaíocht ón bhfostóir le leas sóisialach	1,050,907	1,000,135
	12,762,590	11,817,345

Ba é 213 dhuine (2016, 196 dhuine) an líon iomlán ball foirne, mar choibhéis lánaimseartha, a bhí fostaithe ag deireadh na bliana.

5.b Sochair Ghearrthéarmacha

	2017 €	2016 €
Bunphá	11,439,875	10,660,820
Liúntais	-	747
	11,439,875	10,661,567

5.c Sochair Foirceanta

	2017 €	2016 €
Sochair foirceanta a gearradh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais	137,480	-
	137,480	-

Tabhaíodh costais dlí €9,895 maidir leis an gcomhaontú foirceanta a thabhairt chun críche freisin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

5.d An Príomhphearsanra Bainistíochta

Is é atá i lucht bainistíochta HIQA ná na comhaltaí den Bhord, an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Rialála, an Stiúrthóir um Fhaisnéis agus Caighdeán Sláinte, agus an Príomhoifigeach Oibríochtaí Gníomhach. Is leagtha amach thíos atá luach iomlán na sochar fostaithe a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta:

	2017 €	2016 €
Tuarastal	619,066	719,602
Táillí comhaltaí boird	121,804	128,250
	740,870	847,852

Ní áirítear leis na figiúirí thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá baill den phríomhphearsanra bainistíochta ina mbail de scéim pinsean HIQA agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsean seirbhíse poiblí.

Aisíocadh suim €29,750 (2016, €24,981) le stiúrthóirí feidhmiúcháin HIQA i leith speansais taistil, speansais chothaithe agus speansais eile a thabhaigh siad le linn dóibh a gcuid dualgas a chur i gcrích.

5.e Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh

	2017 €	2016 €
Tuarastal	146,123	143,535
	146,123	143,535

Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de scéim pinsean HIQA agus ní théann a theidlíochtaí thar théarmaí na scéime pinsean seirbhíse poiblí atá i bhfeidhm ag HIQA. Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh sna figiúirí thuas.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

6. Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

	2017 Number	2016 Number
€60,000 - €70,000	74	51
€70,001 - €80,000	33	17
€80,001 - €90,000	11	6
€90,001 - €100,000	2	3
€100,001 - €110,000	3	1
€110,001 - €120,000	0	1
€120,001 - €130,000	0	0
€130,001 - €140,000	2	2
€140,001 - €150,000	2	1

Ba é nialas suim iomlán na ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir a íocadh le linn na bliana (2016, nialas).

Chun críocha an nochtá seo, áirítear iad seo a leanas le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe: tuarastal; liúntais ragoibre; agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo, áfach.

7. Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas ar áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:

	2017 €	2016 €
Fáilteachas Seachtrach	2,928	1,146
Fáilteachas Foirne	2,160	-
Iomlán	5,088	1,146

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

8. Meánlíon Fostaithe

	2017	2016
	€	€
Rialáil	150	140
Measúnú Teicneolaíochta Sláinte	10	9
Faisnéis agus Caighdeán Sláinte	16	14
Baill foirne tacaíochta	32	29
	208	192

Amhail an 31 Nollaig, bhí 213 dhuine fostaithe ag HIQA mar choibhéis lánaimseartha (2016, 196 dhuine).

9. Taisteal agus Cothú

	2017	2016
	€	€
Taisteal intíre		
Comhaltaí Boird	5,546	5,543
Fostaithe	810,146	772,385
Taisteal Idirnáisiúnta		
Comhaltaí Boird	-	-
Fostaithe	13,139	17,996
Seirbhísí gairmiúla seachtracha*	8,647	9,281
	837,478	805,205

Áirítear le speansais taistil agus chothaithe an Bhoird suim €3,557 a íocadh go díreach le comhaltaí Boird sa bhliain 2017 (2016, €3,414). Baineann an tsuim atá fágtha – €1,989 (2016, €2,129) – le hairgead a chaith HIQA ar chóiríocht óstáin thar ceann na gcomhaltaí Boird. I gcás gur chuir HIQA cóiríocht óstáin ar fáil, ní dhearna an comhalta Boird lena mbaineann aon éileamh ar speansais chothaithe.

*Baineann an costas seo le speansais taistil agus chothaithe ar thabhaigh HIQA iad mar chuid den chostas conarthach a bhí ag baint le seirbhísí gairmiúla áirithe a fháil.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

10. Táillí Gairmiúla

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

	2017	2016
	€	€
Comhairleacht		
Comhairle dlí ghinearálta	79,801	30,727
Imscrúduithe agus athbhreithnithe reachtúla	10,298	-
Comhairle airgeadais agus achtúireach	3,014	-
Acmhainní daonna	5,288	8,454
Forbairt caighdeán agus measúnuithe teicneolaíochta sláinte	5,412	6,050
Rialachas agus straitéis	64,190	86,538
Eile	-	14,740
Costais chomhairleachta iomlána	168,003	146,509
Seirbhísí gairmiúla eile		
Seirbhísí gairmiúla TFC	104,827	106,051
Forbairt eagraíochta	113,210	42,270
Acmhainní daonna agus cur chun feidhme párolla	29,962	25,000
Seirbhísí suirbhé agus pobalbhreithe foirne	23,555	-
Seirbhísí éascaithe agus oiliúna	10,220	59,797
Creidiúnuithe seachtracha	9,994	3,229
Seirbhísí tacaíochta pinsin	8,580	13,184
Seirbhísí soláthair	443	12,392
Eile	7,100	17,722
Seirbhísí gairmiúla iomlána	307,891	279,645
Seirbhísí Dlí		
Táillí dlí – imeachtaí dlí*	128,024	78,503
Iomlán	128,024	78,503
Táillí gairmiúla iomlána	603,918	**504,657

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

10. Táillí Gairmiúla (ar lean)

*Tugtar sa tábla sonraí faoin gcaiteachas ar raon imeachtaí dlí le linn na tréimhse tuairiscithe. Áirítear leis dhá dhíospóid le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a éisteadh sa chúirt. Ní áirítear leis caiteachas a tabhaíodh ar an gcomhairle dlí ghinearálta a fuair HIQA. Tá an caiteachas sin ar áireamh sna costais chomhairleachta thuas.

Ba ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais a gearradh na costais chomhairleachta uile a tabhaíodh.

**Athaicmíodh roinnt míreanna caiteachais sa bhliain roimhe ionas go mbeadh siad ag teacht le míreanna atá nochta don bhliain reatha.

11. Costais tacaíochta

	2017	2016
	€	€
Earcaíocht	149,088	*124,821
Oiliúint agus forbairt foirne	153,434	94,964
Táillí ballraíochta agus suibscríbhinní	57,367	71,369
Teileafón	131,748	134,124
Tacaíocht agus soláthairtí TF	1,011,943	508,378
Iniúcháireacht agus cuntasaíocht inmheánach	72,330	78,744
Iniúcháireacht sheachtrach	13,000	11,400
Postas agus páipéarachas	116,317	85,803
Faireachán ar na meáin	9,634	11,453
Cúiréirí	6,031	1,663
Ús prasíocaíochta agus muirir phrasíocaíochta	507	698
CBL - ús agus pionóis	-	12,870
Táillí bainc	2,868	1,434
Iomlán	1,724,267	1,137,721

*Athaicmíodh roinnt míreanna caiteachais sa bhliain roimhe ionas go mbeadh siad ag teacht le míreanna atá nochta don bhliain reatha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

12. Costais Bhunaithe

	2017	2016
	€	€
Cíos	1,170,074	1,238,393
Muirear seirbhíse foirgnimh	94,447	94,703
Árachas	6,349	2,108
Deisiúcháin agus cothabháil	68,745	64,178
Seomraí cruinnithe a fháil ar cíós	16,753	10,277
Imeachtaí agus lónadóireacht do gheallsealbhóirí	62,537	40,743
Solas agus teas	112,361	128,489
Glantachán agus dramhaíl	84,559	75,111
Slándáil	121,646	116,232
Coinneáil agus stóráil taifead	5,863	4,911
Sláinte agus sábháilteacht	8,652	12,877
Iomlán	1,751,986	1,788,022

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

13. Sócmhainní seasta

	Ús léasachta €	Daingneáin agus feistis €	Trealamh ríomhaire €	Iomlán €
Costas nó luacháil				
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2017	2,067,364	635,580	2,793,878	5,496,822
Breiseanna	-	7,676	541,817	549,493
Diúscairtí	-	-	(130,729)	(130,729)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017	2,067,364	643,256	3,204,966	5,915,586
Dímheas carntha				
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2017	782,438	560,198	1,999,829	3,342,465
Muirear dímheasa don tréimhse	109,126	41,143	409,553	559,822
Dímheas carntha ar dhiúscairtí	-	-	(130,715)	(130,715)
Dímheas carntha ag an 31 Nollaig 2017	891,564	601,341	2,278,667	3,771,572
Glanluach leabhar ag 31 Nollaig 2017	1,175,800	41,915	926,299	2,144,014
Glanluach leabhar ag 31 Nollaig 2016	1,284,926	75,382	794,049	2,154,357

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

14. Suimeanna infhaighte

	2017	2016
	€	€
Táillí bliantúla infhaighte	164	57,994
Réamhíocaíochtaí	486,190	455,475
Suimeanna infhaighte éagsúla	169,864	68,494
	656,218	581,963

15. Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2017	2016
	€	€
Suimeanna iníoctha	41,951	87,803
Ioncam réamhíoctha	126,683	20,691
Ioncam réamhíoctha tionscadail	225,210	477,744
Fabhruithe trádála	547,623	530,242
Asbhaintí párolla	450,420	345,443
Fabhrú pá saoire	134,328	155,644
	1,526,215	1,617,567

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

16. Cuntas Caipitil

	2017 €	2016 €
larmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	<u>2,154,357</u>	<u>2,439,293</u>
Gluaiseacht don tréimhse		
Caiteachas ó dheontas caipitil	549,493	719,746
Diúscairtí	(130,729)	(1,224,008)
Suim a amúchadh ar aon dul le dímheas don tréimhse	(559,822)	(510,752)
Costas díscríofa an fheabhsúcháin léasachta ar fhoirceannadh léasa	-	(491,771)
Dímheas carntha ar dhiúscairtí	130,715	1,221,849
larmhéid ag 31 Nollaig	<u>2,144,014</u>	<u>2,154,357</u>

17. Ceangaltais Chaipitil

	2017 €	2016 €
Caiteachas caipitil a ndearnadh conradh ina leith	<u>7,012</u>	<u>156,166</u>
	<u>7,012</u>	<u>156,166</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

18. Ceangaltais Léasachta

Tá 3 áitreabh léasaithe (i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh) á n-áitiú ag HIQA faoi láthair. Is idir an tiarna talún agus Oifig na nOibreacha Poiblí atá an comhaontú léasa do gach áitreabh.

Maidir leis an léas don áitreabh i nGeata na Cathrach, Machain, Corcaigh, chuathas isteach ann sa bhliain 2008 ar feadh téarma 20 bliain agus mí amháin. Is é €370,420 an cíós bliantúil is iníoctha. Mar thoradh ar chomhaontuithe a ndeachthas isteach iontu mar chuid den chlár díláraithe, is í Oifig na nOibreacha Poiblí a íocann an cíós sin agus ní aisghabhtar ó HIQA é.

Maidir leis an léas don áitreabh i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath, chuathas isteach ann sa bhliain 2008 ar feadh téarma 20 bliain. Is é €1,177,560 an cíós bliantúil is iníoctha.

Maidir leis an léas don áitreabh ar Bhóthar Áth Cinn, Gaillimh, chuathas isteach ann an 1 Feabhra 2016 ar feadh téarma 10 mbliana. Is é €13,750 an cíós bliantúil is iníoctha.

19. Leasanna Comhaltaí Boird

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás le haghaidh déileáil le coinbhleachtaí leasa, de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

20. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais seo an 24 Aibreán 2018.

Aguisín 1:

Tuarascáil bhliantúil maidir le nochtadh cosanta

Is é seo an tuarascáil bhliantúil ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte maidir le nochtadh cosanta, mar a cheanglaítear faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Ag gníomhú dó faoi alt 7(2) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a fhorordú mar dhuine cuí chun nochtuithe a fháil maidir le héagóiritheoireachtaí iomchuí i ndáil le gach ní a bhaineann leis na caighdeáin sábháilteachta agus chúraim a sholáthraítear do dhaoine a fhaigheann seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta sna hearnálacha cúram sláinte poiblí agus deonacha agus do dhaoine a fhaigheann seirbhísí cúraim shóisialta san earnáil cúram sláinte phríobháideach, mar a fhoráiltear dó leis an Acht Sláinte 2007. Ní fhéadfar déileáil le haon nochtuithe den sórt sin ach amháin ar bhealach atá ag teacht le ról, cearta reachtúla agus dualgais HIQA.

Sa bhliain 2017, rinneadh 327 mír imní i ndáil leis na seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta a ndéanann HIQA faireachán orthu a chatagóiriú mar mhíreanna imní a fuarthas ó fhostaí de chuid soláthraí seirbhíse. De réir an bheartais atá i bhfeidhm againn, is mar nochtuithe cosanta féideartha a chaitheann HIQA leis na míreanna imní sin. Rinneadh an fhaisnéis sin a thaifeadadh agus a mheasúnú ó thaobh riosca de agus, i ngach cás, úsáideadh í chun bonn eolais a chur faoin idirghabháil is cuí a dhéanfaidh HIQA mar rialálaí seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta agus i gcomhréir leis na dualgais atá air faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

I mí na Samhna 2017, fuarthas gearán gan ainm ar líomhnaíodh go ndearna ball foirne de chuid HIQA é. Láimhseáladh an gearán sin faoin mbeartas inmheánach um nochtadh cosanta agus de réir comhairle dlí a tógadh ar an mbonn go bhféadfadh sé a bheith ina nochtadh cosanta.



Arna foilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil le:

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
Cúirt Sheoirse
Lána Sheoirse
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
D07 E98Y

Teil.: +353 (0) 1 814 7400
Ríomhphost: info@hiqa.ie
URL: www.hiqa.ie

© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2018